


# Tuarascáil Bhliantúil 10/11

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí


[www.cit.ie](http://www.cit.ie)



Clár Cistí Struchtúrtha  
na hÉireann 2007 - 2013  
Comhainithe ag Rialtas na hÉireann  
agus ag an Aontas Eorpach



CISTÍ STRUCHTÚRTHA AN  
AONTAIS EORPAIGH





*Campas Bhaile an Easpaig CIT*




*Ceolscoil Chorcaí CIT*



*Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT*



*Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann*



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

# Tuarascáil Bhliantúil 10/11

[www.cit.ie](http://www.cit.ie)

Is fada agus is oiric í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaire ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution fairsingthe nua seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution mar a bhí i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaire a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920dí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh diplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteacht Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960dí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí i bhfoirgníocht ón Institiúid a bhí plódaithe go dtí an Scoil Fhoirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar an Scoil Fhoirgníochta agus Innealtóireachta Leictreí a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh, T.D. an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na hInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 athainmníodh an Coláiste mar "Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí" ag Micheál Martin, T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoir i Rinn an Scidígh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é an NMCI atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh thrádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistiú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQUA) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligean d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh

údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligean le comhaontú NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Cuireadh críoch le agus áitíodh sraith d'fhoirgnimh d'ardchaighdeán a bhuaigh duais, mar atá, Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós, le linn na tréimhse 2005 – 2007. Chuir siad go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraithe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, chun teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta seo don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharáid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d'ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Príobháideach. Thug an Comhpháirtí Poiblí Príobháideach, Hochtief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreachtaí na nInstitiúidí ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na nInstitiúidí [www.cit.ie](http://www.cit.ie) a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal bhreise a raibh mar chuspóir leo seirbhísí thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na nInstitiúidí. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne ([gateway.cit.ie](http://gateway.cit.ie)) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn ([www.mycit.com](http://www.mycit.com)) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990idí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Dánlann Chaisleán na Carraige Duibhe idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronntóir príobháideach. I Samhain 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Dánlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960idí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpaig a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as na SA chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuímh agus an Fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht phrintíseachta ar champas Bhaile an Easpaig dá cuid. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'Institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun

an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus an Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad NIMBUS le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad fhoirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistiú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtirí, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú i gcrích go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fhochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Le bliana beaga, tá Conarthaí sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun comhoibriú a dhéanamh ar chláir acadúla agus taighde. Tá naisc láidre déanta ag an Institiúid go háirithe le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin agus le hOllscoil Pune san India.

## Misean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluachanna na hInstitiúide.

### Ráiteas Misin

**Oideachas mac léinn-láraithe a chur ar fáil a bheidh dírithe ar ghairmeacha ar mhaithe le forbairt phearsanta, intleachtúil agus ghairmiúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí go hiomlán.**

### Croíluachanna

Is institiúid teagaisc, foghlama agus taighde d'ardchaighdeán agus d'fhoirfeacht í CIT a chuireann rochtain chuimsitheach ar oideachas ar fáil do mhic léinn a bhfuil éagsúlacht inniúlachtaí, riachtanais agus taithí acu thar raon leathan disciplíní agus leibhéal dámhachtana.

Tá CIT tiomanta dá ról sa tsochaí agus mar sin cinnteoidh sí go ndéanfaidh an Institiúid, a cuid foirne, mac léinn agus céimithe cion bríoch don saol acadúil, eacnamaíoch, tionsclaíoch, sóisialta agus cultúrtha go réigiúnda, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Déanfaidh CIT buanna mhic léinn na hInstitiúide a fhorbairt agus a chothú i dtimpeallacht thacúil. Cuirfidh an Institiúid oideachas ar fáil dá cuid mac léinn a thagann lena n-ionchas agus a dhéanann freastal ar a riachtanais ina ngairmeacha agus mar bhaill den tsochaí.

Leanfaidh CIT de bheith ag forbairt trí chultúr rialachais, bainistíochta agus eagraíochta na comhpháirtíochta, na comhchomhairle agus an chomhoibrithe.

### Fís Straitéiseach

**Beidh CIT ina soláthraí den chéad scoth d'oideachas gairmdhírthe a chuireann fáilte roimh an éagsúlacht agus an nuálaíocht.**

Cuireann an fhís straitéiseach fíis na hInstitiúide don rath in iúl. Beidh cur i ngníomh na fíise sin le feiceáil i ndea-bhail eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta a réigiúin agus a pobal. Beidh Institiúid dá sórt forásach, solúbtha agus nuálach freisin ina pleanáil agus ina mothálacht do riachtanais an mhic léinn, agus í ag tógáil ar na láidreachtaí atá aici.

*Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2005 – 2010 a mbaineann ábharthacht leis i gcónaí don bhliain acadúil seo 2010/2011.*





*Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*  
**Cork Institute of Technology**



# clár na nábhar

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

<b>1.</b>	<b>Réamhrá</b>	
1.1	Ráiteas ón gCathaoirleach	12
1.2	Ráiteas ón Uachtarán	13
1.3	Ráiteas maidir le Comhionannas	16
1.4	Gaeilge & Cultúr	17
1.5	Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	18
1.6	Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	20
1.7	Forbairt Saoráidí Spóirt	25
<b>2.</b>	<b>Rialachas</b>	
2.1	Ballraíocht an Bhord Rialaithe	28
2.2	Cruinnithe an Bhord Rialaithe	29
2.3	Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	30
2.4	Foireann Shinsearach na hInstitiúide	31
<b>3.</b>	<b>Gnóthaí Acadúla &amp; Mac Léinn</b>	
3.1	Ballraíocht na Comhairle Acadúla	35
3.2	Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	37
3.3	Coistí na Comhairle Acadúla	38
3.4	Forbairt Acadúil	39
3.5	Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha	40
3.6	Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha	44
3.7	Údaráis Bhailíochtaithe	47
3.8	Scrúdaitheoirí Seachtracha	51
3.9	Staitisticí Mac Léinn	57
3.10	Duaiseanna Mac Léinn	62
3.11	Bunú Ról Ombudsman na Mac Léinn	66
<b>4.</b>	<b>Taighde &amp; Forbairt</b>	
4.1	Gníomhaíochtaí Forbartha	68
4.2	Gníomhaíochtaí Taighde	71
4.3	Naisc Fhorbartha Sheachtracha	75
4.4	Forbairt Campais	77
4.5	Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí	79
<b>5.</b>	<b>Acmhainní Daonna</b>	
5.1	Tuairisc ar Acmhainní Daonna	81
5.2	Líon na Foirne	82
5.3	Éachtaí na Foirne	84
<b>6.</b>	<b>Tuarascáil Airgeadais</b>	
6.1	Tuarascáil Airgeadais	88
6.2	Cuntais Iniúchta	89
<b>7.</b>	<b>Faisnéis Eile</b>	
7.1	Nuacht & Imeachtaí	110
7.2	Cumann na gCéimithe	114
7.3	Pointí Teagmhála	115



*Lárionad NIMBUS do Thaighde*

# 1. Réamhrá

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

## 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach

**An Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach, ó 13 Márta 2006 go 13 Márta 2011**  
**Bob Savage Uas., Cathaoirleach, 29 Iúil 2011 go dáta**



Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain 2010/2011 a chur i láthair. Leanann CIT de bheith ag iarraidh a misean a chomhlíonadh. Is é sin an t-oidéachas mac léinnláraithe is fearr sa tír a chur ar fáil ar mhaithe leis na mic léinn agus chun leasa don tsochaí ina hiomláine.

Mar thacaíocht lena hiarratas ar stádas ollscoile, lean CIT le linn na bliana seo dul i ngleic go gníomhach leis an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas a foilsíodh in Eanáir 2011.

Don dara huair i dtréimhse cúig bliana, d'ainmnigh an "Sunday Times" an Institiúid mar Institiúid Teicneolaíochta na Bliana. Glacaim mo bhuíochas leis an bhfoireann as an obair dhian, an tiomantas agus as an bfoinn atá orthu réiteach le comhshaol a bhíonn ag síorathrú, rud a ligeann don Institiúid leanúint de bheith ag fás agus ag forbairt. Is suntasaí fós an éacht sin i bhfianaise na ndúshlán airgeadais agus eile a bhí roimh an Institiúid agus roimh an earnáil agus an tír ina hiomláine le déanaí.

Tharla forbairt ar Phlean Straitéiseach 2012 go 2016 na hInstitiúide le linn na bliana. Tá mar aidhm ag an bPlean sin an Institiúid a bheith ina lárionad barr feabhais ag a mbeidh aitheantas idirnáisiúnta as oidéachas gairmdhírthe a sholáthar.

Cuireadh i gcónaí lenár gcáil i gcúrsaí nuálaíochta agus taighde agus bronnadh suimeanna suntasacha airgeadais taighde ar an Institiúid. D'oscail An Taoiseach Brian Cowan, T.D. síneadh le Lárionad Rubicon i nDeireadh Fómhair 2010, rud a d'ardaigh an lorg goir iomlán in CIT go breis is 3,000m<sup>2</sup>. Cuireadh tús leis an obair phleanála agus taighde maidir leis an bhfoirgneamh don tsaoráid le haghaidh Taighde Bitheolaíochta atá á maoiniú ag PRTLIV.

San imshaol dúshlánach eacnamaíochta leanúnach, le linn na bliana d'éirigh le CIT a cuid spriocanna airgeadais agus rialachais a bhaint amach, agus oidéachas den scoth á sheachadadh aici do líon méadaithe mac léinn.

Léiríonn rath leanúnach na mac léinn in iomaíocht sheachtrach ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta cáilíocht an teagaisc, na foghlama, na nuálaíochta agus an taighde laistigh den Institiúid agus is mór an chreidiúint don fhoireann acadúil é sin.

Sa deireadh, ba mhian liom buíochas a ghlacadh le baill an Bhord Rialaithe, leis an Uachtarán, an Dr Brendan Murphy, leis an mBainistíocht agus leis an bhFoireann ag CIT as a dtiomantas agus a gcuid crua-oibre le linn 2010/2011.

Cuirim gach dea-ghuí in iúl do Chathaoirleach nua CIT dá théarma cúig bliana. Is dúshlánach í an uair atá romhainn ach is ábhar sólais dom go gcuideoidh an Bhainistíocht agus an Fhoireann Thiomanta ag CIT leis sa ról úr atá aige.

**An Dr Paddy Caffrey**  
**Cathaoirleach**



Is mian liom aitheantas agus buíochas a thabhairt dár n-iar-Chathaoirleach ar an mBord Stiúrtha, an Dr Paddy Caffrey, as a cheannaireacht, a thiomantas agus as an gcion suntasach a thug sé d'fhorbairt Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i gcaitheamh na gcúig bliana seo caite. Táim ag súil le tógáil ar chion Paddy le linn na gcúig bliana seo romhainn.

**Bob Savage Uas.**  
**Cathaoirleach**

## 1.2 Ráiteas ón Uachtarán



Is í seo an seachtú bliain dom bheith san oifig agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas mar Uachtarán:

### A. Foirgnimh agus Eastáit

D'oscail an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., Lárionad Nimbus Timthriall 4 PRTL do Thaighde ar Chórais Leabaithe ar 20 Meán Fómhair. Ar 18 Deireadh Fómhair rinneadh den Institiúid an chéad Institiúid Ardoideachais a raibh saoráid do Phointe Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ar fáil inti ag Campas Bhaile an Easpaig.

### B. Gnóthaí Acadúla

Ar 17 Meán Fómhair 2010, d'ainmnigh an Sunday Times an Institiúid mar Institiúid Teicneolaíochta na Bliana do 2010. Síníodh Meabhrán Tuisceana (MT) chun comhoibriú a chur chun cinn idir CIT agus Institiúid Teicneolaíochta Vishwakarma (VIT) ar 20 Meán Fómhair. Tharla Comhdháil an Mhapa Bóthair – Comhpháirtíocht Acadúil (REAP) a bhí á stiúradh ag an Institiúid dar teideal "Higher Education Institutions and External Engagement – Partnerships for Progress" ar 23 Meán Fómhair 2010 agus í á hoscailt ag an Aire d'Oideachas ar Feadh an tSaoil agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, Seán Haughey, T.D. Bhí Searmanas Duaiseanna Cheolscoil Chorcaí CIT ar siúl ar 23 Meán Fómhair. Rinneadh Litir Fhorlíontach don Mheabhrán Tuisceana idir an Institiúid agus Ollscoil Pune a shíniú i láthair Ambasadóir na hIndia chun na hÉireann, P S Raghavan Uas. agus an tAire Trádála agus Tráchtála, Billy Kelleher, T.D. Bhronn an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., Duaiseanna Eorpacha do Choigilteas Fuinnimh (EESA) ar na buaiteoirí ag searmanas san Institiúid ar 4 Deireadh Fómhair.

Síníodh Meabhrán Tuisceana idir an Institiúid agus Institiúid lascaigh agus Mara de chuid Memorial University, Talamh an Éisc ar 6 Deireadh Fómhair. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí ar siúl ar 28 Deireadh Fómhair agus fuair 1,216 réamhchémí a gcuid pár. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile na Dáimhe Innealtóireachta & Eolaíochta agus Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar siúl ar 29 Deireadh Fómhair agus fuair 1,265 réamhchémí a gcuid pár. Bhronn iar-Uachtarán na hÉireann, Mary Robinson Uas. Duais Fochéime na hÉireann agus Tuaisceart Éireann Bonn William Butler Yeats (Céad Áit – Eolaíochtaí Innealtóireachta agus Meicniúla) ar 1 Samhain. Síníodh Meabhrán Tuisceana idir an Institiúid, UCC agus HETAC ar 1 Samhain roimh an mBronnadh ar an gcéad chohórt mac léinn le Comhdámhachtain na Céime Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Ailtireacht. Bhí Bronnadh Céime agus Dámhachtainí Eile Cheolscoil Chorcaí CIT ar siúl ar 1 Samhain agus fuair 36 réamhchémí a gcuid pár.

Ar 25 Samhain shínigh an BSL, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus CIT Meabhrán Tuisceana faoina rachaidh 200 printíseach leictreach ar aghaidh trí chéim innealtóireachta tríú leibhéal. Rinne an Institiúid Ócáid Erasmus Thematic Conference and Valorisation a óstáil ag Campas Bhaile an Easpaig ar 9 Nollaig. Fuair 74 mac léinn a ghlac páirt ar chláir Gníomhachtaithe an Mhargadh Saothair ag an Institiúid a gcuid pár ag Searmanas Speisialta Dámhachtana ar 17 Feabhra. Bronnadh céimeanna agus Ardeastais ar 83 mac léinn ar fad ag bronnadh de chuid Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 17 Feabhra. Thug toscaireacht ó Chomhairle Oiliúna Teicniúla agus Gairme, An Araib Shádach, cuairt ar an Institiúid ar 21 Feabhra. Ghnóthaigh na mic léinn in Innealtóireacht Mheicniúil, Mark Quigley agus Pádraig Herbert an chéad áit fochéime agus an dara háit ar fad ag comórtais an 23ú Annual International Medical Engineering Project in Westminster, Londain ar 23 Feabhra.

Cuireadh tús san Institiúid leis an gcéad chúrsa TRAINENERGY atá á mhaoiniú ag Intelligent Energy Europe a bhfuil baint ag comhpháirtithe leis as Éirinn, An RA, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Spáinn agus An Danmhairg ar 3 Márta. Ba iad léachtóirí CIT, William Bateman, Fergus Delany agus Brian Quin a rinne na hábhair oiliúna a chur ar fáil sular aistríodh iad isteach i dteangacha na gcomhpháirtithe eile chun iad a úsáid le hoiliúint a chur ar 300 lucht ceirde sna tíortha comhpháirtíochta. D'óstaigh an Institiúid cuairt ó Choláistí Ontario, comhlacht Ceanadach a dhéanann ionadaíocht do 24 Coláiste Ealaíon agus Teicneolaíochta Feidhmí ar 6 agus 7 Aibreán. Thairg an Institiúid dhá chúrsa saor in aisce do phrintísigh dhífhostaithe le linn Aibreáin. Réachtáladh an cúrsa Teastais 12 seachtain i Scileanna Ceirde Inaistrithe agus an Cúrsa Athnuachana 4 seachtain do phrintísigh Pas 4 i gcomhar le Dáimh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta. Thug toscaireacht ó Polytech Paris-Sud cuairt ar an Institiúid ar 9 Bealtaine. Sheol Ruairí Quinn, T.D., Aire Oideachais agus Scileanna na Cláir Néalríomhaireachta de chuid CIT/EMC Leibhéal 8 agus Leibhéal

9 ar 31 Bealtaine. Fuair 51 mac léinn a gcuid pár ag an mBronnadh Bliantúil Céimeanna agus Arrdteastas a bhí ar siúl ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 16 Meitheamh. Síníodh an Comhaontú Forbartha i gComhar idir an Institiúid agus United Technologies Research Centre Éire (UTRC) ar 24 Lúnasa. Tá an comhfhiontar forbartha chun an trealamh a shuiteáil is gá chun leaba tástála d'Fhoirgneamh Náisiúnta Fuinnimh Inbhuanaithe a chruthú le haghaidh taighde ar chumhacht agus fhuinneamh ag Lárionad NIMBUS. Síníodh comhaontú idir an Institiúid agus Institiúid Fisice Mhoscú & Cuideachta Teicneolaíochta Veicteora Raidió ar 26 Lúnasa.

### C. Gnóthaí Straitéiseacha

Forbraíodh go críoch Plean Straitéiseach CIT 2012 go 2016 atá ag fanacht anois le faomhadh an Bhord Stiúrtha. Tá mar aidhm ag an bPlean Straitéiseach seo CIT a bheith ina lárionad barr feabhais i soláthar an oideachais ghairmdhírthe agus í aitheanta go hidirnáisiúnta.

Chun an fhís sin a chur i gcrích, is gá foghlaimoírí a fhorbairt ar smaointeoírí solúbtha iad a bhfuil an chruthaitheacht agus an nuálaíocht ar a gcumas acu agus é mar sprioc faoin uair a fhágfaidh siad CIT go mbeidh ag ár gcéimithe cheana féin na cáilíochtaí agus an cumas is gá le go mbeidh siad ina ndaoine gairmiúla agus ina gcleachtóirí sna réimsí a roghnóidh siad.

Tá sé i gceist go mbeidh CIT ina heiseamláir idirnáisiúnta den dea-chleachtas in oideachas gairmiúil. Rachaidh CIT sa tóir ar an sprioc sin a bhaint amach trí ghlacadh go leanúnach leis an dea-chleachtas i dteagasc, foghlaim agus taighde.

Leanfaidh CIT de bheith ina ceannaire náisiúnta agus idirnáisiúnta agus í ag dul leis an bhfiontraíocht agus leis an gcleachtas agus campas an oideachais á shíneadh isteach san ionad oibre agus sa phobal mór.

Tá an tsofhreagracht i gceartlár ár misin agus dá bhrí sin is gníomhaíocht ríthábhachtach iad do CIT an síneadh éifeachtach campais agus an dul i ngleic. Is é atá uainn comhéadan gairmiúil a fhorbairt a bheidh ag féachaint amach trínar féidir le pobail, eagraíochtaí agus fiontair sheachtracha idirghníomhú le CIT. Trí na hidirghníomhuithe sin agus trí chomhpháirtíochtaí cinnteimid go leanfaimid orainn ag freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.

### D. Foireann

Ghlac an Dr Eamonn Cashell le hainmniúchán do Chathaoirleach an Choiste de chuid Coiste na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Fisiceacha don tréimhse 2010-2014. Chuir Vera Ryan Uas., Léachtóir Sinsearach i Roinn na Míneolaíochtaí agus Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT críoch leis an tríú leabhar dá cuid sa tsraith "Movers and Shapers". Sheol Mary Hanafin, T.D. an leabhar "Movers and Shapers 3: Conversations in the Art World" ar 25 Eanáir in Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath. Chuaigh an Dr Margaret Linehan i mbun dualgais mar Cheann Scoil na nDaonnachtaí, Don Crowley Uas. mar Cheann Roinne Oideachais Leantaigh agus an Dr Hugh McGlynn mar Cheann na Scoile Eolaíochta & Faisnéisíochta ar 4 Feabhra. Chuaigh an Dr Siobhán O'Sullivan i mbun dualgais mar Bhainisteoir Forbartha Curaclaim do Ed4life (Clár Struchtúrtha PhD sna hEolaíochtaí Beatha) ar 1 Márta. Chuaigh an Dr Brendan O'Connell i mbun dualgais mar Cheann na Roinne Bitheolaíochta ar 4 Márta. Chuaigh an Dan Collins i mbun dualgais mar Bhainisteoir ar Riarachán Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn ar 21 Márta. Ghlac an Dr Helen O'Shea, Léachtóir, Roinn na mBitheolaíochtaí ó cuireadh ó Institiúid Náisiúnta Vireolaíochta, Ollscoil Pune, India gníomhú mar Réiteoir Seachtrach chun tráchtas PhD duine dá gcuid mac léinn a scrúdú. Fuair Michael Walsh Uas., Léachtóir Sinsearach, Roinn Bainistíochta & Margaíochta, Gradam Saoil ó Institiúid Margaíochta na hÉireann as a thiomantas leanúnach agus a chion do réimse na Margaíochta.

Sheol an fiontar Accelerating Campus Entrepreneurship (Fiontraíocht Luathaithe Campais) foilseachán nua d'oideachas fiontraíochta san earnáil tríú leibhéal; dar teideal "Irish Case Studies in Entrepreneurship" agus léiríonn sé cás-staidéir a rinne baill foirne sa Scoil Ghnó, Rose Leahy Uas., Nollaig O'Sullivan Uas., Aisling Conway Uas. agus Michael Walsh Uas. Chuaigh an Irene Sheridan i mbun dualgais mar Cheann an Lárionaid Leathnaithe Campais ar 3 Meitheamh.

### E. Ealaíona, Cultúr agus Spórt

Comhgháirdeas agus moladh mór d'iarmhíic léinn agus do mhíic léinn reatha na hInstitiúide a ghlac páirt ar Phainéal buach Peil Shinsearach Uile-Éireann Chorcaí ar 19 Meán Fómhair 2010. Bhí an "Oíche Chultúir" ar siúl ar 24 Meán Fómhair 2010 agus d'óstaigh an Institiúid sraith taispeántas, léachtaí, ceardlanna agus comhoibríthe amharcealaíne/ceoil ag Campas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, Dánlann Ché Wandesford CIT, Ceolscoil Chorcaí CIT, Lárionad Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus Réadlann na Carraige Duibhe CIT. Thug Cumann na gCéimithe CIT onóir do Vivienne Roche Uas., Gerard O'Mahoney Uas. agus Bob Savage Uas. ag ócáid ar 7 Deireadh Fómhair 2010. Bhuaigh foireann Trastíre na hInstitiúide rás na Nóibhíseach do Chontae Chorcaí ar 10 Deireadh Fómhair 2010. Bhuaigh Foireann Shinsearach Hacaí na bhFear, Craobh Idir-Ollscoileanna Hacaí ar 26 Deireadh Fómhair. Reáchtáil an Institiúid den chéad uair Dornálaíocht Idir-Ollscoileanna na Nóibhíseach ag Campas Bhaile an Easpaig ó 12-14 Samhain.

Bhí Sparánachtaí Spóirt Bliantúla na hInstitiúide ar siúl ar 23 Samhain agus bronnadh 89 sparánacht ina iomláine ar lúthchleasaithe ó chineálacha éagsúla spóirt. Rinne an Institiúid an bhaint atá aici leis an Ealaín chomhaimseartha Shíneach a cheiliúradh le dhá thaispeántas ar 18 Eanáir a léiríonn saothar roinnt ealaíontóirí atá bunaithe in Shanghai chomh maith le saothar an ealaíontóra Xuewu Zheng atá bunaithe in Beijing. Ghnóthaigh peileadóirí na hInstitiúide craobh peile Roinn 1 i Sraithchomórtas na Chéad Bhliana ar 26 Eanáir nuair a fuair siad an bua ar Ollscoil Uladh. Ghlac suas le 400 leanbh scoile páirt i gCraobhacha Trastíre



Scoileanna na Mhuman Theas ag Campas Bhaile an Easpaig ar 27 Eanáir. D'óstaigh an Institiúid Ilchomórtas Idir-Ollscoileanna Sacar na mBan ag Campas Bhaile an Easpaig ó 10 go 12 Márta. Rinne Ceolscoil Chorcaí CIT Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh le "Tráthnóna le Buaiteoir Gradam TG4" Seán McKiernan agus cairde ar 16 Márta. Tionóladh sraith ceolchoirmeacha saor in aisce ag Ceolscoil Chorcaí CIT in onóir do Lá Náisiúnta an Cheoil. Ag an deireadh seachtaine 30 Aibreán tháinig Foireann Lúthchleasaithe na bhFear CIT sa 4ú háit sa Chéad Roinn agus Foireann na mBan sa 2ú háit sa Dara Roinn de Chraobhacha Raoin agus Faiche Ollscoileanna na hÉireann. Bhí Duaiseanna Spóirt na hInstitiúide ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 4 Bealtaine. Rinneadh cúig fhoireann a onóru agus bronnadh naoi ngradam ar leith an tráthnóna sin. Ba í Juliet Murphy, iarmhac léinn CIT agus sealbhóir cúig bhonn Uile-Éireann le Peileadóirí Ban Chorcaí, an t-aoichainteoir.

Bhí taispeántas dar teideal "Poetics of the Handmade", gloine chomhaimseartha, ón tSín ar siúl i nDánlann Ché Wandesford ó 6 go 27 Bealtaine agus taispeánadh saothar Xiaowi Zhuang, Ollamh le Gloine ag an gColáiste Mínealaíon de chuid Ollscoil Shanghai. Bhí Searmanas Cuimhneacháin ar John Philip Holland ar siúl i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 7 Bealtaine. Sheol Jimmy Deenihan, T.D., Aire Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta Taispeántas Céime Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT 2010 ar 17 Meitheamh.

## F. Nuálaíocht agus Taighde

Bhí Taispeántais Tionsclaíoch dar teideal "CIT – Your First Class Innovation Partner" ar siúl ar 21 Meán Fómhair i Lárionad NIMBUS. Fuair an Lárionad d'Ard-Chórais Déantúsaíochta (CAMMS) maoiniú mar chuid den chlár Soghluaisteachta Leonardo Da Vinci chun rannpháirtithe oiriúnacha a oiliúint i dTeicneolaíocht na Tithíochta Éighníomhaí agus Fuinnimh Inbhuanaithe agus úsáid á baint as tógáil adhmaid". Sheol Batt O'Keeffe, T.D., Aire Fiontar, Trádála & Nuálaíochta "SEFtec NMCI Offshore" ar 17 Nollaig. Bhí seachtain na nuálaíochta ar siúl ag an Institiúid chun gníomhaíochtaí agus éachtaí CIT a cheiliúradh agus a chur ar taispeántas i réimsí na Fiontraíochta agus na Nuálaíochta agus cuimsithe inti bhí Duais CIT don Nuálaíocht chomh maith le seimineáir, ceardlanna agus imeachtaí eile d'fhiontraithe ionchasacha. Bronnadh comhordú i gcomhar ar Institiúid Náisiúnta Tyndall, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí ar chlár ardteicneolaíochta oiliúna iarchéime AE. Seoladh an clár €4.8m "Taighde larchéime ar an bhFótónaic mar Theicneolaíocht Chumasaithe (PROPHET)" ar 10 Márta agus 15 comhpháirtí acadúil agus tionscail Eorpach ann. Fuair Lárionad CAPPa maoiniú de thart ar €400k ó Choimisiún na hEorpa chun tacú le FBM (SME) na hÉireann. Bhí Searmanas Taispeántais & Duaiseanna Genesis ar siúl ar 28 Márta. Mar chuid de sheachtain dheiridh na Fiontraíochta sna hAmharc-Ealaíona agus Taibhiúcháin thug Fiontraí Cónaitheach na hInstitiúide caint ar "Becoming an Entrepreneur" ar 7 Aibreán.

Bhí an 25ú Taispeántas Bliantúil Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bithleighe Chorcaí ar siúl ar 14 Aibreán. Ba é téama an taispeántais 2011 ná "Innealtóireacht Bhitheleighe – Innealtóir na Todhchaí ag Cuidiú leis an gCine Daonna" agus bhí breis agus 180 tionscadal ann agus John Power Uas., Stiúrthóir Innealtóirí Éireann mar an aoichainteoir. D'fhógair an Institiúid pleananna le haghaidh Radaiteileascóp Domhan-Spáis ag Talamhtheirmineíl Bhaile an Eileafortaigh, Mainistir na Corann i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta Spáis ar 9 Bealtaine. Fuair an Institiúid maoiniú de bhreis is €1m chun 18 clár a réachtáil faoi Thionscnamh Springboard. Thug Seán Sherlock, T.D., Aire Stáit le sainchúram Taighde & Nuálaíochta cuairt ar Lárionad Rubicon agus ar Lárionad NIMBUS ar 26 Bealtaine. Thug an tOllamh Frederick A Murphy, Brainse Leighis Ollscoil Texas agus víreolaí a bhfuil clú domhanda air cuairt ar an Institiúid ar 20 Meitheamh. Fuair an Institiúid maoiniú de €4.3m faoin gclár ÚAO PRTL1 Timthriall 5.

## G. An Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas

Seoladh an Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas in Éirinn go dtí 2030 in Eanáir 2011. Tharla an seoladh i ndiaidh tréimhse comhairliúcháin agus díospóireachta chomh maith le tús a chur leis an bpróiseas cur i bhfeidhm agus bunú grúpa stiúrtha cur i bhfeidhm.

Shainnigh an Straitéis Náisiúnta ceithre réimse leathana le haghaidh fhorbairt straitéiseach an Ard-Oideachais in Éirinn, is é sin le rá, rannpháirtíocht a mhéadú, teagasc agus foghlaim agus eispéaras an mhic léinn a fheabhsú, nuálaíocht taighde agus aistriú eolais a fhorbairt chomh maith le rannpháirtíocht le fiontar agus leis an tsochaí mhór a fheabhsú. Tá spriocanna straitéiseacha CIT ailínithe go huile leis na spriocanna náisiúnta seo agus sa mhéid sin tá mar aidhm againn ról tábhachtach a imirt i bhforbairt córas ardoideachais in Éirinn a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sna blianta atá romhainn.

Ó thaobh CIT de, tá áthas orainn go ndéanann an Straitéis Náisiúnta soláthar don fhís atá againn earnáil Ollscolaíochta Teicneolaíochta a fhorbairt in Éirinn. Táthar ag súil go ndéanfar na critéir agus an próiseas d'ainmniúchán Ollscoile Teicneolaíche a fhoilsiú go luath in 2012. Sinne in CIT leanaimid den obair go gníomhach i dtreo na sprice atá againn, i gcomhar le hInstitiúidí comhpháirtíochta oiriúnacha, chun Ollscoil Teicneolaíochta fhorásach agus fiontraíoch a fhoirmiú a mbainfidh tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta léi i réigiún na Mumhan.

**An Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

### 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

Is fostóir deiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas comhionannais laistigh den Institiúid.

## 1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

## 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre príomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí  
 Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CIT CCAD) atá suite i gCathair Chorcaí  
 Ceolscoil Chorcaí (CIT CSM) atá suite i gCathair Chorcaí  
 Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

### Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas a bhfuil achar 35 heicteár ann suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Gnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin agus an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, Leas-Uachtaráin d'Fhorbairt agus an Leas-Uachtaráin do Chúrsaí Airgeadais & Riaracháin.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS suite ar an gcampas seo freisin.

### Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CIT CCAD)

Is foirgneamh liostaithe é Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT atá ann ó go luath sna 1900idí i Sráid Sharman Crawford agus cuimsíonn sé na ranna Mínealaín & Dearadh Ceirmeach, Oideachas Ealaíne & Dearaidh agus Teiripe Ealaíne & Amharc-Oideachas Leantach. Is cuid de CIT CCAD freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.

### Ceolscoil Chorcaí CIT (CIT CSM)

Téann stair CIT CSM siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Sreinge, Gaothuirilísí, Cnaguirlísí, Staidéar Gutha & Drámaíochta agus Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil.

### Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI):

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingear tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (INS). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.



## 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta a fheidhmíonn laistigh den Institiúid

### 1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD)

Trí bhithin RCCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad dearscnaitheachta i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCCD lárionad dearscnaitheachta ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún san eolaíocht rud a chothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 25,000 cuairteoir cuairt ar RCCD in aghaidh na bliana.

### 2. Lárionad NIMBUS do Thaighde i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrsciothach a tógadh le sainchuspóir é Lárionad NIMBUS de 1,800m<sup>2</sup> arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Cuimsíonn NIMBUS an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionscail le Rubicon agus cuireann "siopa aon stad" ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad Rubicon deis ar fáil do thionscal úsáid a bhaint as saotharlanna tionscail agus teacht ar chláir thacaíochta. Beidh foireann de 80 idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime lonnaithe ann nuair a bheidh sé lán.

### 3. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tosaithe eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirsí Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m<sup>2</sup>. Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhiú agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

### 4. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéise

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéise ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar Thionscadail an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT An tOideachas san Fostaíocht (Timthriall 1) agus Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná naoi nInstitiúid Teicneolaíochta agus dhá Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear Aistriú Eolais sa Churaclam atá á threorú ag WIT, an Tionscadal Foghlama Solúbtha atá á threorú ag IOTI agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú.

*Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla:*

#### 1. An tAonad Teagaisc & Foghlama (TLU)

Cuireadh an tAonad Teagaisc & Foghlama ar bun i Meán Fómhair 2008. Tá an tAonad freagrach as bainistiú, éascú agus monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí seo a leanas laistigh de CIT:

- Timpeallacht Éifeachtach Foghlama a fhorbairt;
- Straitéisí Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe a fhorbairt;
- Teagasc agus Foghlaim le cabhair na Teicneolaíochta (TLT) a fhorbairt;
- Dearsnaitheacht agus Nuálaíocht i dTeagasc agus i bhFoghlaim a chur chun cinn;
- Taighde sna réimsí Teagasc, Foghlaim agus Measúnú;
- Tacú le Dearadh agus Forbairt Clár agus Curaclam.

Tagann baill an TLU as gach Dámh laistigh den Institiúid agus tugann baill bhreise dá gcuid saineolais sna réimsí r-fhoghlaim agus teagasc le cabhair na teicneolaíochta.



Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta:

### 1. An Grúpa Straitéiseach Bith-Fhionnachtana (Bio-Explore)

Is é atá sa Ghrúpa Straitéiseach Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, Cheimic, Fhisic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Aslonnóidh taighdeoirí Bith-Fhionnachtana go dtí foirgneamh nua in 2013. Cuirfidh an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil do thionscal agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn Bio-Explore:

- MEDIC – an Lárionad d'Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtálaithe gach bliain. Dhá sprioc ardleibhéil atá ag MEDIC, cur le hacmhainn Taighde Bithleighis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí agus le táirgí leighis a bhfuil acmhainn tráchtála iontu. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischuideachtaí campais). Díreoidh MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amháil ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar an siúl chun táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fhisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Teiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnámhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaictéireacha;
- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimicróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine;
- Taighde ar Bhithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíochta;
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt;
- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghniómhaithe – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící mais-speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fíorasaithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

### 2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí agus le Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach do thionscal agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na hInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta do Thaighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leantach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

### 3. An Lárionad d'Anailís Dromchla & Comhéadain (CSIA)

Tá an Lárionad d'Anailís Dromchla & Comhéadain (CSIA) bunaithe i Roinn na Fisce Feidhmí agus na hIonstraimíochta, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Forbraíodh an Lárionad seo le cistiú rialtais agus Aontais Eorpaigh, mar shainsaoráid d'anailís dromchla agus cláréadain ábhar. Cuireann an Lárionad an raon seirbhísí seo a leanas ar fáil ar bhonn tráchtála:

- Seirbhísí Anailíseacha: seirbhís tráchtála anailíse dromchla atá dírithe ar úsáideoirí tionscail agus úsáideoirí eile, a bhfuil i gceist léi iompú thart tapa i réiteach fadhbanna a bhaineann le dearbhú cáilíochta, aimsiú saincheisteanna próisis agus táirgeachta eile;
- T & F Conartha: T & F réamhiomaíoch agus iomaíoch trí bheith rannpháirteach ar bhonn comhpháirtíochta i dtionscadail a eascraíonn ó laistigh de thionscal;
- Oideachas agus Oiliúint: cúrsaí gearra a chur ar fáil ar theicneolaíochtaí anailíseacha agus ar thopaicí gaolmhara;
- Comhairliúchán: rochtain ar shainchomhairle a chur ar fáil, bíodh sí sin trí shaineolas inti nó trí bhunachair sonraí agus líonra de chonarthaí seachtracha;
- Baintear leas as teicneolaíochtaí amháil speictreascópacht leictreoin Auger (AES), speictreascópacht fhótaleictreoin X-gha (XPS) agus scannadh micreascópachta leictreoin (SEM) chun anailís a dhéanamh.

### 4. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAEC)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006. Agus Comhairle Chathair Chorcaí agus gairm na hailtíreachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is frontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thras-institiúideach.

Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

## 5. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ag Campas Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choisctheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar a tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad dearscnaitheach dá leithéid, is ag nó i gcomhar le rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadbhreathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionscail.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt do thionscal, don Rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrún táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscthigh, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go “táirgeacht inbhuanaithe” a bhfuil san áireamh inti gnéithe amháil freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad dearscnaitheacha i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann chun cinn an táirgeacht níos glaine agus na cuir chuige choisctheacha le haghaidh chosaint an chomhshaoil in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí earnálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíoch. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 250 cuideachta ag CTC. Ar na cliant eile tá údarás áitiúla, áisínteachtaí náisiúnta, Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúrtóireachtaí Ginearálta de chuid Choimisiún na hEorpa. Chuir CTC 120 tionscadal taighde ar an gcomhshaoil i ngníomh le breis agus 100 comhpháirtí as breis is 30 tír.

## 6. Lárionad Náisiúnta na hÉireann don Teicneolaíocht Seicne (INCMT)

Tá Lárionad Náisiúnta na hÉireann don Teicneolaíocht Seicne (INCMT) bunaithe i Roinn na hInnealtóireachta Ceimice & Próisis.

Cuireadh an INCMT ar bun chun taighde acadúil a chothú i gcur i bhfeidhm na teicneolaíochta seicne agus chun aistriú na teicneolaíochta a chur chun cinn sa réimse sin. Is é ráiteas misin an INCMT ná:

- (I) Úsáid na teicneolaíochta seicne ag tionscal a chur chun cinn in Éirinn,
- (II) Tionscadail T & F a chur i ngníomh a chothóidh aistriú na teicneolaíochta in
- (III) Éirinn agus cur le tuiscint acadúil agus
- (IV) Líonra náisiúnta a chruthú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na hearnálacha ábhartha tionscail, lucht acadúil, soláthraithe seicne agus córas seicne, agus páirtithe leasmhara eile.

Tá líonra beomhar bunaithe ag INCMT a bhfuil suim acu i réimse na teicneolaíochta deighilte seicne trí shraith de chomhdhálacha gearra ar éirigh thar barr leo, agus a raibh tinreamh orthu ó 50 go 100 rannpháirtí ó na hearnálacha bithchógaisíochta, míncheimiceáin, bia, comhairleachta dearaidh agus acadúla. Faoi láthair tá an Lárionad ag oibriú i dtreo chomhoibríthe foirmiúla a bhunú le heagraíochtaí taighde eile atá gníomhach i réimsí a bhaineann go hábhartha lena réimse taighde féin agus le grúpaí earnála. Tá mar aidhm aige freisin Coiste Stiúrtha a bhunú a mbeidh a chuid taighde dírithe ar riachtanais tionscail d'fhonn a chuid taighde a thráchtáil.

Nascann fócas INCMT ar dheighiltí seicne le fócas Lárionad Glanteicneolaíochta CIT ar fhorbairt polasaí agus ar thacaíocht thionsclaíoch i réimse na dteicneolaíochtaí glana.

## 7. An Grúpa Straitéiseach Taighde ar an bhFótónaic

Cuimsíonn an Grúpa Straitéiseach Taighde ar an bhFótónaic an Lárionad d'Ard-Fhótónaic agus Anailís Próisis (CAPP) agus an Grúpa Réalteolaíochta agus Ionstraimíochta (AIG). Feidhmíonn CAPP lárionad clárédain-tionscail ó Campas Bhaile an Easpaig agus bunaíodh é faoin Scéim um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh de chuid Fhiontar Éireann in 2008 agus é mar phríomhchuspóir ag an lárionad anailís a dhéanamh ar Cháilíocht Fhíorama phróisis déantúsaíochta tionscail gan gá a bheith ann cur isteach ar an bpróiseas. Tá thart ar 30 taighdeoir ag CAPP, seachtar ar Champas Bhaile an Easpaig agus 23 ina chuid saotharlanna in Institiúid Náisiúnta Tyndall. Agus an phróifíl réigiúnach thionsclaíoch agus a cuid riachtanas á cur san áireamh, cuimsíonn na spriocearnálacha do CAPP feistí leighis, cúrsaí chógaisíochta, an leictreonaic, agus ar ndóigh an fhótónaic féin. Tá 15 chomhpháirtí tionscail ag CAPP, ar a n-áirítear Alcon Ireland, Logitech agus Epi-Light.

Is Cuideachta Innáisiúnta Feistí Leighis é Alcon atá bunaithe i gCorcaigh a dhéanann lionsaí in-súile lena gcur in ionad lionsaí nádúrtha na súile le linn máinliachta catarachta. Is treoraí domhanda é Logitech i gcúrsaí aonad forimeallach pearsanta, agus é ag tiomáint na nuálaíochta i nascleanúint PC, cumarsáid idirlín, ceol digiteach, rialú siamsaíochta baile, feistí cluichí gan sreang. Is cuideachta dhúchasach thosaithe í Epi-Light atá bunaithe i gCorcaigh, a fhorbraíonn ardchórais soilsithe LED d'earnálacha na hEolaíochta Beatha, na Cógaisíochta agus na bhFeistí Leighis.

Déanfar lárionad tionscail CAPP a athlonnú go dtí foirgneamh nua úrscóthach taighde in 2013 mar thoradh ar rath sa chlár PRTLIV.

## 1. Seirbhísí Tráchtála Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCIS)

Is é NMCIS rannóg tráchtála NMCIS. Tá mar sprioc aige seirbhís d'ardchaighdeán a bhaint amach agus a sheachadadh do na bonncustaiméirí atá aige faoi láthair nó a bheidh aige sa todhchaí. Is é an fheidhm phríomhúil ná gníomhaíochtaí tráchtála uile an Choláiste a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá sceideal bliantúil tráchtála de chúrsaí gearra gairmiúla muirí ullmhaithe ag NMCIS, ina bhfuil liosta de na cúrsaí gearra uile atá ar sceideal na bliana. Cuireann sí sainchúrsaí grúpa ar fáil freisin do chuideachtaí sa tionscal. Déanfaidh mairnéalaigh ghairmiúla d'ardchaighdeán a cuid cliant go léir a oileadh go dtí na leibhéil is airde.


- **GAC Training & Services Solutions Limited (GTSS)**

Is cuideachta chomhfhiontair í GAC GTSS a seoladh ar 11 Feabhra 2010 idir GAC agus NMCI. Cuireann sí sábháil chostais agus réitigh nuálaíocha oiliúna ar fáil do na hearnálacha Muirí, lompar agus Tráchtearraí. Nascann GTSS líonra GAC, teagmhálacha tráchtála, saineolas agus eolas ar chúrsaí loingis dhomhanda, loighistic agus tionscal na mara le saoráidí thar barr NMCI. Tá an chomhpháirtíocht seo dírithe ar phunann iomlán cúrsaí oiliúna a sheachadadh do mhairnéalaigh agus do phearsanra loingis talamhbhunaithe agus oibríochtaí tráchtearraí. Feidhmíonn GTSS faoi Roinn Tráchtála an Choláiste, NMCIS, agus tá sí á comhordú ar an talamh ag Feidhmeannach Margaíochta GTSS faoi stiúir Bhainisteoir Seirbhísí NMCI i gcomhpháirtíocht le Leas-Uachtarán Solutions GAC. Tá a cuid Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíocháin ar an mBord ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir. Tá an post Stiúrthóir Bainistíochta/Rúnaí Cuideachta ag Bainisteoir NMCIS.

- **SEFtec NMCI Offshore Limited (SNO)**

Is cuideachta chomhfhiontair í SNO idir NMCI agus SEFtec Global Training Ireland Limited (SGT). Is é a príomhról ná mar fheithicil chun saineolas ar oiliúint fharraige SGT, atá ar chaighdeán domhanda, ar mhaithe le caighdeán agus creidiúnú do chúrsaí OPITO don tionscal farraige a bhaint amach. Oibríonn SNO faoi roinn tráchtála an Choláiste, NMCIS, agus déanann Comhordnóir Cúrsaí Farraige í a bhainistiú ar an talamh faoi stiúir Bhainisteoir NMCIS. Tá a cuid Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíochán ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir ar an mBord. Is ag Bainisteoir NMCIS atá an post Stiúrthóir Bainistíochta SNO. Is é Bainisteoir Airgeadais CIT an Rúnaí Cuideachta.

# Aonaid agus Lárionaid Speisialta a oibríonn laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide.



## 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

D'ainneoin fhairsingiú na hInstitiúide i dtéarmaí líon na mac léinn ó osclaíodh í in 1974, ba ghann iad na saoráidí spóirt agus go háirithe saoráidí spóirt lasmuigh nach raibh iontu ach páirc aonair CLG, páirc rugbaí agus cúirteanna tarmac leadóige i lár na 1990dí.

Chun an t-easnamh sin sna saoráidí spóirt a chúiteamh, thug an Institiúid faoi fhorbairt a mhair deich mbliana a d'athraigh sócmhainní spóirt na hInstitiúide ó thús lag go dtí an staid ina bhfuil siad sa lá inniu nuair is ábhar éada saoráidí spóirt CIT lasmuigh don earnáil oideachais tríú leibhéal ar fud na tíre.

Ba é an chéad chuid den mháistirphlean don fhorbairt spóirt a dhréachtaigh Michael Horgan Uas. de chuid Horganlynch Consulting Engineers ná páirc nua rugbaí a thógáil agus í suite ar an taobh thiar den champas agus gar do pháirc CLG. D'fhág tógáil na páirce sin go raibh an suíomh ar an tseanpháirc rugbaí saor agus osclaíodh páirc uile-aimsire shintéiseach ansin in 2000. Is léir an rath atá ar an bpáirc uile-aimsire, ar féidir léi freastal ar hacaí, sacar agus CLG, ón síor-úsáid a bhaineann mic léinn, baill foirne agus cumainn sheachtracha agus grúpaí aisti.

Ba é an chéad chéim eile agus an chéim ba uailmhianaí den mháistirphlean ná gur ceannaíodh le haghaidh chúrsaí spóirt thart ar 8.91 heicteár taobh thiar d'Abhainn an Churraichín ar ar tugadh "Rock Farm". I ngeall ar a ghaire don abhainn bhí an talamh íseal i mbaol tuilte. Dá bhrí sin ar feadh tréimhse trí bliana cuireadh clár líonta ar siúl chun an t-achar i gcoitinne a ardú de thart ar 2 mhéadar. Ar chríochnú dó, baineadh as an líonra leitheadach línte BSL a bhí ag trasnú an tsuimh agus bhíothas in ann ansin 6 pháirc ghaineamh-bhunaithe a thógáil le haghaidh CLG, sacair agus rugbaí. Rinne sé sin líon iomlán de 9 bpáirc imeartha féir nuair a chuirtear an raon lúthchleasaíochta istigh sa pháirc san áireamh.

Chun freastal a dhéanamh ar na páirceanna imeartha sin agus chun ionad úrscothach do na féachadóirí a chur ar fáil, tógadh ardán clúdaithe in 2007 le suíocháin a raibh cóir suí ann de 1,150 chomh maith le 6 sheomra gléasta, seomra réiteora, seomra leighis, giomnásiam agus achar sóisialta.

Chomh maith leis na forbairtí atá liostaithe thuas, tá lán-tuilsoilsiú ag 3 pháirc imeartha chun gur féidir cluichí agus oiliúint oíche a bheith ar siúl iontu agus tógadh cúirt leadóige le cairpéad sintéiseach freisin. Tá cóiríocht ann do spórt agus oiliúint laistigh i halla mór spóirt atá trealmhaithe go maith agus giomnásiam lán-trealmhaithe, atá suite go lárnach ar champas.

Oscailt Oifigiúil an tSeastáin Nua ag Lárionad Spóirt na hInstitiúide, Baile an Easpaig a tharla ar 4 Meitheamh 2010. Ba é an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, T.D. a rinne an oscailt.



Sa bhliain acadúil 2010/2011, ghlac an Institiúid páirt shuntasach i roinnt imeachtaí a raibh an rath orthu go minic. Bhí na páirceanna agus na saoráidí dea-ullmhaithe mar óstach d'an-chuid comórtas i rith na bliana, ar a n-áirítear cluichí scoile, Craobh Camógaíochta Chontae Chorcaí na scoileanna, Spóirt Chathair Chorcaí, Míle GOAL, Craobhacha Trastíre Scoileanna na Mumhan & na nOllscoileanna, WSCAI Idir-Ollscoileanna Cadhcáil Idir-Ollscoileanna, Dornálaíocht Nóibhíseach Idir-Ollscoileanna, agus Craobhacha Rugbaí Choláistí Uile-Éireann. Chuir CIT áiseanna traenála ar fáil do roinnt foirne idirchontae, ar a n-áirítear Peileadóirí agus Camógaíocht na mBan Chorcaí ó faoin aois go Leibhéal na Sinsear, foireann Chorn Kennedy Chorcaí, Scoileanna Barr Feabhais i gCamógaíocht, Sacar na mBan, agus CLG.

I mBealtaine 2011, shínigh CIT comhaontú 4 bliana le Rugbaí na Mumhan faoinar bunaíodh baill scud Gairmiúil na Mumhan agus an Acadaimh i Halla Gleacaíochta Elite de chuid CIT mar cheann cheathrú ar Champas Bhaile an Easpaig.

Chomh maith le freastal ar an lúthchleasaí iomaíoch, leagann an Institiúid béim mhór ar an rannpháirtíocht agus ar an spraoi agus léirítear é sin sa líon mac léinn atá ag dul i méid a ghlacann páirt.





# 2. Rialachas

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe
- 2.2 Cruinnithe an Bhord Rialaithe
- 2.3 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)
- 2.4 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

## 2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe

Is iad na hAchtanna Coláistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 agus 1994, a chinneann comhdhéanamh an Bhord Rialaithe. Ceaptar na gnáthbhaill seachas beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse cúig bliana.

Ceaptar beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse d'aon bhliain amháin suas go dtí 30 Meán Fómhair.

Is í ballraíocht an Bhord Rialaithe ó 1 Meán Fómhair 2010 mar seo a leanas:

An Dr Paddy Caffrey, Cathaoirleach  
(Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna). Chuaigh a théarma oifige in éag ar 13 Márta 2011.

Bob Savage Uas., Cathaoirleach  
(Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna). Cuireadh tús lena théarma oifige ar 29 Iúil 2011.

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT  
(Ex Officio)

### Baill an Bhoird Rialaithe de réir Alt 4 d'Acht 1994.

#### Seisear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(a) agus (b)

An Comh. Catherine Clancy (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí)  
An Comh. James A. Corr (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí)  
Ted Owens Uas. (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí)  
Barra Ó Briain Uas. (Ainmní de chuid CGO Chontae Chorcaí)  
An Comh. Aileen Pyne (Ainmní de chuid CGO Chontae Chorcaí)  
An Canónach G. A. Salter (Ainmní de chuid CGO Chontae Chorcaí)

#### Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(c)

An Dr Áine Ní Shé (Ainmní de chuid na Foirne Acadúla)  
John O'Sullivan Uas. (Ainmní de chuid na Foirne Acadúla)

#### Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(d)

Eoin Deane Uas. (Ainmní de chuid na Foirne Neamh-Acadúla)

#### Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(e)

Gearóid Buckley Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2010  
Deirdre Conroy Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2010  
John Lane Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2011  
Vicki Fitzpatrick Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2011

#### Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(f)

Ann Piggott Uas. (Ainmní de chuid Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann)

#### Cúigear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(g)

Valerie Gleeson Uas. (Ainmní de chuid na Comhairle Ealaíon)  
Mary Keane Uas. (Ainmní de chuid Chumann Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí na Scoileanna Iarbhuioideachais)  
Billy O'Neill Uas. (Ainmní de chuid Institiúid Innealtóirí na hÉireann)  
Mark Whitaker Uas. (Ainmní de chuid Chumann Tráchtála Chorcaí)  
Jim Woulfe Uas. (Ainmní de chuid an Irish Co-Operative Organisation Society Ltd.)

## 2.2 Cruinnithe Bord Rialaithe

Le linn na tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2010 go 31 Lúnasa 2011, bhuaill an Bord Rialaithe le chéile deich n-uaire ar a n-áirítear cruinniú speisialta amháin. Bhuaill siad le chéile ar na dátaí seo a leanas:

Déardaoin 7 Deireadh Fómhair 2010

Déardaoin 11 Samhain 2010

Déardaoin 2 Nollaig 2010

Déardaoin 3 Feabhra 2011

Déardaoin 3 Márta 2011

Déardaoin 10 Márta 2011 (Cruinniú Speisialta)

Déardaoin 7 Aibreán 2011

Déardaoin 5 Bealtaine 2011

Déardaoin 2 Meitheamh 2011

Déardaoin 7 Iúil 2011

## 2.3 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)

Cuireadh Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ar bun agus thionóil sé a chéad chruinniú i mí an Mhárta 2004. Is iad a ról agus a chuid feidhmeanna mar seo a leanas:

Is coiste neamh-reachtúil de chuid na hInstitiúide é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide. Is é ról Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ná cabhrú leis an Uachtarán i mbainistiú na hInstitiúide agus polasaí Institiúide a cheapadh le haghaidh faofa ag an mBord Rialaithe, ar a n-áirítear gnóthaí acadúla, saincheisteanna oibríochtúla, na tuairiscí bliantula, agus cláir agus buiséid na hInstitiúide. Dá bhrí sin is uirlis sheasta é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide de chomhchomhairle inmheánach idir Oifig an Stiúrthóra agus an fhoireann shinsearach thar fheidhmeanna uile acadúla agus riaracháin na hInstitiúide.

Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide:

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán

An Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla

Paul Gallagher Uas., Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán

Michael Delaney Uas., Leas-Uachtarán d'Fhorbairt

Michael Loftus Uas., Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta

Damien Courtney Uas., Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí

An Captaen John Clarence, Ceann, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

An Dr Geoffrey Spratt, Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT

Orla Flynn Uas., Ceann Gníomhach, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

Buaileann Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide le chéile uair sa choicís agus ar uaireanta eile a meastar a bheith riachtanach. Déanann an tUachtarán nó ainmní de chuid an Uachtaráin laistigh den Bhord Cathaoirleacht air. Bíonn Rúnaí Taifeadta i láthair ag gach cruinniú chun mionsonraí cruinnithe a thaifeadadh. Scaiptear tuairiscí óna gcuid cruinnithe ar an mBord Rialaithe agus bíonn siad le fáil ag an bhfoireann ar inlín na foirne.

## 2.4 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

Is comhscoileanna de chuid CIT iad Ceolscoil Chorcaí CIT, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

### Uachtarán

An Dr Brendan J. Murphy, BA, MA, PhD, FSS, FICS, CEng, FIEI

### Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide

Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla

An Dr Barry O'Connor, BE, MEngSc, PhD, BCL, CEng, MIEI

Leas-Uachtarán Airgeadais & Riaracháin

Paul Gallagher Uas., MSc, FCMA

Leas-Uachtarán d'Fhorbairt

Michael Delaney Uas., MSc, MEd, MIBioll, HDipEd, MICI, MESAI, ATCL

Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta

Michael Loftus Uas., BE, MEngSc, MICS

Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí

Damien Courtney Uas., BA, MA(Louv), MPhil(Louv), MIUSSP

Ceann Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

An Capt John Clarence, MBA, BA, Máistir-Mharáí

Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT

An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD

Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (Gníomhach)

Orla Flynn Uas., MSc, MA, MICS, MIDI

### Ceann Taighde

An Dr Niall Smith, BSc, PhD

### Leas Cláraitheoir & Ceann Cáilíochta Acadúla

Ed Riordan Uas., BSc

### Ceann Straitéise & Polasaí

Tadhg Leane Uas. BA, MSc

### Ceann Teagaisc & Foghlama

An Dr Stephen Cassidy, BE, MEngSc, PhD, CEng, Eurling, MIEI

### Ceann an Champais Leathnaithe

Irene Sheridan Uas., BE, MEngSc

### Bainisteoirí Príomhsheirbhísí

Bainisteoir Riaracháin & Gnóthaí Mac Léinn

Dan Collins Uas., MEd, BA, BD

Bainisteoir Foirgneamh & Eastát

Kevin McCarthy Uas., MSc, CEng, MIEI

Bainisteoir Airgeadais

John Cogan Uas.

Bainisteoir Acmhainní Daonna

Anthony Collins Uas., BA

Bainisteoir Idirchaidrimh Tionscail

Josette O'Mullane Uas., BComm, ACMA

Bainisteoir TF

Gerard Culley Uas., BEng, MIEI, CCNA, CISSP

### Leabharlannaí

Derry Delaney Uas., BA, DLIS

## Campas Bhaile An Easpaig:

### DÁMH FOIRGNÍOCHTA & EOLAÍOCHTA

Ceann na Dáimhe

Michael Loftus Uas., BE, MEngSc, MICS

### Scoil Foirgníochta & Innealtóireachta Sibhialta:

Ceann na Scoile

An Dr Joseph Harrington, BE, MS, PhD, CEng, FIEI, Eurling, PE

Ceann na Roinne Ailtireachta

Katherine Keane Uas., BSc in Arch, MArch, ARIAI

Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil

Desmond Walsh Uas., BE, MSc, DIC, CEng, MIEI, MICE

Ceann na Roinne Foirgníochta

An Dr Daniel Cahill, MSc, PhD, MRICS

### Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próisis:

Ceann na Scoile (Gníomhach)

Matt Cotterell Uas., BE, MED, CMfgE, MIEI, AMIMEchE

Ceann na Roinne Innealtóireachta Ceimicí & Próisis

John O'Shea Uas., BEng, CEng, FICHEM, FIEI

Ceann na Roinne Innealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí

Daithi Fallon Uas., BE, MEngSc, CEng, MIEI, CQE

Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla (Gníomhach)

John O'Shea Uas., BEng, CEng, FICHEM, FIEI

### Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice:

Ceann na Scoile (Gníomhach)

Matt Cotterell Uas., BE, MED, CMfgE, MIEI, AMIMEchE

Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí (Gníomhach)

An Dr Joe Connell, BSc (Eng), MSc (Eng), PhD, CEng, FIEI, MIEEE

Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictreonaice (Gníomhach)

An Dr Joe Connell, BSc (Eng), MSc (Eng), PhD, CEng, FIEI, MIEEE

**Scoil na hEolaíochta & na Faisnéisíochta**

Ceann na Scoile (Gníomhach)  
 Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta  
 Ceann na Roinne nEolaíochtaí Bitheacha (Gníomhach)  
 Ceann na Roinne Ceimice  
 Ceann na Roinne Ríomhaireachta  
 Ceann na Roinne Matamaitice (Gníomhach)

An Dr Hugh McGlynn, BSc, PhD, FHEA  
 An Dr Liam McDonnell, BSc, PhD, CPhys, FInstP  
 An Dr Brendan O'Connell, BSc (Onór), PhD  
 An Dr John Wood, BSc, PhD, CChem, MRSC, FIC  
 Jim O'Dwyer Uas., BA(Mod), HDipEd, CEng, FICS, MBCS  
 An Dr David Flannery, MSc, PhD, AMS, MAA, SIAM, IMS

**DÁMH GHNÓ & DAONNACHTAÍ**

Ceann na Dámhne

**Scoil Ghnó:**

Ceann na Scoile  
 Ceann na Roinne Cuntasáíochta & Córas Faisnéise (Gníomhach)  
 Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh  
 Ceann na Roinne Deiseanna Oideachais  
 Ceann na Roinne Bainistíochta & Margaíochta

Damien Courtney Uas., BA, MA(Louv), MPhil(Louv), MIUSSP

Gerard O'Donovan Uas., BComm, MBA, MMII, MICS  
 Caroline O'Reilly Uas., BComm, MBus  
 Don Crowley Uas., BBS, GDE(B), Grad.Dip IT  
 Marese Birmingham Uas., BComm, HDipEd, HDipGC, MIGC  
 Brian McGrath Uas., BComm, FCA, MMII

**Scoil na nDaonnachtaí:**

Ceann na Scoile (Gníomhach)  
 Ceann na Roinne Forbartha Oideachais (DEIS)  
 Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta  
 Ceann na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais

An Dr Margaret Linehan, BBS, MBus, PhD  
 Folamh  
 Jim Walsh Uas., BA, HDipEd, BCL, LLB, MEMI  
 Adrian Gregan Uas., BA, MBus, Dip H&C Mgmt, FIHI, Diop  
 larchéime Oid Fáilt

**SCOIL STAIDÉAR IARCHÉIME**

Déan Staidéar Iarchéime

An Dr Eamonn Cashell, BA(Mod), BSc, PhD, CPhys, MInstP

**CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT**

Stiúrthóir  
 Ceann na Scoile  
 Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir  
 Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéar Acadúil  
 Ceann na Roinne Staidéar Téaduirilísí (Gníomhach)  
 Ceann na Roinne Staidéar Gaothuirilísí, Cnaguirlísí,  
 Gutha & Drámaíochta

An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD  
 Aiveen Kearney Uas., MA, BMus, HDE, ATCL  
 An Dr Gabriela Mayer, DMA, MMus, BMus, Dip Berlin Hochschule  
 Maria Judge Uas., BMus, Dip Kodály Intézet na hUngáire  
 Joan Scannell Uas., MA, BMus, DipCSM, LTCL  
 John O'Connor Uas., MA, BMus, HDE, FTCL, LRSM

**COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT**

Ceann (Gníomhach)  
 Ceann na Roinne Oideachas Ealaíne & Dearaidh  
 Ceann na Roinne Teiripe Ealaíne & Amharcoideachais Leantaigh  
 Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh  
 Cheirmigh (Gníomhach)  
 Ceann Roinn na Meán Cumarsáide (Gníomhach)

Orla Flynn Uas., MSc, MA, MICS, MIDI  
 Albert Walsh Uas., MEd, Dip ADT, ND Design  
 Edward Kuczaj Uas., MA, Dip Art Th, RNMS  
 Trish Brennan Uas., MA, BA

Rose McGrath Uas., MA, Dip Ed, BDes

**COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN**

Ceann  
 Ceann Staidéar Acadúil (Gníomhach)

An Capt John Clarence, MBA, BA, Máistir- Mharáí  
 An Dr Noel Barry, BE, ME, PhD, CEng, MIEI, MPES, MIAS







# 3. Gnóthaí Acadúla & Mac Léinn

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla
- 3.2 Ballraíocht Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla
- 3.3 Coistí na Comhairle Acadúla
- 3.4 Forbairt Acadúil
- 3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha
- 3.6 Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha
- 3.7 Údaráis Bhailíochtaithe
- 3.8 Scrúdaitheoirí Seachtracha
- 3.9 Staitisticí Mac Léinn
- 3.10 Duaiseanna na Mac Léinn
- 3.11 Bunú Ról Ombudsman na Mac Léinn

### 3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla

Ceapadh baill reatha na Comhairle Acadúla i mí an Mheithimh 2010 agus fanfaidh siad in oifig ar feadh tréimhse trí bliana. Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile sé huair le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2010 go 31 Lúnasa 2011 mar seo a leanas:

Dé Céadaoin, 6 Deireadh Fómhair 2010  
 Dé Céadaoin, 17 Samhain 2010  
 Dé Céadaoin, 19 Eanáir 2011  
 Dé Céadaoin, 23 Feabhra 2011  
 Dé Céadaoin, 6 Aibreán 2011  
 Dé Céadaoin, 1 Meitheamh 2011

#### UACHTARÁN

Brendan J. Murphy

#### FOIREANN ACADÚIL SHINSEARACH

Adrian Gregan	Ceann na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
Aiveen Kearney	Ceann Cheolscoil Chorcaí CIT
Albert Walsh	Ceann na Roinne Oideachais Ealaíne & Dearaidh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Brendan O'Connell	Ceann na nEolaíochtaí Bitheacha (Gníomhach)
Brian McGrath	Ceann na Roinne Bainistíochta & Margáíochta
Caroline O'Reilly	Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise (Gníomhach)
Daithí Fallon	Ceann na Roinne Innealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí
Damien Courtney	Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí
Daniel Cahill	Ceann na Roinne Foirgníochta
David Flannery	Ceann Roinn na Matamaitice (Gníomhach)
Desmond Walsh	Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
Don Crowley	Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh (Gníomhach)
Eamonn Cashell	Déan Staidéar Iarchéime
Ed Riordan	Leas-Chláraitheoir & Ceann Cáilíochta Acadúla
Edward Kuczaj	Ceann na Roinne Teirípe Ealaíne & Amharcoideachais Leantaigh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Gabriela Mayer	Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir, Ceolscoil Chorcaí CIT
Geoffrey Spratt	Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT
Gerard O'Donovan	Ceann na Scoile Gnó
Hugh McGlynn	Ceann na Roinne Eolaíochtaí & Faisnéisíochta (Gníomhach)
Irene Sheridan	Ceann an Champais Leathnaithe
Jim O'Dwyer	Ceann na Roinne Ríomhaireachta
Jim Walsh	Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Joan Scannell	Ceann na Roinne Staidéar Téaduirilísí (Gníomhach), Ceolscoil Chorcaí CIT
Joe Connell	Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí (Gníomhach)
Joe Connell	Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictreonaice (Gníomhach)
Joe Harrington	Ceann na Scoile Innealtóireachta Sibhialta & Foirgníochta
John Clarence	Ceann Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
John O'Connor	Ceann na Roinne Staidéar Gaothuirilísí, Cnaguirlísí, Gutha & Drámaíochta, Ceolscoil Chorcaí CIT
John O'Shea	Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla (Gníomhach)
John O'Shea	Ceann na Roinne Innealtóireachta Ceimicí & Próisis
John Wood	Ceann na Roinne Ceimice
Katherine Keane	Ceann na Roinne Ailtireachta
Kevin Gill	Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh (Gníomhach), Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford
Liam McDonnell	Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
Marese Bermingham	Ceann na Roinne Deiseanna Oideachais
Margaret Linehan	Ceann Scoil na nDaonnachtaí (Gníomhach)
Maria Judge	Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéir Acadúil, Ceolscoil Chorcaí CIT
Matt Cotterel	Ceann Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice (Gníomhach)
Matt Cotterel	Ceann Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próisis (Gníomhach)
Michael Loftus	Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta
Niall Smith	Ceann Taighde
Noel Barry	Ceann Staidéar Acadúil (Gníomhach), Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Orla Flynn  
Rose McGrath  
Stephen Cassidy  
Tadhg Leane  
Trish Brennan

Ceann (Gníomhach), Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT  
Ceann Roinne na Meán Cumarsáide (Gníomhach)  
Ceann Aonad Teagaisc & Foghlama  
Ceann Straitéise & Polasaí  
Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh (Gníomhach),  
Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

#### FEIDHMEANNAS SINSEARACH

Barry O'Connor  
Michael Delaney  
Paul Gallagher

Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla  
Leas-Uachtarán d'Fhorbairt  
Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán

#### FOIREANN EX-OFFICIO

Caherine Frehill  
Derry Delaney  
Dan Collins  
Eva Juhl  
John Twohig

Modhnóir Modúil  
Leabharlannaí  
Riarachán Acadúil & Bainisteoir Gnóthaí Mic Léinn  
Éascaitheoir d'Athbheithniú Institiúideach  
Ceann Lárionad do Staidéar Ceirde

#### IONADAITHE MIC LÉINN

Chris Scanlon  
John Lane

Leas-Uachtarán don Oideachas Aontas na Mac Léinn, CIT  
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, CIT

#### FOIREANN ACADÚIL TOFA

##### Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta

Brian O'Rourke  
Chris Gibbons  
Cilian Ó Súilleabháin  
David Cadogan  
Harvey Makin  
Ian O'Sullivan  
John Justin Murphy  
Marc Ó Riain  
Michael Brennan  
Michael J. O'Mahony  
Niamh Power  
Ray Looney  
Seamus Farrell  
Siobhán O'Sullivan  
Tom O'Mahony

Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil  
Innealtóireacht Mheicniúil  
Innealtóireacht Cheimiceach & Próisis (d'éirigh as Samh 2010)  
Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil  
Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht  
Innealtóireacht Cheimiceach & Próisis  
Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil  
Ailtireacht  
Matamaitic  
Innealtóireacht Mheicniúil  
Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil  
Innealtóireacht Leictreach  
Foirgníocht  
Eolaíochtaí Bitheacha  
Innealtóireacht Leictreonach

##### Dámh Ghnó & Daonnachtaí

Áine de Róiste  
Breda Fogarty  
Gearóid Ó Súilleabháin  
Margaret O'Keeffe  
Maurice Murphy

Staidéar Sóisialta & Ginearálta  
Bainistíocht & Margaíocht  
DEIS  
DEIS  
Bainistíocht & Margaíocht

##### Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

Ann Wilson  
Paul Green

Meáin Chumarsáide  
Meáin Chumarsáide

##### Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

William Kavanagh

NMCI

## 3.2 Ballraíocht Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla

Tá comhdhéanamh Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla mar seo a leanas:

1. An tUachtarán (ex-officio)
2. An Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla (ex-officio)
3. Cathaoirligh Choistí na Comhairle Acadúla
4. Seachtar ball ainmnithe de chuid na Comhairle Acadúla, ar ionadaí de chuid na mac léinn duine díobh

Is iad feidhmeanna an Choiste Fheidhmiúcháin ná:

- Gnó na Comhairle Acadúla a chur in eagar, ar a n-áirítear gach mír ghnó a sheoladh ón gComhairle Acadúil agus a cuid Coistí agus ar ais chucu;
- Ábhair ábhartha a chur faoi bhráid Choistí na Comhairle Acadúla;
- Obair Choistí na Comhairle Acadúla a chomhordú;
- Cuidiú le cur i ngníomh chinntí na Comhairle Acadúla.

Cruinnithe de Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla

- Déanfar iad a thionól de ghnáth dhá sheachtain roimh agus dhá sheachtain i ndiaidh chruinniú na Comhairle Acadúla agus ar a leithéid d'amanna eile a meastar gá a bheith leo;
- Déanfar córam a ghlaoch má tá leath de bhallraíocht an Choiste Feidhmiúcháin i láthair;
- Beidh an tUachtarán nó ainmní an Uachtaráin ón gCoiste Feidhmiúcháin ina Chathaoirleach.
- I gcás go mbeadh an tUachtarán, nó ainmní an Uachtaráin, as láthair ceapfaidh na baill atá i láthair Cathaoirleach gníomhach as measc an Choiste Feidhmiúcháin;
- Déanfaidh an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla a bheidh mar Rúnaí ar an gCoiste Feidhmiúcháin an taifeadadh. I gcás go mbeadh an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla as láthair ainmneoidh na baill atá i láthair Rúnaí gníomhach as measc an Choiste Feidhmiúcháin.

### 3.3 Coistí de chuid na Comhairle Acadúla

D'fhaomh an Chomhairle Acadúil cruthú na gcoistí seo a leanas:

**Coiste Pleanála & Athbreithnithe Acadúil**

Tadhg Leane (Cathaoirleach)

**Coiste Iontrálacha**

Matt Cotterel (Cathaoirleach)

**Coiste Acmhainní Foghlama**

An Dr Siobhán O'Sullivan (Cathaoirleach)

**Coiste Rialachán**

An Dr Felix Raekson (Cathaoirleach)

**Coiste Taighde & Forbartha**

An Dr Niall Smith (Cathaoirleach)

**Coiste na mBuan-Orduithe**

Jim Walsh (Cathaoirleach)

## 3.4 Forbairt Acadúil

### Athbheithniú Institiúideach

Is próiseas cuimsitheach é Athbheithniú Institiúideach a eagraítear trí HETAC agus a chomhlíonann riachtanais reachtúla agus Eorpacha thar raon leathan feidhmeanna acadúla, straitéiseacha agus eagraíochtúla. Thug an Painéal Athbheithnithe Institiúideach ar a raibh saineolaithe idirnáisiúnta a sheas do na páirtithe éagsúla leasmhara agus ar a raibh an Dr Charles Cook, Leas-Uachtarán Sinsearach do Ghnóthaí Ollscoile in Ollscoil Johnson & Wales (JWU) ina chathaoirleach, cuairt ar CIT i mí na Samhna. Sainaitníodh na réimsí seo a leanas, i measc réimsí eile, lena MOLADH:

- Cur chuige straitéiseach CIT agus í ag iarraidh go bríoch ionchur páirtithe leasmhara seachtracha;
- A tiomantas don fhoireann uile a bheith bainteach leis an bpróiseas pleanála straitéiseach;
- Na naisc le UCC chun leasa an reigiúin;
- An cur chuige meáite agus straitéiseach a ghlacann sí agus comhpháirtíochtaí comhoibritheacha idirnáisiúnta á mbunú aici;
- An cur chuige machnamhach agus bunathraíoch don fhoghlaim atá le feiceáil go soiléir i measc bhaill foirne na hInstitiúide;
- An fócas láidir ar an bhfoghlaiméir ina cuid socrúithe le haghaidh ráthaíochta cáilíochta;
- An aird mhéadaithe a tugadh le linn na gcúig bliana seo caite ar riachtanais na bhfoghlaiméirí páirtaimseartha;
- An cur chuige machnamhach agus forbarthach don modúlúchán agus don seimeastrú atá le feiceáil go soiléir i measc fhoireann na hInstitiúide;
- An fócas breise ar an bhfoghlaiméir mar thoradh ar thabhairt isteach an mhodúlúcháin agus an tseimeastraithe.

Mhionsonraigh an painéal roinnt moltaí freisin le go ndéanfadh an Institiúid staidéar orthu. Déanfar gníomhú le linn na bliana seo chugainn ar na moltaí a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús le Plean Feabhsúcháin Institiúide.

### Athbheithnithe Cláir

Le linn na bliana adadúla 2010/2011, cuireadh na hathruithe cláir seo a leanas i gcrích:

- CIT CSC: agus an Dr Joseph Ryan, Cláráitheoir, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain mar chathaoirleach
- CIT Dámh Ghnó agus Daonnachtaí: agus an Dr Oliver Murphy, Cláráitheoir, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí mar chathaoirleach

### Forbairt Clár Nua

Lean an Institiúid d'fhorbairt agus éagsúlacht a chur ar a punann cláir. Is suntasach an rud é líon na gclár nua a forbraíodh agus a fhaomhadh le linn na bliana acadúla ag leibhéal iarchéime.

### Leibhéal na Fochéime

Ardteastas i Staidéar Cócaireachta; Ardteastas i Staidéar Fáilteachais; Baitsiléir Gnó (Onór) i Riarachán Gnó; Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i Néalríomhaireacht.

### Leibhéal na hIarchéime

Dioplóma Iarchéime in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta (Comhshaol agus Fuinneamh); Dioplóma Iarchéime in Ealaíona i dTeagasc agus Foghlaim in Ardoideachas; Máistir Eolaíochta i Néalríomhaireacht; Máistir Innealtóireachta in Innealtóireacht Struchtúrtha; Máistir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta (Comhshaol agus Fuinneamh); Máistir Eolaíochta i gCeol agus Teicneolaíocht; Máistir Ealaíon in Ealaíon agus Próiseas; Máistir Ealaíon i dTeagasc agus Foghlaim in Ardoideachas; Máistir Ealaíon in Iriseoireacht le Meáin Nua; Máistir Ealaíon i Síctearipe Chomhtháite.

### Dámhachtainí Sainchuspóireacha

Teastas i mBainistiú Tionscadail; Teastas i Scileanna Inaistrithe Ceirde; Teastas i dTeagasc agus Foghlaim in Ardoideachas.

### Polasaithe Acadúla

#### Creat don PhD Struchtúrtha

Le linn na bliana acadúla, d'fhaomh CIT creat nua don PhD struchtúrtha. Tá an creat sin ag teacht le Prionsabail Salzburg a aontaíodh faoi Chomhaontú Bologna in 2005 do Réimse Ardoideachais na hÉirí. Luann na prionsabail sin nár cheart go soláthródh an t-oideachas iarchéime raon scileanna taighde agus nuálaíochta amháin don mac léinn dochtúireachta ach go mba cheart iad a oiliúint sna hardscileanna is gá don fhostaíocht freisin. Sa chreat comhaontaithe, maireann an tionscadal taighde i gcónaí mar phríomhfhócas an PhD, ach tabharfar deis do gach mac léinn roinnt cúrsaí acadúla d'ardleibhéal a dhéanamh a bhaineann go hábhartha le topaic PhD dá gcuid. Lena chois sin, déanfar cúrsaí scileanna gairmiúla a thairiscint do na mic léinn go léir.

### Athbheithniú Bliantúil Stádais Chláir

Le linn na bliana acadúla, d'fhaomh CIT polasaí nua d'Athbheithniú Bliantúil Stádais Chláir. Tá an polasaí sin ceaptha chun athbheithniú córasach a sholáthar ar cháilíocht, ábharthacht agus inmharthanacht cláir agus na saincheistean agus buanna a bhaineann le dearadh agus seachadadh cláir a cheapadh agus ar an dóigh sin tacú le cúrsaí cinnteoireachta agus gníomhaíochta ag leibhéal áitiúil, leibhéal Dáimhe/Coláiste agus ag leibhéal Institiúide.



## 3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha

### SCOIL NA hEOLAÍOCHTA & NA FAISNÉISÍOCHTAS

#### Roinn na Fisice & na hIonstraimíochta

Baitsiléir Eolaíochta i bhFisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhFisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i gCórais Ríomhairithe Ionstraimíochta – Blianta 3 & 4  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Chomhshaoil & Teicneolaíocht Inbhuanaithe  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Innealtóireacht Ionstraime – Blianta 1 & 2  
MSc  
PhD

#### Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha

Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Bitheolaíocht – Blianta 1 & 2  
Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht & Teicneolaíocht an Bhia  
Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíochtaí Bitheacha Feidhmeacha & Bith-theicneolaíocht  
Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Bhithleighis – Bliain 3  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Bhithleighis – Bliain 1, 2 & 3  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Luibhe (ab initio) – Blianta 1, 2, 3 & 4  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBith-theicneolaíocht Chógaisíochta – Blianta 1, 2 & 4  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Chothaithe & Sláinte – Blianta 1, 2 & 4  
MSc  
PhD

#### Roinn na Ceimice

Baitsiléir Eolaíochta i gCeimic Anailíseach & Chógaisíochta – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i gCeimic Anailíseach le Dearbhú Cáilíochta - Blianta 1, 2, 3 & 4  
Iontráil Chomónta Eolaíochta Leibhéal 7 – Bliain 1  
Iontráil Chomónta Eolaíochta Leibhéal 8 – Bliain 1  
MSc  
PhD

#### Roinn Ríomhaireachta

Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistíocht TF – Blianta 1, 2 & 4  
Baitsiléir Eolaíochta i dTeicneolaíocht Tacaíochta Ríomhaireachta – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhForbairt Bogearraí – Blianta 1, 2, 3 & 4  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhForbairt Bogearraí & Líonrú Ríomhaire – Blianta 1, 2, 3 & 4  
MSc  
PhD

### SCOIL GHNÓ

#### Roinn Chuntasaíochta & Chóras Faisnéise

Baitsiléir Gnó i gCuntasaíocht – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Gnó i Riarachán Gnó – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Gnó (Onór) i gCuntasaíocht - Blianta 1, 2, 3 & 4  
Baitsiléir Eolaíochta i dTalmhaíocht – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Eolaíochta i nGairneoireacht – Blianta 1 & 2  
Baitsiléir Gnó (Onór) i gCórais Fhaisnéise – Blianta 1, 2, 3 & 4  
MBus

#### Roinn Bainistíochta & Margaíochta

Baitsiléir Gnó – Blianta 1 & 2  
Baitsiléir Gnó i Margaíocht – Bliain 3  
Baitsiléir Gnó i mBainistíocht – Bliain 3  
Baitsiléir Gnó (Onór) Blianta 1, 2 & 4  
MBus

## **Roinn Deiseanna Oideachasúla**

Baitsiléir Gnó – Blianta 1 & 2

### **SCOIL NA NDAONNACHTAÍ**

#### **Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta**

Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta – Blianta 1, 2 & 3

Baitsiléir Ealaíon (Onór) i gCúram Sóisialta

Baitsiléir Ealaíon i gCúram & Oideachas Luathóige Leanaí (ab initio) – Blianta 1, 2 & 3

Baitsiléir Ealaíon (Onór) i gCúram & Oideachas Luathóige Leanaí – Bliain 4

Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Áineasa & Fóillíochta – Blianta 1, 2 & 3

MA

#### **Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais**

Baitsiléir Gnó i nGnó i dTurasóireacht – Blianta 1, 2 & 3

Ardteastas in Ealaíona Cócaireachta – Blianta 1 & 2

Ardteastas i bhFáilteachas – Blianta 1 & 2

Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Fáilteachais – Blianta 1, 2 & 3

Baitsiléir Gnó (Onór) i mBainistíocht Fáilteachais – Bliain 4

Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Beáir (ab initio) – Blianta 1, 2 & 3

Baitsiléir Gnó in Ealaíona Cócaireachta (ab initio) – Blianta 1, 2 & 3

Baitsiléir Gnó (Onór) i dTurasóireacht – Blianta 1, 2 & 4

#### **DEIS**

Baitsiléir Ealaíon in Oideachas agus Forbairt Pobail – Bliain 1 & 2

MA

### **SCOIL NA HINNEALTÓIREACHTA FOIRGNÍOCHTA & SIBHIALTA**

#### **Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil**

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta – Blianta 1, 2 & 3

Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha (ab initio) – Blianta 1, 2, 3 & 4

Iontráil Chomóna Innealtóireachta Leibhéal 8 – Bliain 1

MEng

PhD

#### **Roinn Ailtireachta**

Baitsiléir Eolaíochta in Ailtireacht Intí – Blianta 1, 2 & 3

Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Ailtireacht Intí – Blianta 1, 2 & 4

Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i dTeicneolaíocht Ailtireachta – Blianta 1, 2, & 3

Baitsiléir Eolaíochta i dTeicneolaíocht Ailtireachta – Blianta 1, 2 & 3

Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i dTeicneolaíocht Ailtireachta – Bliain 4

Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Ailtireacht – Blianta 1, 2, 3 & 4

MSc in Ailtireacht (Comhchúrsa le UCC)

#### **Roinn Foirgníochta**

Baitsiléir Eolaíochta i bhFoirgníocht – Blianta 1 & 2

Baitsiléir Eolaíochta in Eacnamaíocht Foirgníochta

Baitsiléir Eolaíochta i mBainistíocht Foirgníochta

Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistíocht Foirgníochta – Blianta 1, 2 & 4

Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i Suirbhéireacht Chainníochta – Blianta 1, 2 & 3

## SCOIL NA HINNEALTÓIREACHTA MEICNIÚLA & PRÓISIS

### Roinn Innealtóireachta Ceimicé & Próisis

Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Cheimiceach & Próisis – Blianta 1, 2, 3 & 4  
Ardteastas in Eolaíocht i nDea-Chleachtas Déantúsaíochta & Teicneolaíochta – Bliain 2

### Roinn Innealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireachta Déantúsaíochta – Bliain 3  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Ard-Teicneolaíocht Déantúsaíochta (forlíontach)  
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Seirbhísí Foirgníochta – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Bithleighis – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Chóras Fuinnimh (Foirgnimh) (forlíontach)  
Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Bithleighis (ab initio) – Blianta 1, 2, 3 & 4  
M Eng  
PhD

### Roinn Innealtóireachta Meicniúla

Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Iompair & Teicneolaíocht – Blianta 1, 2 & 3  
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistíocht Iompair – Bliain 4  
20. Tháinig an chéad phíosa d'earra airgid chuig CIT don séasúr 2011 Trí Leibhéal CLG ar 26 Eanáir 2011 i ngeall ar an mbua dá chuid 3:11 in aghaidh 0:13 ar Ollscoil Uladh, Jordanstown i Roinn 1 de Chraobhchluiche Peile na Chéad Bhliana. Is é seo an chéad trófaí ag an ngrád seo sa pheil a ghnóthaigh CIT ó 1991.
21. D'óstaigh an Institiúid Comórtas Ceannais Náisiúnta Scileanna 2010 le haghaidh Freastal Bialainne sa Bhialann Traenála ó 7 go 9 Feabhra 2011. Bhí an tUachtarán i láthair nuair a bronnadh Plaiseanna Cuimhneacháin agus Buantrófaí ar 9 Feabhra 2011.
22. Bhí Searmanas Duaiseanna Gníomhachtúcháin Mhargadh an tSaothair ar siúl ar 17 Feabhra 2011 i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Bronnadh Dámhachtainí Sainchuspóireacha ar 74 mac léinn sna cúrsaí seo a leanas:

#### Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta

Innealtóireacht Chomhshaoil & Fuinnimh

#### Scoil Innealtóireacht & Próisis

Oibríochtaí GMP & Próisis  
Teicneolaíocht Innealtóireachta  
Córais Fhuinnimh Inbhuanaithe  
Dearadh & Forbairt Táirge

#### Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta

Rialú agus Uathoibriú Próisis  
Ard-Uathoibriú Tionsclaíoch  
Cothabháil Córais TF  
Ard-Bhogearraí

#### Scoil Ghnó

Fiontraíocht & Gnó

23. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Ardteastas ar siúl ar 17 Feabhra 2011 i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Rinneadh an bronnadh ar 83 mac léinn ar fad. Tar éis an Bhronnta, bhí Bronnadh Duaiseanna ar siúl do na mic léinn ab fhearr seo a leanas:

Urraí	Ainm an Mhic Léinn
GPS Ireland	An mac léinn is fearr in NAROSO <b>Daniela Roessler</b>
CoCo Philips Ireland Ltd	An Dalta Loingseoireachta is Fearr <b>Daniel Cagney</b>

24. Ghnóthaigh mic léinn CIT an chéad áit fochéime agus an dara háit ar fad ag na Comórtais Bhliantúla Idirnáisiúnta Innealtóireachta Leighis a bhí ar siúl ar 23 Feabhra 2011 in Birdcage Walk, Westminster, Londain. Is iad sin:

Comh-Dara hÁit ar Fad agus an Mac Léinn Fochéime sa Chéad Áit – Duais an Corin Group don Tionscadal Teicneolaíochta is Fearr i gCúram Sláinte:

- **Mark Quigley** – Tionscadal na Bliana Deiridh i gCéim na hInnealtóireachta Meicniúla dar teideal “Contact Lens Manufacturing Process Optimisation” – Bausch & Lomb

Comh-Dara hÁit agus an Mac Léinn Fochéime is Fearr – Duais JRI don Tionscadal Innealtóireachta ab Fhearr a Taispeánadh agus a Cuireadh i Láthair:

- **Pádraig Herbert**, Tionscadal Innealtóireachta Bithleighis na Bliana Deiridh dar teideal: “Dorsiflexion Assistance and Stability Control of the Talocrural Joint in a subject with Polio Syndrome”

Tugadh ard-mholadh agus Duais Chraoibhe ag na Comórtais Cheannais do **Gavin O’Sullivan**, Mac Léinn Innealtóireachta Meicniúla CIT, i ngeall ar a thionscadal féinsamhlaithe ar “Design and Development of User Friendly, Integrated, Ergonomic Wheelchair Transfer Board”.

25. Bhí Searmanas Bronnta Duaiseanna na hInstitiúide ar siúl i Seomra na Comhairle, Áras Riaracháin ar 2 Márta 2011. Rinne an bronnadh bliantúil duaiseanna seo céimithe dearsnaithe 2010 a onóru. Tugadh duaiseanna do na mic léinn seo a leanas:

- **John Ahern** – Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr – Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i gCórais Chumhachta Leictrí
- **Tara Conlon** – Mac Léinn is Fearr sa Mháistir Múinte – Máistir Gnó
- **Barry Conwell** – Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr - Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mhuirí & Ghléasra
- **Ian Ray Heffernan** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr – Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Loingseoireachta
- **Sinéad Hehir** – Duais Marshall Hutson – Mac Léinn Oideachas Ealaíne is Fearr – Ard-Diplóma in Ealaíona in Oideachas Ealaíne & Dearaidh
- **Giovanni Idili** – Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearr – Máistir Eolaíochta i bhForbairt Bogearraí
- **Giovanni Idili** – Mac Léinn is Fearr go hUile - Máistir Eolaíochta i bhForbairt Bogearraí
- **Donal Kennedy** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr – Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhFisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
- **Amy Murphy** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr – BA (Onór) in Oideachas Luathóige
- **Marie Therese Newman** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr - Baitsiléir Ealaíon – Dearadh Ceirmeach
- **Aidan O’Flynn** – Mac Léinn is Fearr sa Mháistir Múinte – Máistir Ealaíon – Teiripe Ealaíne
- **Gary Halloran** – Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr – Baitsiléir Eolaíochta i bhFisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
- **Laoise O’Hanlon** – Mac Léinn is Fearr sa Mháistir Múinte – Máistir Ceoil (Léiriú Ceoil)
- **Ian O’Leary** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr – Baitsiléir Ealaíon (Onór) i gCumarsáid Mheáin
- **Ian O’Leary** – Duais HETAC don Sár-Mhac Léinn in Ealaín & Dearadh i gColáiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT – Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Meáin-Chumarsáid
- **Eugene O’Loughlin** – Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr – Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shihbialta
- **Sam Perkin** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr – Baitsiléir Ceoil (Onór)
- **Sam Perkin** – Duais HETAC do Mhac Léinn na Bliana don sár-mhac léinn is fearr in CIT – Baitsiléir Ceoil (Onór)
- **Brigid Walsh** – Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr – Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Fáilteachais

26. Rinne Ceolscoil Chorcaí Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh le “Tráthnóna le Buaiteoir Ghradam Ceoil TG4”, **Seán McKiernan** agus cairde in Halla Curtis ar 16 Márta 2011.
27. Thug Ceathairéad Vanbrugh RTÉ a chéad léiriú do **Sam Perkin**, mac léinn sa Mháistir Múinte i gCeapadóireacht, tar éis dó a chéad téadcheathairéad a chur i gcrích ar 31 Márta 2011 i gCeolscoil Chorcaí CIT.
28. Bhí Duaiseanna Cumainn & Gníomhaíochtaí na Mac Léinn ar siúl ar 5 Aibreán 2011 in Áras na Turasóireachta & an Fháilteachais. Bronnadh cúig ghrúpdhuais agus sé dhuais aonair ar an oíche agus cuid de na buaiteoirí ag seasamh do CIT ag na Duaiseanna Náisiúnta Cumann i nGaillimh ar 21 Aibreán 2011. Bronnadh Scoláireachtaí & Sparánachtaí “Volunteer Abroad” ar cheithre mhac léinn déag freisin.
29. Thaistil Foireann Lúchchleasaíochta CIT chuig comórtais cheannais raoin agus páirce ollscoileanna na hÉireann ag an deireadh seachtaine an 30 Aibreán a bhí á óstú ag Ollscoil na Ríona, Béal Feirste. B’fhiú go maith an turas óir chuir foireann na bhfear críoch gan fasach leis agus an 4ú háit acu ar fad sa Chraobhchomórtas sa Chéad Roinn agus foireann na mban le moladh sa 2ú háit sa Chraobhchomórtas sa Dara Roinn.

30. Ar 4 Bealtaine 2011, d'óstaigh an tÁras Turasóireachta & Fáilteachais Duaiseanna Spóirt 2011 CIT. Ba í an t-aoichainteoir ná Juliet Murphy a ghnóthaigh cúig bhonn Uile-Éireann le peileadóirí ban Chorcaí, a bhí ina hiarimreoir idirnáisiúnta cispheile d'Éirinn agus a bhuaigh i gcomórtais cheannais bollaí idirchúige agus náisiúnta. Is iarmhac léinn de chuid CIT í.

Fuair deichniúr mac léinn ar fad a rinne ionadaíocht do na Clubanna Dornálaíochta, Iománaíochta, Badmantain, Sacair, Liathróid Raicéid, Seoltóireachta, Curachóireachta agus Camógaíochta duaiseanna aitheantais as a gcuid éachtaí agus an cion a thug siad in CIT. Bronnadh na duaiseanna seo a leanas:

Duais	Faighteoir
Mac Léinn Nua na Bliana	<b>Georgina McKeon</b>
Éacht Céimí	<b>Graham Canty</b>
Foireann na Bliana	<b>Foireann Hacaí na bhFear</b>
Club na Bliana	<b>Club Badmantain</b>
Duaiseanna Éachta	Bronnadh iad ar cheathrar mac léinn reatha a bhí ina mbaill d'Fhoireann bhuach Peile Sinsearaí Chorcaí in 2010 <b>Ciaran Sheehan, Brian O'Regan, Aidan Walsh</b> agus <b>Conor O'Driscoll</b>
Naoi nDuais Aonair	<b>Jonathan O'Keeney</b> – Liathróid Raicéid <b>Caitriona Kelleher</b> – Sacar <b>Sean O'Gorman</b> – Badmantan <b>John O'Hea</b> – Curachóireacht <b>George Kenefick</b> – Seoltóireacht <b>Charles Foley</b> – Sacar <b>Stephen McDonnell</b> – Iománaíocht <b>Eoin Murphy</b> – Dornálaíocht <b>Shona Cunningham</b> – Camógaíocht

31. Rinneadh Cócaire Ceannais de **Harry Marguart**, mac léinn Cócaireachta ón Roinn Turasóireachta & Fáilteachais ar TV3 ar 27 Bealtaine 2011. Bhí ar Harry atá naoi mbliana dhéag d'aois aghaidh a thabhairt ar iomaíocht thréan ar feadh na sraithe. D'aibhsigh an éacht a rinne sé ardchaighdeán agus barr feabhais na Roinne.
32. Fuair caoga is aon mac léinn a gcuid pár ag an mbronnadh bliantúil Samhraidh Céimeanna agus Ardteastas a bhí ar siúl i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 16 Meitheamh 2011.
33. Bhain foireann Innealtóireachta Mic Léinn de chuid CIT ar a raibh **Danny Allen, Richard Childs** agus **Patrick Byrne** an chéad duais i Leibhéal 7 de Dhuaiseanna Nuálaíochta Mic Léinn Siemens Innealtóirí Éireann 2011 i mBaile Átha Cliath ar 20 Meitheamh 2011. Rinne siad a dtionscadal ar dhearadh, fhorbairt, mhonarú, choimisiúnú agus tástáil córais uathobrithe le haghaidh gais phróistéiteacha guailgne i gcomhar leis an monarcha déantúsaíochta, Croom Precision Medical, Cromadh, Co. Luimnigh.
34. Roghnaíodh an mac léinn de chuid CIT **William Holland**, Buaiteoir UAINI Bonn Óir William Butler Yeats 2010 agus Innealtóir Nuálaíoch óg na Bliana 2009 de chuid CIT le haghaidh agallamh Chumann na gCéimithe ag Duaiseanna Fochéime na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.
35. Rinne **Conor Palliser**, mac léinn iarchéime i gCeolscoil Chorcaí CIT, a chéad iarracht agus Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ á stiúradh aige sa Cheoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath ar 16 Lúnasa 2011. Craoladh an cheolchoirm beo ar Lyricfm de chuid RTÉ. B'éacht iontach é an fostú sin a fháil agus guíonn idir mhic léinn agus foireann gach rath air.

### 3.11 Bunú Ról Ombudsman Mac Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe an Polasaí Gearáin Mhic Léinn ag cruinniú dá gcuid ar 1 Iúil 2010. D'éiligh an polasaí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman Mic Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról a bheadh agus tuairisciú don Uachtarán i gceist.

D'iarr an tUachtarán ainmniúchán ón bhFoireann Shinsearach. Fuarthas ainmniúchán amháin, ball den fhoireann acadúil a d'éirigh as le déanaí.

Cheap an tUachtarán Paul Sliney i ról Ombudsman Mic Léinn tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláraitheoir & ag Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Mic Léinn agus Uachtarán Comhaltas na Mac Léinn leis ar 24 Meán Fómhair 2010. Aontaíodh go nglacfadh an tUasal Sliney leis an ról ar feadh aon bhliain amháin agus súil leis an ról a athbhreithniú agus ansin rogha leanúint ar aghaidh ar feadh dhá bhliain breise.

# 4. Taighde & Forbairt

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha
- 4.2 Gníomhaíochtaí Taighde
- 4.3 Naisc Sheachtracha Forbartha
- 4.4 Forbairt Campais
- 4.5 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí

## 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

Tá CIT tiomanta do chabhair a thabhairt d'fhiontraithe agus do thosuithe nua gnó agus cuireann sí tacaí agus deiseanna ar fáil freisin do chuideachtaí atá ann cheana lena gcuideachtaí a chur chun cinn go dtí an chéad leibhéal eile. Déantar é sin go mór mór trí Lárionad Rubicon agus trí na cláir a reáchtálar ón Lárionad, agus trí na Lárionaid Taighde Fheidhmigh (AREanna) chomh maith.

### Lárionad Rubicon

Cuireadh an síneadh le Lárionad Rubicon i gcrích i Meitheamh 2010 agus d'oscail an Taoiseach, Brian Cowan Uas. é i nDeireadh Fómhair 2010. Leis an síneadh seo tá breis is 3,000m<sup>2</sup> ar fad sa lorg goir.

Mar thoradh ar an síneadh, féadfaidh Lárionad Rubicon cóiríocht a thabhairt do 220 duine, agus iad ag obair i 57 cuideachta tosaithe. Is é seo an comhchruinniú cuideachtaí tosaithe is mó in Éirinn. Tá naisc ag níos mó ná 50% de na cuideachtaí atá bunaithe sa Rubicon le CIT. Baineann na naisc sin le socrúcháin mhic léinn, tionscadail mhic léinn nó le comhthaighde agus forbairt.

I nDeireadh Fómhair 2010, chabhraigh Bainisteoir Lárionad Rubicon i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí le roinnt cuideachtaí dul ar mhisean trádála go dtí Contae Cook in Chicago. Chuir an misean deiseanna ar fáil do chuideachtaí bualadh le custaiméirí agus páirtnéirí agus infheisteoirí féideartha in Chicago.

Lean Lárionad Rubicon de chlár fhorbartha a reáchtáil i rith na bliana.

### Clár Fiontraíochta Genesis

Tá an clár seo ar siúl ó 1997 agus go dtí seo thacaigh an clár le breis is 220 fiontraí. Tá tionchar imeartha ag an gclár ar cheantar Chorcaí i dtéarmaí na dtosuithe gnólachtaí. Ina seal, chuaigh roinnt mhaith cuideachtaí "céimí" Genesis ar aghaidh chun céimithe CIT a fhosú, is foinse rialta socrúcháin iad do mhic léinn CIT agus tá tionscadail chomhoibritheacha chonartha taighde ag cuid mhaith díobh le CIT.

Thug cleachtadh a rinneadh le linn 2010 chun solais gur tógadh breis is €100m mar infheistíocht ag cuideachtaí Genesis ó fhoinsí seachtracha. San áireamh ansin tá caipiteal fiontair, scaireanna agus maoiniú poiblí.

I mí an Mhárta, bhí Simon Coveney, T.D., Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ag feidhmiú ag Duaiseanna agus Taispeántas Chlár Fiontraíochta Genesis. Cuireann an searmanas duaiseanna críoch le bliain na rannpháirtithe ar an gclár. As raon earnálacha a tháinig na 17 rannpháirtí, ar a n-áirítear monatóireacht ar shláinte ainmhí, monatóireacht uisce, fuinneamh, cumarsáide RF, bia, an leictreonaic agus an teileacumarsáid.

Bronnadh duais Alumni Genesis 2011 ar Cully & Sully (Clár Genesis 2004/2005). Bronntar an Duais go bliantúil ar alumnus de chuid Chlár Genesis a rinne éachtaí móra ina réimse tráchtála nó a chuidigh ar bhealach suntasach le forbairt eacnamaíochta gnóthaí eolasbhunaithe sa Réigiún.

### Tosú Fiontair

Le linn na bliana seo, lean CIT dá clár Tosú Fiontair a reáchtáil. Cuidíonn Tosú Fiontair le fiontraithe folaigh cinn a dhéanamh maidir le hindéantacht a smaoinimh agus tugann léargas ar na gnéithe bunriachtanacha a bhaineann le fiontar nua a chruthú. Ag deireadh an chláir, tugtar an deis do gach rannpháirtí a bplean gnó a chur i láthair phainéal saineolaithe agus áisinteachtaí tacaíochta. Ar chríochnú an chláir dóibh, leanann tuairim is 80% díobh ar aghaidh chun a gcoincheap gnó a fhorbairt ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha. Baintear úsáid as an gClár seo freisin faoi thosca dúnadh cuideachta agus cuireadh roinnt clár i gcrích áit a raibh cuideachtaí ilnáisiúnta i mbaol líon a gcuid fostaithe a laghdú.

### PINC

Fuair CIT maoiniú ó Pobal chun clár tiomnaithe a reáchtáil, PINC, d'fhiontraithe baineanna. Is dianchlár é PINC le haghaidh fiontraithe baineanna a dteastaíonn uathu a gcuid smaointe gnó a fhorbairt go dtí an chéad chéim eile. Reáchtálar an clár go páirtaimseartha i gcaitheamh deich seachtaine, rud a ligeann do na rannpháirtithe a gcuid cúram teaghlaigh a chothromú agus iad ag an am céanna i mbun pleanála agus forbartha a gcuid fiontar gnó. Is é an smaoineamh a spreagann PINC ná deis a thabhairt do na rannpháirtithe díriú ar a smaoineamh gnó i ngrúpthimpeallacht struchtúrtha agus meantóireacht a fháil duine le duine ag an am céanna ar gach gné dá ngnó.

### Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta

Leanann an acmhainn thiomnaithe Aistriú Teicneolaíochta de ról dílis a imirt i dtacú le breis idirghníomhaíochta le tionscal i ngach roinn ar fud na hInstitiúide. Fuarthas maoiniú de €120,000 ó Fhiontar Éireann chun leanúint den ghníomhaíocht seo. In 2010, bhí breis agus 200 idirghníomhaíocht le tionscal a d'éiligh comhaontuithe amhail comhaontaithe neamhnocha a dhréachtú. Gineadh an chuid ba mhó den ghníomhaíocht sin trí thrí cinn de Lárionaid Fheabhsaithe Taighde Fheidhmigh (TEC, CAPP & MEDIC) de réir mar a chuireann siad le leibhéal na gníomhaíochta le tionscal sa réigiún.



Le linn na Bliana Acadúla 2010/2011, baineadh amach an ghníomhaíocht aistrithe teicneolaíochta seo a leanas amach:

- Ceadúnais, Roghanna 2
- Nochtaí Fionnachtana 20
- Paitinní 2

Dréachtaíodh Polasaí nua Maoine Intleachtúla (IP) agus cuireadh i bhfeidhm é le linn na bliana.

Reáchtáladh roinnt sainchúrsaí oiliúna le linn na bliana don phobal taighde chun a bhfeasacht ar chúrsaí IP a mhéadú. Taispeánadh dóibh conas IP a chosaint agus na roghanna chun IP a shaothrú agus a thráchtáil.

### Gníomhaíochtaí Fiontraíochta Fochéime

Tá CIT ag cur lena gníomhaíocht fochéime i réimse na fiontraíochta bliain i ndiaidh bliana. D'imir an tOifigeach Caidrimh le Tionscal ról ceannasach sa réimse seo chomh maith leis na ranna acadúla. Is buntáiste mór é Lárionad Rubicon i gcur chun cinn an chláir seo.

### Duais CIT 2011 Bhoird Fhiontraíochta Chontae agus Chathair Chorcaí don Nuálaíocht

Bhí Duais CIT don Nuálaíocht ar siúl i gCúirt Lárionad Nexus na Mac Léinn ar 8 Márta 2011 agus thug John Mullins, POF Bhord Gáis Éireann an príomhthaispeán.

Chuir "Fiontraíthe" (19 bhfoireann ina raibh breis agus 78 mac léinn) a gcuid gnólachtaí ar taispeáint le linn an taispeántais agus bronnadh ciste duaise de €10,000 ar fad ar na hiontrálacha buachacha. Rinne Boird Fhiontraíochta Chontae agus Chathair Chorcaí urraíocht ar an gcomórtas agus le hais na nduaiseanna airgid tá buanchorn ar taispeáint i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla.

### Duaiseanna don Smaointeoireacht as an nGnách (Duaiseanna Mic léinn mar a bhíodh)

Cuireadh deich dtionscadal as Duais CIT don Nuálaíocht isteach ar na Duaiseanna Uile-Éireann Smaointeoireachta as an nGnách, rud a thug deis do mhic léinn tríú leibhéal ar fud na hÉireann dul san iomaíocht don teideal santaithe Fiontraíthe Coláiste na Bliana agus scar den chiste duaise de €50,000 a ghnóthú. Éiríonn go maith le CIT sa chomórtas seo agus bhain an duais mhór in 2004, Duais Cruickshank & Co Technology don Nuálaíocht in 2005, Duais Choláiste in 2006, an duais fhoriomlan in 2008, Duais Cruickshank & Co Technology don Nuálaíocht in 2008 agus an 2ú háit in 2010.

As na 15 thionscadal ar fad a roghnaíodh don ghearrliosta le haghaidh na gComórtas Ceannais Náisiúnta Smaointeoireachta as an nGnách, roghnaíodh trí thionscadal de chuid CIT.

### Intéirneach Fhiontair

Tá beirt Intéirneach Fiontair ag CIT a chuireann an fiontraíocht chun cinn i measc phobal na mac léinn. Tá Intéirneach amháin bunaithe san Oifig Forbartha agus an dara duine i Lárionad Rubicon. Tá teacht ag an mbeirt Intéirneach ar an bhFoireann Acadúil agus ar fhoireann Lárionad Rubicon agus ar na 57 cuideachta tosaithe atá bunaithe ansin. Caitheann na hIntéirneach 20 uair an chloig i mbun chur chun cinn na fiontraíochta ar an gcampus le linn dóibh a bheith i mbun a gcéim Máistir a dhéanamh in CIT freisin. Reáchtáil na hIntéirneach roinnt comórtas le linn na bliana, ar a n-áirítear comórtas do mhic léinn dara leibhéal a bhí ar siúl ar an Lá Oscailte. Tá na poist seo á maoiniú ag tionscadal SIF, Luathú Fiontraíochta Campais, Boird Fhiontair Chontae agus Chathair Chorcaí agus CIT.

### Clár Intéirneachta Samhraidh (Gorlann)

Le linn míonna an tsamhraidh, rinne trí thionscadal mic léinn, a chuimsigh 4 mhac léinn, freastal ar an Rubicon go lánaimseartha agus a smaointe gnó á bhforbairt acu. Le linn an ama sin rinne siad freastal ar cheardlanna seachtainiúla a chuimsigh roinnt mhaith topaicí, rud a chuir ar a gcumas plean gnó críochnaithe a bheith déanta acu faoin 1 Meán Fómhair. Fuair na mic léinn meantóireacht ó thionscal agus cabhair airgid ón Scoil Ghnó agus ón Scoil Innealtóireachta & Eolaíochta, agus cóiríocht oifige ón Rubicon. Cuireadh an clár intéirneachta i gcrích i Meán Fómhair 2011 nuair a cuireadh na gnólachtaí mic léinn a cruthaíodh le linn mhíonna an tsamhraidh i láthair agus nuair a seoladh iad don Fhoireann Shinsearach. Cloch mhíle eile atá ansin don Rubicon agus don chlár fiontraíochta mic léinn araon de bhrí gurbh é an chéad uair do mhic léinn cónaí ar an ngorlann ar champas agus gur tugadh oiliúint agus nochtadh fíorluachmhar do na cuideachtaí tosaithe a bhí bunaithe sa Lárionad.

### Fiontraí Cónaitheach

D'imir ceapachán Kieran Moynihan mar Fhiontraí Cónaithe CIT i Meán Fómhair 2010 tionchar dearfach ar na mic léinn, ar an bhfoireann agus ar na cuideachtaí atá bunaithe i Lárionad Rubicon chomh maith le treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do na cuideachtaí sa Rubicon agus infheistíocht á lorg acu. Tá Kieran tar éis bualadh le foireann agus mic léinn CIT ar fud an champais agus an nuálaíochta agus an fiontraíochta á gcur chun cinn aige. Rinne Kieran ionadaíocht freisin ag imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta, e.g. Treoirlínte Náisiúnta don Oideachas Fiontraíochta.

## **An Tionscadal YES**

Is páirtneir í CIT sa tionscadal Stráitéisí Óige & Fiontraíochta (YES) ar tionscadal é atá maoinithe ag an AE trí InterregIVC. Déanfaidh an tionscadal mapáil agus anailís ar an teagasc fiontraíochta sa chóras oideachais ag gach leibhéal – bunoidéachas, meánoideachas, gairmoideachas agus ardoideachas agus déanfaidh comórtais a chur chun cinn agus a fhorbairt chun cláir agus gníomhaíochtaí a fhorbairt.

### **Comhchoiste Chumann Tráchtála Chorcaí ar an bhFiontraíocht**

Tá Coiste bunaithe ag Cumann Tráchtála Chorcaí le scrúdú a dhéanamh ar conas an fhiontraíocht a spreagadh sa réigiún. Tá beirt ionadaithe de chuid CIT ar an gCoiste. Agus saol na heacnamaíochta mar atá, tá sé ríthábhachtach go gcruthódh Corcaigh comhshaol fabhrach d'fhorás na fiontraíochta agus d'fhorbairt gnólachtaí dúchasacha a d'fhéadfadh fostaíocht a chruthú agus easpórtálacha na hÉireann a mhéadú. Is é atá mar chuspóir ag an gCoiste ná teachtaireacht chomhtháite ghlé a fhorbairt ó na páirtithe leasmhara go léir le cultúr na fiontraíochta agus tacaíocht d'fhiontraithe a chur chun cinn.

### **Seachtain na Nuálaíochta**

Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl ó 7 go 11 Marta 2011 agus reáchtáladh 18 n-imeacht éagsúla le linn na seachtaine. Reáchtáladh imeachtaí ar Champas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Réadlann na Carraige Duibhe CIT.

### **Tacaíocht don Tionsclaíocht agus Forbairt Cúrsa – an Nuálaíocht don Tionsclaíocht Réigiúnach**

D'óstaigh CIT ócáid i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar "An Nuálaíocht don Fhorbairt Réigiúnach". D'aibhsigh an taispeántas seo na hacmhainní taighde agus an tacaíocht don taighde agus don fhorbairt atá ar fáil don tionsclaíocht trí na Lárionaid Taighde Fheidhmigh sna hInstitiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre. Reáchtáladh an taispeántas i gcomhar le Fiontar Éireann.

## 4.2 Gníomhaíochtaí Taighde

### Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha - Ginearálta

Sa bhliain acadúil 2010/11, d'fhoilsigh taighdeoirí CIT timpeall is 140 páipéar comhdhála, agus 57 páipéar irise piara-léirmheasta; lean dá gcaidreamh láidir leis an tionsclaíocht, agus baint acu le breis is 210 cuideachta i dtionscadail T&F; agus chuir níos mó ná 500 tionscadal fochéime i gcrích le comhpháirtithe tionsclaíocha

### Réimsí Reatha Speisialaithe agus Saineolais

Faoi láthair tá trí Chnuasach Taighde Institiúideacha (IRCanna):

- **NIMBUS** (a chuimsíonn líonraí de chórais gan sreang)
  - Ar a n-áirítear an lárionad comhéadan-tionsclaíocht **TEC**
- **BIO-EXPLORE** (a chuimsíonn comhdhúileanna bithghníomhacha, ceimic anailíseach agus innealtóireacht bhithleighis)
  - Ar a n-áirítear an lárionad comhéadan-tionsclaíocht **MEDIC**
- **PHOTONICS** (a chuimsíonn solas a ghiniúint agus a bhrath)
  - Ar a n-áirítear an lárionad comhéadan-tionscal **CAPPA**

Roinnt príomhmhéadracha a bhaineann leis na IRCanna:

- Tá na hIRCanna freagrach as níos mó ná 90% den ioncam taighde
- Bronnadh €23m ar na hIRCanna mar mhaoiniú sa dá bhabhta dheireanacha de PRTL, rud a dhéanann díobh na faighteoirí is rathúla san earnáil
- Tá NIMBUS lonnaithe i bhfoirgneamh de 1,750m<sup>2</sup> ó 2010. Beidh BIO-EXPLORE agus PHOTONICS lonnaithe sa Lárionad nua Taighde CREATE d'achar 1,500m<sup>2</sup> in 2013.

### Maoiniú Taighde agus Nuálaíochta

Taispeánann Táblaí 1 agus 2 próifíl Chaiteachais agus Ioncainm faoi seach don tréimhse 1 Meán Fómhair 2010 go 31 Lúnasa 2011. Is casta é an tacaíocht iomlán agus mar sin níl iontu ach achoimre. Is féidir na ráitis seo a leanas a dhéanamh:

- Tábla 1 – Léiríonn an laghdú ar an gCaiteachas ar thaighde ó 2009/10 – 2010/11 próifíl chaiteachais PRTL IV. Bronnadh €18.2m ar CIT in 2007 agus tharla an chuid ba mhó den chaiteachas sin in 2009 agus 2010 le linn d'fhoirgneamh NIMBUS a bheith á thógáil.
- Faoi 2010/11 tá coinbhéirsiú ag teacht ar an gcaiteachas agus ar an ioncam (cuir na Móriomláin i dTáblaí 1 agus 2 i gcomparáid) i dtreo na cothromaíochta de thart ar €11 - €13m. Dá bhrí sin, mura mbeidh mórchláir mhaoinithe taighde ann ar nós PRTL, is é is dóigh go dtiocfaidh athchothromú ar an luach sin le linn na mblianta beaga seo romhainn.
- Tá an t-ioncam ó SFI (Tábla 2) ag éirí de réir a chéile ó €75,000 in 2009/10 go €111,000 in 2010/11 agus meastar go mbeidh na teilgin air sin ag éirí i gcónaí.
- Tá na bronntaí is mó le feiceáil i dTábla 3.

**Tábla 1: Caiteachas ar Thaighde agus Nuálaíocht 2009/10 - 2010/11**

Foinse Mhaoinithe	2009/10	2010/11	Móriomlán
Conradh Tráchtála	670,256.96	1,707,920.00	2,378,176.96
Bronntanas /Urraíocht	307,382.25	238,376.92	545,769.17
Clár Maoinithe AE	595,784.33	650,749.31	1,246,533.64
Táillí Gearrtha	649,522.37	658,834.92	1,308,357.29
Tionscadal Maoinithe go hInmheánach (CIT)	109,972.50	134,837.62	244,810.12
Foinse Mhaoinithe Eile	22,958.39	29,044.14	52,002.53
Clár Maoinithe Stáit	19,490,231.86	12,010,752.39	31,500,984.25
<b>Móriomlán</b>	<b>21,800,201.88</b>	<b>15,430,515.30</b>	<b>37,320,717.18</b>

Tábla 2: Ioncam Taighde agus Nuálaíochta 2009/10 - 2010/11

Foinse Ioncaim	2009/10	2010/11
Conradh Tráchtála	1,434,176	900,058
Roinn Talmhaíochta & Bia	-	85,016
Fiontar Éireann	4,118,688	1,056,088
Gníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil	1,341,105	1,177,817
Coimisiún na hEorpa	418,558	712,382
Bord Taighde Sláinte	-	-
An tÚdarás um Ard-Oideachas	1,688,314	4,170,825
Institiúidí Teicneolaíochta Éireann	255,000	255,000
Comhairlí Taighde Éireann	72,000	72,009
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	74,672	111,779
Eile	3,645,521	1,326,144
<b>Móriomlán</b>	<b>11,526,052</b>	<b>9,867,118</b>

Tábla 3: Na Bronntaí Tionscadail is Mó 2009/10 - 2010/11

Comhlacht Maoinithe	Deontais is Mó	Bliain	Faighteoir
Coimisiún an AE	2,600,000	2010/11	NIMBUS
ÚAO	3,297,000	2009/10	PRTLIV
SFI	120,000	2010/11	NIMBUS
FÉ	1,980,000	2009/10	Síneadh Rubicon
	347,000	2009/10	Photonics

#### Méadrachtaí Eile Taighde agus Nuálaíochta

Taispeánann Táblaí 4-6 feidhmíocht fhoirne taighde CIT i dtaca le Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Fhiontar Éireann (Tábla 4), Íocaíochtaí Ciste Tráchtálaithe Fhiontar Éireann (Tábla 5) agus freisin maidir le híocaíochtaí paitinní, ceadúnas, nochtáí aireagán agus mac-chuideachtaí (agus an chéad dá cheann teilgthe do 2012) i dTábla 6. Tugtar faoi deara an méadú rialta ar líon na gcuideachtaí atá i gceist agus an maoiniú iomlán a tugadh. Tugtar faoi deara freisin go bhfuil na híocaíochtaí go léir beagnach á spreagadh ag CAPP (Campas Bhaile an Easpaig agus CIT@Tyndall), MEDIC agus TEC. Is eisceacht é BioMapper (ciste tráchtálaithe 2010/11).

Tábla 4: Deontais Chomhpháirtíochta Nuálaíochta

Bliain	Cuideachta	Luach (€)	Comhordaitheoir CIT
2009/10	Eurotech	121,444	TEC
	Epi-Light	80,806	CAPP
	Lincor	76,055	TEC
2010/11	Somex	129,521	CAPP
	Seftec	121,848	TEC
	BCO Pharma	150,089	MEDIC
	Superlum (Indéantacht)	2,485	CAPP

Tábla 5: Íocaíochtaí Ciste Tráchtálaithe

Bliain	Cuideachta	Luach (€)	Comhordaitheoir CIT
2009/10	IQ Veneers	120,717	TEC
2010/11	IMPLICIT	84,690	TEC
	AquaMonitor	136,934	CAPPA/TEC
	BioMapper	102,747	BIO-EXPLORE
	MapUme(Comm+)	97,945	NIMBUS
	Chest Drain Removal (Indéantacht)	15,000	MEDIC

Tábla 6: Paitinní, Ceadúnais, Nochtaí Aireagáin agus Mac-chuideachtaí

Bliain	Paitinní	Ceadúnais	Nochtaí Aireagáin	Mac-chuideachtaí
2010/11	2	2	20	0

Tá CIT i mbun IRC nua a chur ar bun in "Fuinneamh agus Comhshaol Inbhuanaithe" agus réimse tosaíochta taighde sna Daonnachtaí faoin téama "Cúram Sláinte Comhtháite". Lena chois sin tá an Institiúid i mbun oibre chun feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha in

- Ealaín agus Dearadh – ábhair dhúchasacha agus nua (taighde ceirmeach agus teilgcheárta)
- Ceol (Cumadóirí Éireannacha an 20<sup>ú</sup> hAois)
- Gnó

Tá an taighde sin le cois an taighde agus na comhairleachta a dhéantar laistigh de Lárionaid Teicneolaíochta san Institiúid. Is lárionaid acmhainní náisiúnta iad na lárionaid sin agus cuireann siad ar fáil saineolas, comhairle agus cabhair neamhspleách d'earnálacha difriúla comhlachtaí tionscail, gnó agus rialtais. Cuimsíonn siad:

- Cuireann an **Lárionad d'Ardchórais Déantúsaíochta agus Bainistithe (CAMMS)** deiseanna ar fáil don duine aonair agus do chuideachtaí chun staidéar a dhéanamh ar mhaithe le cáilíochtaí agus chun cáilíochtaí a bhaint amach i sainréimsí chomh maith le seirbhísí taighde agus comhairleachta do raon tionscal i réimsí mar leagan amach agus optamú próisis.
- Cuireadh an **Lárionad don Ghlan-teicneolaíocht (CTC)** ar bun mar fhreagra ar riachtanas atá ag síor dhul i méid chun dramhaíl a íoslaghdú ag an bhfoinse mar mhalairt ar chóireáil agus diúscairt dramhaíola. Cuireann an lárionad seo oiliúint agus comhairleacht ar fáil do thionscal chomh maith le taighde ar theicneolaíochtaí táirgeachta níos glaine, rangú dramhaíola agus íoslaghdú dramhaíola ag na leibhéil náisiúnta agus AE.
- Tá **Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe** ag feidhmiú ar feadh 4 bliana agus thug breis is 200,000 duine cuairt ar an taispeántas chomh maith le breis is 50,000 mac léinn (35,000 duine díobh trí mheán na pláinéadlainne iniompartha). D'óstaigh an réadlann agus ghlac páirt i gcuid mhaith imeachtaí. Ba mhór an méid breise é ceardlanna CPD a chur ar fáil do mhúinteoirí.

## TYNDALL

Léirigh CIT-CAPPA@Tyndall feidhmíocht an-láidir in 2010/11. Cuimsíonn Tyndall 3 Phríomh-Thaighdeoirí, 5 Taighdiúirí Iar-Dhochtúireachta agus 19 mac léinn PhD. Ar na comhoibreoirí tionscail tá Alcon, Epi-Light, Superlum agus Logitech. Ar na príomhchomhoibreoirí ó thar lear tá Ollscoil California Los Angeles (UCLA), SAM agus an Centre National de la Recherche Scientifique (CNRS) Páras na Fraince. Tá taighdeoirí CIT@Tyndall ina gcomhoibreoirí ar dhá chlár náisiúnta céimí – sa nanaitheicneolaíocht agus san fhótónaic.

## LÍON NA nIARCHÉIMITHE

Tá líon reatha na dtaighdeoirí liostaithe sa tábla thíos:

<b>Mic Léinn PhD</b>	<b>61</b>
Lánaimseartha	55
Páirtaimseartha (Líon iomlán agus CLA)	06
<b>Mic Léinn Máistir trí thaighde</b>	<b>108</b>
Lánaimseartha	98
Páirtaimseartha (Líon iomlán agus CLA)	10
<b>Taighdeoirí lardhochtúireachta</b>	<b>03</b>

### Cláir Struchtúrtha PhD Ed4Life agus INSPIRE

Chuir **Ed4Life** (Oideachas do na Bitheolaíochtaí) agus **INSPIRE**, Cláir Struchtúrtha PhD, tús araon lena n-iontógálacha dá gcéad chohórt mac léinn. Baineann Ed4Life an-úsáid as teicneolaíochtaí nua, go háirithe r-phunannacha, chun dul chun cinn na mac léinn a rianú. Baineann INSPIRE leas as an gcur chuige il-institiúideach dúchasach chun timpeallacht cheannródaíoch a chur ar fáil dá chuid mac léinn.

Chun tacú le forbairt na PhDanna Struchtúrtha, ghlac an Chomhairle Acadúil le “Creat d’Fhorbairt PhDanna Struchtúrtha”, ar cáipéis pholasaí é a rianaíonn na príomhghnéithe agus na riachtanais a bhaineann le PhDanna Struchtúrtha in CIT.

### CREATE

Ceapadh an fhoireann dearaidh, atá á treorú ag na hailtirí RKD, agus táthar ag súil go dtabharfar na mionlíníochtaí dearaidh chun críche i dtreo dheireadh 2011, agus lár 2012 mar sprioc le haghaidh síniú na gcáipéisí tairisceana.

### 4.3 Naisc Sheachtracha Forbartha

Le linn na bliana lean an Institiúid de naisc a chothú agus a chur chun cinn le heagraíochtaí agus institiúidí seachtracha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Orthu sin bhí:

- IDA
- FÁS
- Fiontar Éireann
- Bord Fiontair Chathair Chorcaí
- Bord Fiontair Chorcaí Theas
- Bord Fiontair Chorcaí Thuaidh
- CorkBIC
- Cumann Tráchtála Chorcaí
- it@cork
- Cork Electronics Industry Association

#### **Páirc Nuálaíochta & Teicneolaíochta Eolaíochta Chorcaí (CSITP)**

Bhuail an Bord Comhairleach don CSITP le chéile ar ócáidí éagsúla i rith na bliana. Cuimsíonn an Bord ionadaithe ó thionscal, áisinteachtaí tacaíochta sa réigiún (CIT, UCC, Fiontar Éireann, IDA, Cumann Tráchtála Chorcaí, Comhairle Chontae Chorcaí) agus ionadaithe ó na húinéirí talún áitiúla. Cuireadh athaicmiú na talún don pháirc i gcrích i rith na bliana.

#### **Comhpháirtíocht Forbartha Mhala**

Tá CIT ar cheann de na trí institiúid tríú leibhéal a bhfuil baint acu le tionscnamh an Mhol Teicneolaíochta i Mala. Ar dhá leibhéal atá bainteach CIT. Ar an gcéad dul síos, tríd an Lárionad do Theicneolaíochtaí i gcomhair Ríomhaireacht Leabaithe i Lárionad Taighde NIMBUS. Déanfaidh CIT roinnt dá gcuid trialacha agus taispeántas allamuigh a phiólótú i mbaile Mhala i gcomhar leis an gComhairle Cheantair Uirbigh agus le Comhairle Contae Chorcaí. Ar an dara dul síos, tá CIT ag obair i gcomhar le roinnt cuideachtaí i Mala chun gníomhaíocht T&F agus teicneolaíochtaí a chuimsiú i ngnólachtaí tráchtála atá ann cheana féin.

#### **Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta**

Ní raibh an gá céanna riamh cheana go nglacadh institiúidí tríú leibhéal leis an idirnáisiúnú. Inter alia, de réir roinnt tráchtairí tá an t-éileamh ar an oideachas idirnáisiúnta atá ag dul i méid, an glacadh leis an mBéarla mar an teanga dhomhanda don oideachas, domhandú chúrsaí gnó, infhaighteacht éasca teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an brú ar institiúidí ardoideachais chun féinmhaoinithe níos mó agus níos mó agus acmhainn airgeadais roinnt ollchumhachtaí domhanda atá ag fás tar éis an t-idirnáisiúnú a shuíomh go lárnach i straitéis smaointeoireachta roinnt mhaith institiúidí.

Is fada CIT i mbun caidreamh idirnáisiúnta a fhorbairt ar mhaithe lena cuid mac léinn agus páirtithe leasmhara eile. Le blianta fada, tá caidreamh tréan forbartha ag CIT le hinstitiúidí idirnáisiúnta (go mór mór san Eoraip) rud a chuir ar fáil deiseanna malartaithe mic léinn, bealaí forbartha foirne agus asraonta taighde nach mbeadh ar fáil go háitiúil ar aon slí eile. Le blianta beaga, tá caidreamh straitéiseach forbartha ag CIT san India, a bhfuil cuma na maitheasa orthu, agus tá sí gafa go gníomhach le hinstitiúidí ábharthacha sa tSín, i gCeanada agus sa Mheán-Oirthear. Tá CIT tiomanta do chaidreamh straitéiseach fadtéarmach a fhorbairt le hinstitiúidí measúla oideachais lena chinntiú go gcuirfear deiseanna foghlama ar fáil dá cuid mac léinn agus chun forbairt a dhéanamh i gcomhthéacs fíor-idirnáisiúnta.

#### **Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil/Clár Erasmus**

##### **Gníomhaíochtaí Soghluasteachta Erasmus**

Le linn 2010/2011, lean na gníomhaíochtaí faoin gclár LLP Erasmus de bheith ag forbairt. Bronnadh Cairt Ollscoile Leathnaithe Erasmus ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don tréimhse 2007-2013, rud a chuireann ar chumas na hinstitiúide cur isteach ar mhaoiniú soghluasteachta chun malartuithe agus socrúcháin mhic léinn a airgeadú agus a riar, chomh maith le malartuithe foirne acadúla agus cuairteanna forbartha foirne, ar bhonn bliantúil.

Fuarthas cistiú de €154,825 ina iomláine ón ÚAO (Áisinteacht Náisiúnta Erasmus) le haghaidh gníomhaíochtaí soghluasteachta le bheith ar siúl le linn na tréimhse ó 1 Meitheamh 2010 go 30 Meán Fómhair 2011.



## Malartuithe agus Socrúcháin Staidéir Erasmus (Amach)

I gcaitheamh na bliana 2010-2011, ghlac 22 mac léinn páirt sa chlár Malartuithe Staidéir Erasmus: Cúram Sóisialta, Oideachas Luathóige, Staidéar Gnó, Ceol, Ealaín agus Dearadh, Meáin Chumarsáide agus Ríomhaireacht. Rinne na mic léinn sin staidéar ag institiúidí páirtneireachta Erasmus sna tíortha seo a leanas: An Fhionlainn, An Iodáil, An Eastóin, An Ghearmáin, An Bheilg, An Fhrainc, An RA, An Spáinn, An tSualainn agus An Danmhairg.

Rinne 43 mac léinn ó na Scoileanna Daonnachtaí, Eolaíochta agus Innealtóireachta socrúcháin a bhí maoinithe ag Erasmus ag cuideachtaí/eagraíochtaí san Fhionlainn, sa Danmhairg, san Ísiltír, sa Ghearmáin, san Fhrainc agus sa Spáinn.

Rinne 12 léachtóir de chuid CIT malartú múinteora Erasmus ag institiúidí páirtíochta, agus tharla an líon céanna léachtóireachta isteach freisin. De thairbhe maoiniú nua ó chiste chlár Erasmus, tugtar cuireadh do shaineolaithe tionsclaíochta is gnó teacht chun léachtanna a thabhairt san Institiúid. Cuireann an áis nua seo léargas tráthúil ar fáil, do bhaill foirne maraon le mic léinn, ar ghnéithe are leith den tionscal nó gnó atá faoi chaibidil. Maoiníodh roinnt cuairteanna monatóireachta socrúcháin Erasmus chomh maith.

Socraíodh trí chuairt oiliúna foirne a bhí maoinithe ag Erasmus don fhoireann acadúil agus riaracháin. Chuir CIT fáilte freisin roimh 180 mac léinn Erasmus isteach le haghaidh malartuithe staidéir agus socrúcháin le linn 2010/2011.

Is iad seo a leanas na ranna/coláistí a raibh baint acu leis an gclár malartaithe le linn na bliana Acadúla:

- Córtais Chuntasaíochta & Faisnéise
- Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
- Ailtireacht
- Eolaíochtaí Bitheacha
- Ceolscoil Chorcaí CIT
- Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil
- Ríomhaireacht
- Foirgníocht
- Innealtóireacht Cheimicé & Próisis
- Ceimic
- Innealtóireacht Leictreonach
- Bainistíocht & Margaíocht
- Innealtóireacht Mheicniúil
- Meáin Chumarsáide
- Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais

## Comhpháirtíochtaí Malartaithe

Faoi láthair tá breis is 100 comhaontú malartaithe Erasmus ag CIT le hinstiúidí comhpháirtíochta Eorpacha. Bhí an Institiúid ina comhpháirtí in iarratais rathúla ar dhá Dhianchlár Erasmus a raibh na Ranna Meáin Chumarsáide, Bainistíocht & Margaíocht, Ealaín & Dearadh, Ceol agus Staidéar Sóisialta & Ginearálta páirteach iontu. Beidh an deis ag mic léinn ó na ranna sin freastal ar chúrsaí seachtaine in institiúidí comhpháirtíochta sna trí bliana seo chugainn. Síniúdh comhaontuithe in 2010/11 leis na hinstiúidí seo a leanas:

- Acadamh Ceoil na hIorua, Oslo
- Ollscoil Oviedo, An Spáinn
- Ollscoil Porto, An Phortaingéil
- Ollscoil na Bóihéime Theas, Poblacht na Seice
- Ollscoil Montpellier, An Fhrainc

## Dianchlár Erasmus

Is ceann de chúig chomhpháirtí Eorpacha i CIT atá bainteach leis an tionscadal, dar teideal "Towards Creative Entrepreneurship" atá á chomhordú ag Polaiteicnic Lahti, institiúid chomhpháirtíochta Erasmus de chuid CIT le fada an lá, sna réimsí Ceol, Mínealaín, Turasóireacht agus Obair Shóisialta. Is iad na comhpháirtithe eile ná Norges Musikkhogskole, Oslo, Eesti Muusika-ja Teatriakadeemia, Tallin, agus Ollscoil Solent Southampton. **Is é an maoiniú iomlán don tionscadal ná €38,227.50. Reáchtáladh an dara dianchlár i gCeolscoil Chorcaí CIT deireadh Eanáir tús Feabhra 2011.**

Is comhpháirtí i CIT freisin in dhá Dhianchlár eile ar éirigh leo maoiniú a fháil lena n-aghaidh, a bhfuil baint ag na Ranna Staidéar Gnó, Staidéar Sóisialta agus Ginearálta agus Ceolscoil Chorcaí CIT leo.

## Scoláireacht Síochána George J. Mitchell

Lean CIT dá rannpháirtíocht sa chlár scoláireachta malartaithe seo, a bunaíodh le comóradh a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Cuireann an Scoláireacht deis ar fáil le haghaidh malartuithe aon seimeastar do bheirt mhac léinn idir CIT agus na coláistí i gCóras na gColáistí Pobail in Maine.

## 4.4 Forbairt Campais

### TIONSCADAIL CAIPITIL

#### Suirbhé ar an bhFoirgneamh Bunaidh (1974)

Is é a bhí i gceist leis an tionscadal seo ná mionsuirbhé ar an bhfoirgneamh bunaidh i dtéarmaí na fabraice seachtraí agus na seirbhísí go léir. Is cáipéis mhór í an tuarascáil iomlán ina bhfuil méid suntasach faisnéise teicniúla ar a n-áirítear moltaí agus costais maidir leis an bhfoirgneamh a uasghrádú go dtí Rialacháin Fhoirgníochta reatha, go mór mór i dtaca le rátáil fuinnimh de. Ghlac an Bord Rialaithe leis an tuarascáil agus cuirfead na moltaí i bhfeidhm ar bhonn céimnithe de réir mar a bheidh maoiniú ar fáil.

#### Lárionad Acmhainní Foghlama (LRC)

Roghnaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an scéim a chuir “Solas Education for Life Ltd” isteach mar an rogha ab fhearr don tionscadal. Toradh sásúil a bhí ansin de bhrí gurbh í rogha dhearaidh na hInstitiúide freisin í. Chuir an chuideachta forbartha isteach iarratas ar lánchead pleanála go luath i Meitheamh. Tabharfar lánchead pleanála mar sin i lár Dheireadh Fómhair mura gcuirtear achomhairc faoi bhráid an Bhord Pleanála.

#### Athchóiriú Áras Tyco

Tugadh Cead Pleanála d’athrú úsáide faoi réir ag roinnt coinníollacha. Baineann an coinníoll is troime le hiocaíocht phleanála de €215k. De bhrí gur mheas an Institiúid an méid sin a bheith an-dian, rinneadh achomharc don Bhord Pleanála. Níor éirigh leis an Institiúid san achomharc agus tar éis comhairle dlí a fháil, beartaíodh athbhreithniú dlíthiúil a lorg sa cheist agus d’éirigh leis an iarratas sin san Ard-Chúirt. Tá na spáis a tugadh do Lárionad na Teicneolaíochta Glan, do Elite Sport Facilities, don Lárionad Taighde ar Bhogearraí, MEDIC agus saoráidí Ceaintín athchóirithe agus áitithe. Déanfar an dá achar mhóra atá fágtha a dháileadh ar Theicneolaíocht Ailtireachta agus feidhmeanna Scrúduithe a athchóiriú i dtí chéim. Ceapadh foirne dearaidh go luath in 2011. Tugadh an conradh don chéad chéim den obair fhoirgníochta laistigh d’urlár na monarchan. Baineann an conradh seo den chuid is mó le hurlár mezzanine a thógáil agus soilse dín a shuiteáil agus ba chóir é a bheith curtha i gcrích go luath i mí na Nollag. Tá dul chun cinn maith déanta ar an obair dhearaidh le haghaidh chonradh Chéim 2. Is é a bheidh i gceist leis an gconradh seo ná ballaí teorann a thógáil agus cuid mhaith seirbhísí M & L a athshuíomh.

#### Saoráid Taighde Bitheolaíochta (CREATE - PRTLIV)

Tá an próiseas a bhain le foireann dearaidh chomhtháite a cheapadh curtha i gcrích go díreach agus tá na hAiltirí RKD i gceannas ar an bhfoireann rathúil. Tá ceapadh an PSDP don tionscadal curtha i gcrích de réir Rialacháin an AE agus bhunaigh an comórtas seo Creat Comhaontaithe le haghaidh sheirbhísí PSDP a d’fhéadfadh tarlú sa todhchaí i gcomhair tionscadal dá leithéid le linn na gceithre bliana seo chugainn. Tá tús curtha leis an bpróiseas dearaidh.

### Tionscadal UTRC/CIT

I gcomhpháirtíocht leis an Lárionad Taighde ar Theicneolaíochtaí Aontaithe (UTRC), tá beartaithe ag CIT leaba phrofa d’Fhuinneamh Náisiúnta Inbhuanaithe Foirgnimh a chruthú ag Áras NIMBUS. Is tionscadal taighde é seo a bhaineann le bainistiú fuinnimh agus cumhachta an fhoirgnimh iomláin chun deiseanna athfheistithe d’fhoirgnimh a cheapadh. Is é a bheidh i gceist leis ná micrighreille fuinnimh a bhunú a mbeidh idir fhoinsí in-athnuaite inseolta (eg. CHP) agus fhoinsí in-athnuaite neamh-inseolta (tuirbíní gaoithe) agus taisceadh fuinnimh.

Rinneadh dúthracht chúil ar son na hInstitiúide ar an tionscadal a bhí beartaithe agus thángthas ar chríoch shásúil.

Tá tús curtha leis an bpróiseas dearaidh agus Innealtóirí Arup mar shainchomhairleoirí Meicniúla & Leictreach. Rinneadh na ceapacháin sin agus leas á bhaint ag an gCreat Comhaontaithe. Is í an chéad chloch mhíle ná an leaba phrofa a bheith infheidhme faoi Mheitheamh 2012.

#### Tionscadal do Thaispeántas Athfheistithe Éighníomhaigh 1974 (PRD74)

Is tionscnamh de chuid Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla é seo. Is é a bheidh i gceist leis ná athchóiriú fairsing a dhéanamh ar achar beag ar an gcéad urlár ag deireadh Bhloc B. Is é is príomhaidhm leis ná timpeallach shócúlach oibre a chur ar fáil ar féidir monatóireacht ghéar a dhéanamh uirthi chun an fheidhmíocht fhuinnimh agus acmhainne a thomhas. Tá foireann iomlán dearaidh ceaptha agus leas á bhaint as an gCreat-Chomhaontú, ar a n-áirítear: Ailtire, Innealtóirí Meicniúla & Leictreacha, Suirbhéir Cainníochta agus PSDP. Tá dul chun cinn maith déanta ar an obair dhearaidh fad is go bhfuil na cáipéisí tairisceana á n-ullmhú agus seans maith go gcuirfead tús leis an tógáil go déanach in 2011.

#### Athchóiriú agus Síneadh Bloic

Rinneadh athchóiriú ar roinnt ceardlanna (4) agus tá síneadh de 820m<sup>2</sup> araon le mezzanine laistigh de A183 á dtógáil chun cóiríocht a chur ar fáil do aisdúichiú bhloic na bprintiseach a bhí fágtha ón gcóiríocht a bhí ar cíos sa North Point. Tugadh cead pleanála don síneadh i mBealtaine 2011. Tá an t-athchóiriú ar na ceardlanna curtha i gcrích agus tá tús curtha leis an tógáil ar an síneadh ar chóir di a bheith curtha i gcrích go luath in 2012.

#### Tionscadail Oibreacha Samhraidh

Cuireadh roinnt tionscadal suntasach i gcrích le linn thréimhse an tsamhraidh. Tá cuid díobh curtha i gcrích agus a thuilleadh díobh ag teacht chun críche atá rianaithe mar seo a leanas:

- Cosán idir na foirgnimh nua agus an chéad fhoirgnimh a uasghrádú
- Uasghrádú ar an bpríomh-bhealach isteach gar do Bhloc G
- Athchumhdra curtha ar Bhloc F
- Athchóiriú ar Shaoráidí Halla Gleacaíochta
- Athchóiriú ar Rochtain Oscailte, Áras TF
- Athchóiriú ar Sheomra Foirne
- Athchóiriú ar shé sheomra ranga

- Achair mhóra den chlúdach urláir i ndorchlaí athchurtha
- Soilsiú ísealfhuinnimh (LED) insuiteáilte i leath an Áras TF
- Ceamaraí CCTV breise suiteáilte

## TIONSCADAIL GHINEARÁLTA & SEIRBHÍSÍ

### Deireadh á Chur le Seomraí Réamhdhéanta ar Bhonn Céimnithe

Tá plean réitithe chun deireadh a chur leis na seomraí réamhdhéanta ar champas Bhaile an Easpaig agus tá sé curtha thart ar an bhFoireann Shinsearach. Baineadh as 18 seomra réamhdhéanta eile le linn thréimhse an tsamhraidh. Rinneadh é sin gan aon chostas a chur ar an Institiúid agus tá siad tar éis cóiríocht a raibh géarghá léi a chur ar fáil d'eagraíochtaí áitiúla spóirt.

### Athbhreithniú ar an Máistirphlean

Rinne Institiúid na hAiltirí RKD a choimisiúnú chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an máistirphlean campais. Tá gá leis an athbhreithniú sin chun na codanna Thuaidh (Tyco) agus Theas den champas a chomhtháthú agus suíomh áras CREATE atá á dheardh a thaispeáint chomh maith le pleananna do bhóthar rochtana thiar agus airéana spóirt laistigh. Éileoidh an plean ionchur ó innealtóirí bóthair agus ó ailtirí tírdhreacha.

### Plean Coiméiteara agus Páirceála

Bhí sé mar choinníoll sa chead pleanála don athrú úsáide le haghaidh Áras Tyco agus san fhógra deontais le déanaí don Áras LRC go ndéanfaí athbhreithniú ar an bPlean Coiméiteara agus Páirceála. Ar an ábhar sin tá na hInnealtóirí Arup fostaithe chun an obair sin a dhéanamh.

## 4.5 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí

Ba thosaíocht don Institiúid i gcónaí é feasacht ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2010/11. Rinneadh feabhsuithe móra sa réimse rochtana do chathaoirí rotha nuair a suiteáladh dhá ardaitheoir paisinéara, ceann i bhforsheomra na Leabharlainne/ Áras TF agus an dara ardaitheoir i bpríomhdhorchlaí an Phríomh-Árais móide roinnt fánán a feistíodh áit ar bith a saináithníodh gá leo. Fuarthas aischothú an-dearfach i dtaca leis na bearta sin ó úsáideoirí cathaoirí rotha agus ón bhfoireann agus ón bpobal mic léinn i gcoitinne.

Tá fadhb ag baint i gcónaí le tearcthuairisciú ar thimpistí agus theagmhais. Cuireadh rphoist chuig gach ball den fhoireann shinsearach ag iarraidh go bpléifí an t-ábhar lena mbaill foirne agus cuireadh an fhoirm tuairiscithe Timpiste ar an gcéad leathanach san inlín. Go dtí seo tá méadú fíorbheag le feiceáil againn i líon na dtimpistí agus na dteagmhais a tuairiscíodh.

### Coistí Sábháilteachta

Tharla cruinnithe rialta coiste sábháilteachta le linn na bliana i mBaile an Easpaig, i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT. Rinneadh tinreamh maith ar na cruinnithe agus pléadh éagsúlacht ceisteanna sábháilteachta áitiúla ar dhóigh a bhí an-dearfach agus tacúil.

### Aslonnú Éigeandála & Tástáil Aláram Dóiteáin

Rinneadh cleachtaí aslonnaithe éigeandála mar a bhí sceidealaithe ar fud na hInstitiúide le linn na bliana acadúla 2010/2011 ar champais Bhaile an Easpaig, i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann agus Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT. Cuireadh tástáil ar gach aláram dóiteáin agus cloigín i gcrích agus deimhníodh iad. Cuireadh tástálacha ar mhúchtóirí dóiteáin agus spóil osáin i gcrích de réir an chomhaontaithe seirbhíse.

### Sábháilteacht Ghinearálta & Oiliúint

Le linn na bliana reáchtáladh cúrsaí oiliúna foirne sna réimsí Garchabhair Cheirde, Saináithint Guaise agus Measúnú Riosca, VDU agus Eirgeanamaíocht Stáisiún Oibre Feasacht ar Shábháilteacht Cheimiceáin, Feasacht ar Obair go hArd, Cúrsa do Thiománaithe Forcardaitheora.

I mbliana dhíriomar ar Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, ar Cheolscoil Chorcaí CIT agus ar an Roinn Eolaíochtaí Bitheacha d'fhonn gach ball foirne a oiliúint i Láimhseáil Láimhe agus mar Mhaoir Dóiteáin le hoiliúint i múchtóirí dóiteáin.

Reáchtáladh cúrsaí oiliúna in Uath-Dhífhibrileoirí Seachtracha (HeartSaver AED) agus i mBuntacaíocht Beatha (BSL) don fhoireann agus do na mic léinn le linn Sheachtain CIT na Sábháilteachta. Oileadh 168 duine agus chuaigh siad ar ais go dtí a gcuid pobal leis an scil tarrthála beatha sin. Socraíodh cúrsaí breise in AED agus BLS do Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, Cé an tSúilleabhánaigh agus, ar iarratas uathu, do ghrúpaí éagsúla laistigh de CIT.

Lean Foireann Fhreagartha Éigeandála CIT dá gClár Breis-scileála nuair a rinne siad freastal ar roinnt seisiún oiliúna cáis le linn na bliana chomh maith lena dTeastais Chéad Chabhrach a athnuachan. Cuireadh oiliúint freisin ar Theiripe Ocsaigine agus ar Bhainistiú Bun-Bhealaí Aeir.

### Measúnuithe Guaise agus Riosca

Tá roinnt ranna ag obair i gcomhar le sainchomhairleoirí sábháilteachta chun a gcuid measúnuithe riosca a chur i gcrích agus leanann tuilleadh díobh ar aghaidh chun a saináithint guaise agus measúnú guaise a athbhreithniú ar bhonn leanúnach, agus cuireadh breis oiliúna ar fáil do bhaill foirne nuair a iarradh í.

# 5. Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna
- 5.2 Líon na Foirne
- 5.3 Éachtaí na Foirne

## 5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

### Líon na Foirne

Le linn 2010/11, ba é líon iomlán na Foirne ná 1,375 arbh ionann é sin agus 960.63 Cóibhéiseach Lánaimeartha. Ba í an chatagóir foirne ba mó ná Foireann Acadúil arbh ionann í sin agus 62% den líon iomlán.

Baineadh na figiúirí go leir sa roinn seo as Filleacháin Ráithe na hEarnála Poiblí mar a bhí ar 31 Nollaig 2010.

### Imithe ar Scor

D'éirigh na baill foirne seo a leanas as oifig i rith na bliana:


Philip Brennan, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro-Rata, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise  
 James Burns, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla  
 Ronald Buttimer, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla  
 Jan Cap, Léachtóir Ceolscoil Chorcaí CIT  
 Kathleen Casey, Foirgnimh & Eastáit  
 James Collins, Airíoch, Foirgnimh & Eastáit  
 Patrick J Connolly, Léachtóir, Lárionad do Staidéar Ceirde  
 Carmel Coughlan, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta  
 Ray Coughlan, Ceann Scoil na nDaonnachtaí  
 Kieran Crilly, Léachtóir, Roinn Bainistíochta & Margaíochta  
 Gerard Croke, Léachtóir, Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta  
 Mary Cronin, Oifigeach Foirne Sinsearach, Riarachán  
 Simon Cullinane, Léachtóir, Roinn Foirgníochta  
 Jeremiah Duggan, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictrí  
 Francis S Murphy, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla  
 Elaine Gordon, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT  
 Maureen Harley, Léachtóir, Roinn na Matamaitice  
 An tOllamh Kevin James, Léachtóir Sinsearach, Roinn Ceimice  
 Denis Kearney, Airíoch Sinsearach, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT  
 Eamonn Lane, Léachtóir (Struchtúrtha), Lárionad Staidéar Ceirde  
 Paul Mahony, Ceann Roinn an Oideachais Leantaigh  
 Percy McCormack, Airíoch, Foirgnimh & Eastáit  
 Patrick Mullen, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro Rata, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann  
 George O'Mahony, Léachtóir, Roinn Ailtireachta  
 Pádraig Ó Murchú, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictrí  
 Aidan O'Sullivan, Oifigeach Teicniúil, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice  
 Adrian Petcu, Léachtóir Sinsearach, Ceolscoil Chorcaí CIT  
 Patrick Quigley, Léachtóir, Roinn na gCóras Cuntasaíochta & na Faisnéisíochta  
 Moira Quinlan, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro Rata, Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais  
 Martin Quirke, Léachtóir, Roinn Foirgníochta  
 John Rafferty, Oifigeach Sinsearach Teicniúil, Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta  
 Brendan Ryan, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Ceimice & Próisis  
 David Simpson, Léachtóir, Roinn Ríomhaireachta  
 Bartholomew Walsh, Léachtóir, Roinn na nEolaíochta Bitheacha  
 David Wren, Léachtóir, Roinn Ailtireachta<sup>81</sup>

## 5.2 Líon na Foirne

### Líon Iomlán na Foirne

	CLA	Líon
Buan	756.68	835
Sealadach	<u>203.95</u>	<u>540</u>
<b>IOMLÁN</b>	<b>960.63</b>	<b>1,375</b>


### Líon Iomlán na Foirne



### Foireann de réir Catagóire

	CLA	Líon
Bainistíocht	10.00	10
Acadúil	600.08	857
Riarachán & Leabharlann	138.46	164
Teicneoir	80.73	82
Tacaíocht	32.39	90
Seirbhísí Mic Léinn	57.77	112
Taighdeoirí	<u>41.2</u>	<u>60</u>
<b>IOMLÁN</b>	<b>960.63</b>	<b>1,375</b>

### Foireann de réir Catagóire






### Treochtaí Foirne – Stair 3 Bliana

	08/09	09/10	10/11
Bainistíocht	10.00	10.00	10.00
Acadúil	656.17	608.34	600.08
Riarachán & Leabharlann	148.84	136.08	138.46
Teicneoir	80.76	77.87	80.73
Tacaíocht	59.25	56.22	32.29
Seirbhísí Mic Léinn	29.14	29.71	57.77
Taighdeoirí	25.5	36.85	41.2
<b>IOMLÁN</b>	<b>1009.66</b>	<b>955.07</b>	<b>960.63</b>

### Treochtaí Foirne – Stair 3 Bliana



## 5.3 Éachtaí na Foirne

### Rinneadh comhghairdeas leo seo a leanas:

- Ar 17 Meán Fómhair 2010, d'ainmnigh an Sunday Times CIT mar "Institiúid Teicneolaíochta na Bliana" don bhliain 2010. Tugann an gradam sin aitheantas don obair chrua agus don tiomantas a léirigh foireann na hInstitiúide le tamall de bhlianta seo caite. Is iontaí an t-éacht é sin nuair a chuirtear san áireamh na dúshláin iomadúla airgeadais agus na dúshláin eile a bhí roimh CIT, roimh earnáil na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus roimh an tír ina hiomláine le déanaí. De bhrí go raibh CIT sásta í féin a chur in oiriúint do thimpeallacht a bhíonn ar síor-athrú, d'éirigh léi fás agus forbairt a bhaint amach i gcónaí agus is i ngeall air sin a bronnadh an teideal Institiúid Teicneolaíochta na Bliana ar CIT don dara bliain i gcaitheamh cúig bliana. Moltar ár bhfoireann uile as a gcion fíorluachmhar
- Ger Culley, Bainisteoir TF, Dan Kelleher, Oifigeach Sinsearach Teicniúil agus Tim Horgan, Léachtóir, Roinn na Ríomhaireachta as a gcomhoibriú nuair a chuir siad 20 PCanna athchumraithe de chuid CIT ar fáil don scoil bhuach i gcatagóir Excellence in Education de chuid it@corkLeaders Awards 2010
- Catherine Hehir, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí, Cork Printmakers
- Colin Crotty, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar bronnadh Sparánacht Amharcealaíona na Comhairle Ealaíona air
- James Hayes, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar bronnadh 3 choimisiún ealaíne poiblí air ag Comhairle Cathrach Luimnigh, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Chorcaí. Fuair James sparánacht taistil freisin ó Culture Ireland 2010
- Roseanne Lynch, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar bronnadh Gradam Grianghrafadóireachta Alliance Française uirthi a raibh cuimsithe inti duais cónaitheachta ag an Centre Culturel Irlandais, Páras na Fraince
- Trish Brennan, Ceann Gníomhach na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a athcheapadh ar Bhord Stiúrthóirí, National Sculpture Factory
- John Gibson, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT ar seoladh an CD is déanaí dá chuid 'The John Gibson Collection Volume 2' ina bhfuil roinnt saothair a chum John le linn na 40 bliain seo caite
- An Dr Aidan Coffey, Léachtóir Sinsearach, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha a thug an príomhléacht ag Comhdháil Chumann na Micribhitheolaíochta Ginearálta in Ollscoil na Ríona in Aibreán
- Don fhoireann léachtóireachta ó Roinn an Oideachais Leantaigh a bhain amach an gradam Lárionad Uimhir 1 in Éirinn as ceithre cinn de na cúig ábhar a scrúdaíodh i dtorthaí scrúdaithe na gCuntasóirí Cairte in Éirinn Cap 1. Ba iad na hábhair a scrúdaíodh ná Airgeadas, Bainistíocht, Cuntasaíocht Airgeadais agus Cánachas. Ba iad seo a leanas an fhoireann léachtóireachta:
  - Niall Cogan
  - Colm Barry-Murphy
  - Josephine O'Halloran
  - Muireann O'Neill
  - Martin O'Sullivan
  - Bernard Vallely
- Rose McGrath Ceann Gníomhach agus Trevor Hogan, Léachtóir, Roinn na Meán Cumarsáide agus a gcuid mac léinn a ghlac páirt ag Taispeántas CAMPUS i Linz na hOstaire mar chuid de Ars Electronica 2010. Ba ghradam clúiteach é bheith roghnaithe le páirt a ghlacadh rud nár bronnadh ach ar Institiúidí den chaighdeán agus den cháil ba airde. Rinne CIT an taispeántas i gcomhar lena páirtneir Hochschule Darmstadt, i reachtáil na comhdhámhachtana BA (Onór) Ilmheáin agus MA i nDearadh Meán
- Vera Ryan, Léachtóir Sinsearach, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a chuir a tríú leabhar i gcrích sa tsraith dá cuid "Movers and Shapers": "Movers and Shapers 3: Conversations in the Art World". Thug na léirmheasanna an-mholadh go forleathan don chéad dá leabhar dá cuid agus léiríonn siad le chéile taighde dúthrachtach le breis is 10 mbliana
- William Bateman, Fergus Delaney agus Brian Quin, Léachtóirí ó Dhámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta a rinne an t-ábhar oiliúna don chúrsa TRAINENERGY a bhí maoinithe ag Intelligent Energy Europe agus a raibh páirtneirí bainteach leis as Éirinn, An RA, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Spáinn agus An Danmhairg
- An Dr Helen O'Shea, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha as an gcuireadh gradamach a fuair sí ó Institiúid Náisiúnta Vireolaíochta, Pune na hIndia feidhmiú mar Mhóltóir Seachtrach chun tráchtas PhD duine de na mic léinn a scrúdú
- An Dr Dirk Pesch, Ceann Lárionad NIMBUS do Thaighde ar Chórais Leabaithe ar thug an Príomh-Eagarthóir cuireadh dó feidhmiú mar Eagarthóir Ceantair na hirise Elsevier Ad-hoc Networks ar feadh tréimhse trí bliana

- Michael Walsh, Léachtóir Sinsearach, An Roinn Bainistíochta & Margaíochta a fuair Gradam Saoil ó Institiúid Margaíochta na hÉireann i ngeall ar a thiomantas agus a chion leanúnach do réimse na margaíochta
- An Dr Margaret Linehan, Ceann Gníomhach Scoil na nDaonnachtaí ar fhoilsiú na leabhair seo a leanas:
  - Management in the Built Environment in Ireland (comhscríofa ag an Dr Linehan, Paul Heaney agus Edel Foster, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh)
  - Make the Grade Management
  - Make the Grade Marketing (comhscríofa ag an Dr Linehan agus Therese Cadogan)
- Seán F. O’Leary, Léachtóir Sinsearach, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla a fuair Gradam BSL as Cion Suntasach a thabhairt don Innealtóireacht ag Gradaim Excellence Innealtóireacht Éireann
- Catherine Murphy, Léachtóir, Roinn na gCóras Cuntasaíochta & Faisnéise ar bronnadh an chead áit in Éirinn ar mhac léinn CIMA dá cuid d’Oibríochtaí Fiontair
- An Dr Keith Bryan, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla ar bronnadh an teideal Convenor of CEN TC 158 WG Helmets do chluichí páirce air. Is é an Dr Bryan cathaoirleach an ghrúpa a bhfuil caighdeán nua EN á fhorbairt faoi láthair do chlogaid iománaíochta agus cuimsíonn sé saineolaithe teicniúla ó Thithe Tástála Eorpacha, dearthóirí agus grúpaí taighde tríú leibhéal eile
- Donal O’Donovan, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice ar fhoilsiú leabhair dá chuid dar teideal “Predictive Functional Control: Principles and Industrial Applications (Advances in Industrial Control)
- Emmett Coffey, Léachtóir, Roinn na Meán agus Gerard O’Donovan, Ceann na Scoile Gnó a d’eagraigh an Dianchlár Erasmus “I dTreo na Fiontraíochta Cruthaithí” a d’óstaigh an Institiúid in Eanáir. Bhí mar aidhm ag an gClár Scileanna na Fiontraíochta a fhorbairt i mic léinn sna healaíona cruthaitheacha agus bhí breis agus 50 i láthair idir mhic léinn agus léachtóirí as cúig thír Eorpacha
- Matt Cotterell, Ceann na Scoile Innealtóireachta Meicniúla & Próisis a ceapadh ina chathaoirleach ar choiste NSAI Petroleum Exploration and Extraction Technical Standards (PEESTC)
- An Dr Dirk Pesch, Ceann Lárionad NIMBUS do Thaighde ar Chórais Leabaithe ar tugadh cuireadh dó feidhmiú mar Chomh-Chathaoirleach Cláir Theicniúil do cheardlann ACM BuildSys 2010 a bhfuil an-cháil air
- An Dr Kieran Delaney, Bainisteoir Taighde agus Forbartha, Lárionad NIMBUS ar bronnadh gradam air i ngeall ar a ról i dtráchtálú taighde don tionscadal IQ Veneers ag Fiontar Éireann
- Foireann Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a raibh a gcuid saothair le feiceáil i dtaispeántais le déanaí ag na leibhéil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta:
  - Dr Julian Campbell
  - Colin Crotty
  - Sue Cunliffe
  - Debbie Dawson
  - Pamela Hardesty
  - James Hayes
  - Catherina Hearne
  - Catherine Hehir
  - Jo Kelley
  - Breda Lynch
  - Roseanne Lynch
  - Leo McCann
  - An Dr Ailbhe Ní Bhriain
  - Christine Pybus
  - Helle Helsner
  - Helen Farrell
  - Eileen Healy

- Ar na Baill Foirne ar bronnadh céimeanna orthu tá:
  - Noel Collins, MA (Taighde)
  - Brendan Deane, BSc (Onór) in Ard-Teicneolaíocht Déantúsaíochta
  - Glynis Dennehy, Máistir Ealaíon i gCaidreamh Poiblí le Meáin Nua
  - Kyra Dunne, Ardteastas i nGnó
  - John Harrington, MSc in Líonrú & Slándáil
  - David Kelly, Dochtúir Fealsúnachta
  - Simon Knowles, Dochtúir Fealsúnachta
  - Gwen Lettis, MA in Amharc-Chumarsáid
  - Carol Lynch, MA i nDearadh Meán
  - Bernadette McCarthy-Harrington, MSc i Ríomhaireacht in Oideachas
  - Catherine Murphy, M Tráchtáil
  - Tom O'Connor, Dochtúir Fealsúnachta
  - Mary O'Leary, BBS i Soláthar agus Bainistíocht Soláthair
  - Caroline O'Reilly, Dioplóma Iarchéime i dTeagasc & Foghlaim don Ardoideachas
  - Cillian Ó Súilleabháin, MA i mBainistíocht in Oideachas
  - Christine O'Sullivan, MSc i Líonrú & Slándáil
  - Sinéad Rodgers, Ard-Dioplóma in Ealaíona i gCaidreamh Poiblí
  - Norma Welch, Ard-Dioplóma in Ealaíona i gCaidreamh Poiblí

### Ceapacháin Nua

- Deimhníodh na baill foirne seo a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2010/11:
  - Trish Brennan, Ceann Gníomhach Roinn na Mínealaíon & Dearadh Ceirmeach, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
  - Daniel Buckley, Airíoch, Oifig Foirgneamh & Eastát
  - Elaine Burke, Oifigeach Cléireachais
  - Dean Carter, Airíoch, Oifig Foirgneamh & Eastát
  - An Dr Eamonn Cashell, Déan Staidéar Iarchéime
  - Dan Collins, Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn
  - Don Crowley, Ceann Gníomhach Roinn an Oideachais Leantaig
  - Ronan Daly, Airíoch, Oifig Foirgneamh & Eastát
  - Marianne Hanley, Oifigeach Cléireachais
  - Michelle Kelleher, Oifigeach Cléireachais
  - Leonie Kelly, Oifigeach Cléireachais
  - David Kingston, Airíoch, Foirgnimh & Eastát
  - An Dr Margaret Linehan, Ceann Gníomhach Scoil na nDaonnachtaí
  - Lorraine McDonald, Oifigeach Cléireachais, Oifig an Leas-Uachtaráin d'Airgeadas & Riaracháin
  - An Dr Hugh McGlynn, Ceann Gníomhach Scoil na hEolaíochta & na Faisnéisíochta
  - An Dr Brendan O'Connell, Ceann Gníomhach Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
  - Andrea O'Driscoll, Oifigeach Cléireachais
  - An Dr Siobhán O'Sullivan, Bainisteoir Forbartha Curaclaim, Clár Ed4Life
  - Veronique O'Sullivan, Oifigeach Cléireachais
  - Irene Sheridan, Ceann an Champais Shínithe @CIT
  - Elizabeth Spillane, Oifigeach Cléireachais

# 6. Tuarascáil Airgeadais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 6.1 Tuarascáil Airgeadais
- 6.2 Cuntais Iniúchta 2010/2011

## 6.1 Tuarascáil Airgeadais

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2010 go dtí 31 Lúnasa 2011. Le linn na tréimhse thit an t-ioncam de bheagán níos lú ná 7% agus tháinig laghdú ar chostais de bheagán níos lú ná 5%. Chuir an Institiúid lena hioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí agus ghin barraíocht oibriúcháin de €1m don bhliain. Don tríú bliain as a chéile chuir an Institiúid lena líon cóibhéiseach mac léinn cóibhéiseach de 5% agus ag an am céanna laghdaíodh na costais a bhaineann le soláthar foirne. Aibhsíonn sé sin na buntáistí éifeachtachta a rinne an Institiúid le linn na tréimhse. Ach ní móide gur féidir leanúint den treocht sin.

### **Ioncam**

Tháinig laghdú ar an ioncam de €6.8m ó €98.9m go €92.1m. Ba é ba mhó ba chúis leis ná laghdú ar an Deontas Stáit de €6.3m.. Tháinig méadú beag ar an ioncam ó na Táillí Teagaisc de €0.4m agus lean an t-ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí de bheith ag dul i méid.

### **Caiteachas Reatha**

Tháinig laghdú ar chaiteachas iomlán reatha na hInstitiúide de 4.7% rud a léiríonn leibhéal laghdaithe ioncaim. Tháinig laghdú ar chaiteachas i ngach réimse cés moite de Sheirbhísí Acadúla ar tháinig méadú ar an gcaiteachas sin de €0.4m rud a léiríonn méadú ar chostais na príomhthacaíochta TF.

### **Costais Sholáthar Foirne**

Thit pábhille na hInstitiúide tuilleadh le linn 2011 agus anois seasann sé ag €61.8m i gcomparáid le €63.2m in 2010 agus €66m in 2009. Sheas na costais fhoirne do 67% den chaiteachas.

### **Líon na Mac Léinn**

Tháinig méadú ar líon na mac léinn cóibhéiseach lánaimseartha de 6% beagnach ó 8,178 (2009/10) go 8,662 (2010/11).

### **Taighde & Forbairt**

Tháinig méadú ar ioncam ó ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Féinmhaoinithe de 4.5% go €14.5m de bhrí go bhfuil cuid mhaith de na tionscadail ar mhórscaála faoi lánseoil. Tháinig méadú ar na costais sholáthar foirne sa réimse seo de 15% go €0.7m, agus laghdú ar chaiteachas eile ag teacht le riachtanais tionscadail.

### **Cúlchistí**

Bhí barrachas oibriúcháin de €1.05m ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011. De bhrí gur aistríodh €1.8m go dtí Cúlchiste Forbartha Caipitil tháinig laghdú ar an mbarrachas carntha ag deireadh na tréimhse go €68k. Is é iarmhéid an Chúlchiste Forbartha Caipitil ar 31 Lúnasa 2011 ná €4.7m.

## 6.2 Cuntais Iniúchta 2010/11

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste – Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite

Clár Comhardaithe

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais



## 6.2.1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as an gCóras Inmheánach Rialaithe Airgeadais

Admhaíonn an Bord Rialaithe freagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais. Is é atá sa chóras inmheánach rialaithe airgeadais ná na próisis sin a úsáidtear chun na rioscaí suntasacha atá roimh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mbainistiú a cuid gnóthaí a shainaithint agus a mheasúnú. Tá an córas ceaptha chun rioscaí a bhainistiú seachas iad a dhíothú, agus é á aithint nach féidir ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

### Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram á dhéanamh ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú, ar a n-áirítear

- Tá na gnáthaimh agus na rialacháin airgeadais doiciméadaithe go dáta, curtha i ngníomh agus cothrom le dáta.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe ar thuiriscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, ar a n-áirítear feidhmiú airgeadais curtha i gcomórtas le réamhaisnéisí.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta atá sonraithé go soiléir.
- Tá coiste iniúchóireachta ann, ag a bhfuil cairt shonraithe iniúchóireachta, le téarmaí tagartha soiléire, a bhíonn ag plé le saincheisteanna suntasacha rialaithe agus a fhaigheann tuairiscí ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tá rioscaí gnó sainaitheanta ag an mBord Rialaithe agus déantar iad a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Tá Samhail Gníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a cuid oibríochtaí a bhainistiú. Comhtháthaíonn an tsamhail sin an Próiseas Straitéiseach Pleanála, Bainistiú Riosca, Príomhtháscairí Feidhmíochta, Rialú Inmheánach, Rialachas agus próisis Iniúchóireachta Inmheánaí.

Go dáta is é atá déanta ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ná:

- Tá na Príomhtháscairí Feidhmíochta atá le measúnú sainaitheanta
- Tá na príomhrioscaí sainaitheanta agus tá rialuithe maolaitheacha i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Tá gníomhaíochtaí eile sainaitheanta chomh maith le spriocdhátaí lena gcur i ngníomh. Déanfaidh an Bord Feidhmeannach monatóireacht orthu sin ar bhonn rialta.
- Príomhrialuithe atá i bhfeidhm a athbhreithniú go rialta chun a n-éifeachtacht a sheiceáil

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh atá foinsithe allamuigh ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, a oibríonn de réir Chreachód an Scothchleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá forbairt déanta ar straitéis iniúchóireachta inmheánaí do 2010 atá bunaithe ar mheasúnú rioscaí. Tá an straitéis iniúchóireachta faofa ag an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag an mBord Rialaithe.

Buaileann an Coiste Iniúchóireachta leis na hIniúcháirí Inmheánacha ar bhonn rialta chun obair na hIniúchóireachta Inmheánaí, ar a n-áirítear tuairisc ar ghníomhaíocht na hiniúchóireachta inmheánaí, a athbhreithniú. Cuimsíonn an creat don rialú Inmheánach airgeadais 14 príomhghníomhaíocht airgeadais agus sainaitheann seiceálacha nach mór a dhéanamh go rialta chun éifeachtacht na timpeallachta rialaithe inmheánaí a mheasúnú. Cuimsíonn clár na hIniúchóireachta Inmheánaí do 2010/2011 athbhreithniú ar 5 cinn de na 14 réimse. Lena chois sin, rinneadh athbhreithniú níos leithne ar Rialú Inmheánach d'fhonn druidim le formáid an Ráitis ar Rialú Inmheánach atá leagtha amach sa Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann a chomhlíonadh.

Tá Creat Rialaithe Inmheánaigh á fhorbairt don earnáil agus cuirfear é sin in oiriúint de réir mar is iomchuí d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair an Uachtaráin agus na mBainisteoirí Feidhmeannacha Institiúide laistigh d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe agus ar obair Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.

Deimhnímid go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011 i mí Iúil 2011.

Tá an Bord Rialaithe tiomnaithe go hiomlán don 'Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann' a chur i ngníomh agus tá sé ag obair i dtreo bheith in ann faoi 2011/12 Ráiteas ar Rialú Inmheánach a chur ar fáil a chomhlíonann an fhoráid atá leagtha amach sa Chód.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



**Bob Savage**  
Cathaoirleach



**Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

## 6.2.2 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach
- aon athrú tábhachtach ar chaighdeáin chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.




---

**Bob Savage**  
Cathaoirleach




---

**Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

## 6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas loncainm agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta in Éirinn é an creat tuairisceoireachta airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán.

### Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cóir ar ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Tá m'iniúchadh á dhéanamh agus aird ar na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriúchán.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (RA agus Éire) agus Caighdeán Eiticíúla Bhord na gCleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí á gcomhlíonadh agam.

### Scóip leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúcháireacht ná leordhóthain fianaise a aimsiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis sin saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis sin. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé acu an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtáíodh go leordhóthain iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis air á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na mbeart airgeadais le linn an iniúchta.

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cóir ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2011 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

### Ábhair a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta, nó
- má thug an t-iniúchadh faoi deara aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh nó áit nach raibh na bearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach comhall na hInstitiúide leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím go bhfuil ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh inar riaradh gnó poiblí.

Níl aon cheo le tuairiscí agam maidir leis na cúrsaí sin.

**Seamus McCarthy**  
**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

**30 Meitheamh 2012**

## 6.2.4 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011

Is mar seo a leanas atá na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí:

### 1. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shealúchais áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Aire Oideachais agus Scileanna. Tá CIT Innovation Centre Limited agus Cosmos Education Limited san áireamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite. Ar an mbonn nach bhfuil siad ábhartha, ní chuirtear cláir chomhardaithe Institiúide agus chomhdhlúite ar leith ar fáil.

### 2. Aitheantas Ioncaim

#### **Deontais Stáit:**

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déantar déileáil le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

#### **Deontais Dhéabhlóidithe:**

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidíú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile. Áit nár caitheadh airgead déabhlóidithe, i dtaca leis an scéim seo, déantar déileáil leis mar ioncam iarchurtha, ar choinníoll gur faomhadh na tionscadail a bhfuil siad tiomanta dóibh ag an mBord Rialaithe, go bhfuil siad sonraithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastacháin ar na costais.

I ngach cás eile aithnítear cistiú deontais déabhlóidithe sa tréimhse ina bhfaightear iad.

#### **Deontais Taighde agus Conarthaí:**

Déantar Ioncam ó Dheontais Thaighde a mheaitseáil le caiteachas agus tá sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

Taispeántar gach ioncam agus caiteachas taighde faoin gceannteideal 'Taighde, Forbairt agus Féinchiú'.

#### **Ioncam ó Tháillí**

Déantar déileáil le hioncam ó Tháillí ar bhonn fabhraithe.

#### **Ioncam ó Ús:**

Cuirtear gach ioncam ó thaisc gearthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

### 3. Gníomhaíochtaí Coimhdeacha

Ní cuid de chuntais na hInstitiúide iad ráitis airgeadais roinnt aonán. Déanann iniúcháirí neamhspleácha na ráitis sin a iniúchadh. Tugann Nóta 23 eolas maidir le gníomhaíochtaí coimhdeacha ar a n-áirítear Ioncam agus Caiteachas agus Achoimre ar Chlár Comhardaithe.

### 4. Stoic

Breacat caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é. Baineann an stoc a thaispeántar sa chlár comhardaithe le hearraí in Cosmos Education Limited ar 31 Lúnasa 2011.

### 5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe, cés moite de thalamh, ar a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Luaitear talamh ar a chostas stairiúil nó luacháil.

#### **(a) Costas nó Luacháil**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe a bhí ann ó 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) ar a luacháil. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 14. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh i mbun tógála ar a gcostas bunaithe ar luach theastas an ailtire agus chostais dhíreacha eile a thabhaítear go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar dímheas orthu go dtí go mbíonn siad in úsáid.

**(b) Trealamh**

Déantar gach trealamh a bhfuil luacháil de €3,000 nó níos mó ar an mír aonair a chaipitliú.

**(c) Dímheas**

Leanfar de chaitheamh leis na sócmhainní go léir a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2009 agus a caipitlíodh mar shócmhainní seasta agus déanfar dímheas orthu go dtí deireadh a saoil inúsáidte.

Déantar soláthar do dhímheas ar shócmhainní seasta inlámhsithe, seachas talamh, ar bhonn dronlíne chun a gcostas stairiúil nó a luachálacha a dhíscríobh thar an saol a meastar iad a bheith inúsáidte mar seo a leanas:

	<b>Blianta</b>
Foirgnimh	30 – 50
Foirgnimh réamhdhéanta, daingneáin, gléasra agus innealra	10
Mór-ríomhairí	7
Trealamh eile ríomhaire	3
Trealamh oideachasúil agus riaracháin	5
Troscán	5
Feithiclí Mótair	5

Leanfar de dhímheas a dhéanamh ar Threalamh Ríomhaire a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2010 ar bhonn pholasaí dímheasa dronlíne ceithre bliana. Déanfar trealamh ríomhaire a ceannaíodh ina dhiaidh sin ar bhonn saol trí bliana.

Déanfar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar saol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta go léir eile.

Déantar dímheas ar Thalamh agus ar Fhoirgneamh ar Léas thar saol an léasa.

**6. Airgeadraí Eachtracha**

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe.

**7. Pinsin**

Is faoi scéim shannaithe sochair a thugtar gach teidlíocht pinsin foirne faoi Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980 agus déanann an Státchiste freastal ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar a Úsáidtear agus coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá cistiú.

Ní thugann an Institiúid ranníocaíocht don scéim agus níl aon dualgas uirthi i leith teidlíochtaí.

**8. Cuntas Caipitil Iarchurtha**

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach amúchta an ioncaim charntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta.

**9. Cúlchiste Sriantha**

Is éard atá sa Chúlchiste seo ná méideanna atá curtha ar leataobh as táillí clárúcháin a íocann mic leinn agus cistí ó thríú páirtithe, i dteannta ús bainc a thuilleann an t-airgead seo, a úsáidtear le haghaidh saoráidí mic léinn a sholáthar nó críocha sainithe eile agus ar mhaithe le forbairt fhadtéarmach na hInstitiúide. Níl an Cúlchiste sin ann a thuilleadh ag 31 Lúnasa 2010.

**10. Cúlchiste Caipitil Forbartha**

Is éard atá sa Chúlchiste Caipitil Forbartha cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha caipitil shainithe forbartha. Eascraíonn cistí dá leithéid as táillí clárúcháin Mhic Léinn, bronnannais chaipitil neamhstáit, táillí saoráide bainc agus aistrithe ó Chúlchistí Ioncaim, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscadail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

**11. Sócmhainní ar Léas**

Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a chur mar mhúirear leis an gcuntas loncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

## 6.2.5 Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011

<b>IONCAM</b>	<b>NÓTA</b>	<b>2011 €000</b>	<b>2010 €000</b>
Deontas Stáit	1	41,056	47,248
Táillí Teagaisc	2	16,781	16,142
Táille Clárúcháin Mic Léinn	3	9,357	10,266
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	17	6,016	6,175
Deontais agus Conarthaí Taighde	4	13,957	13,932
Ioncam Eile	6	4,023	4,350
Ioncam Aitheanta Tacaíochta Mic Léinn	5	375	343
Ioncam ó Ús		<u>577</u>	<u>423</u>
		<b><u>92,142</u></b>	<b><u>98,879</u></b>
 <b>CAITEACHAS</b>			
Ranna Acadúla	7	51,630	53,599
Seirbhísí Acadúla	8	2,126	1,686
Costais Saoráidí	9	7,228	7,955
Príomhriarachán agus Seirbhísí	10	8,397	8,905
Costais Ghinearálta Oideachasúla	11	733	579
Táillí Clárúcháin Mic Léinn	3	1,806	2,126
Deontais agus Conarthaí Taighde	4	12,657	14,218
Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn curtha i bhfeidhm	5	375	343
Dímheas	14	<u>5,995</u>	<u>6,122</u>
	12	<b><u>90,947</u></b>	<b><u>95,533</u></b>
 <b>Barrachas Oibriúcháin</b>		<b>1,195</b>	3,346
Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha	19	(2,010)	(2,103)
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha	19	176	287
Díscríobh Deontas Athfhillteach an Stáit	15	-	(2,628)
 <b>Barrachas Carntha ar 1 Meán Fómhair</b>		<u>845</u>	<u>1,943</u>
<b>Barrachas Carntha ar 31 Lúnasa</b>		<b><u>206</u></b>	<b><u>845</u></b>

Níl gnóthachan ná cailteanas ar bith seachas iad siúd a ndéantar déileáil leo sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaoíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



**Bob Savage**  
Cathaoirleach



**Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán

## 6.2.6 Clár Comhardaithe Comhdhlúite mar a bhí ar 31 Lúnasa 2011

	NÓTA	2011 €000	2010 €000
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
INFHEISTÍOCHTAÍ	14	<b>107,886</b>	111,665
	25	<u>50</u>	<u>50</u>
		<b>107,936</b>	111,715
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	15	<b>6,329</b>	13,654
Stoc		<b>4</b>	-
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<u>18,080</u>	<u>11,733</u>
		<b>24,413</b>	25,387
<b>DLITEANAIS REATHA</b>			
Creidiúnaithe agus Costais Fhabhráithe - suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain	16	<b>19,567</b>	21,492
		<u>4,846</u>	<u>3,895</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
		<u>112,782</u>	<u>115,610</u>
<b>Dá seasann</b>			
Deontais Chaipitil Iarchurtha	17	<b>107,886</b>	111,665
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		<b>206</b>	845
Cúlchiste Caipitil Forbartha	19	<u>4,690</u>	<u>3,100</u>
		<b>112,782</b>	115,610

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage  
Cathaoirleach



Dr Brendan J. Murphy  
Uachtarán

## 6.2.7 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011

	2011 €000	2010 €000
<b>Barrachas oibriúcháin á réiteach le sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Barrachas Oibriúcháin	1,195	3,346
Ioncam ó Ús	(577)	(423)
Dímheas	5,995	6,122
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainne	(6,016)	(6,175)
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	21	53
Díscríobh ar Dheontas Athfhillteach Stáit (Méadú)/Laghdú i Stoc	(4)	-
(Méadú)/Laghdú i gCúlchiste Forbartha Caipitil	-	(730)
(Méadú)/Laghdú ar Infheistíochtaí	-	(50)
(Laghdú)/Méadú ar Fhéichiúnaithe	7,325	(2,668)
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe gearrthéarmacha	(1,925)	1,832
<b>(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>6,014</b>	<b>(1,321)</b>
<hr/>		
<b>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid</b>		
<b>(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>6,014</b>	<b>(1,321)</b>
Ús faighte	577	423
<b>Caiteachas Caipitil</b>		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(2,237)	(14,495)
Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	-
<i>Eis-sreabhadh glan airgid ar chaiteachas caipitil</i>	<b>(2,237)</b>	<b>(14,495)</b>
<b>Cistiú</b>		
Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	434	5,923
Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	961	1,539
Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta	598	6,645
<i>Glan-Eisreabhadh Airgid ó Chistiú</i>	<b>1,993</b>	<b>14,107</b>
Méadú/(Laghdú) ar Airgead	6,347	(1,286)
<hr/>		
<b>Glan-sreabhadh airgid á réiteach le gluaiseacht i nglan-chisti</b>		
<b>Méadú / (Laghdú) ar Airgead</b>	<b>6,347</b>	<b>(1,286)</b>
Glanchistí ar dtús	11,733	13,019
Glanchistí ar 31 Lúnasa	<b>18,080</b>	<b>11,733</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Síniú thar ceann an Bhord Rialaithe



**Bob Savage**  
Cathaoirleach



**Dr Brendan J. Murphy**  
Uachtarán



## 6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

### 1. DEONTAIS STÁIT

	Cionroinnte do chaiteachas athfhillteach	Cionroinnte do chaiteachas caipitil	lomlán 2011	lomlán 2010
	€000	€000	€000	€000
Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach - ÚAO	40,498	961	41,459	47,445
Deontas stáit do chaiteachas caipitil – RO&S	191	15	206	5,485
Deontas stáit do mhionobreacha caipitil – RO&S	<u>367</u>	<u>419</u>	<u>786</u>	<u>1,780</u>
<b>lomlán - 2011</b>	<b><u>41,056</u></b>	<b><u>1,395</u></b>	<b><u>42,451</u></b>	<b><u>54,710</u></b>
lomlán- 2010	<u>47,248</u>	<u>7,462</u>	<u>54,710</u>	

Íocann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) costas iomlán roinnt cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime trí fhóirdheontas ag an leibhéal náisiúnta. Déantar Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach a pháirtmhaoiniú ón gcúnamh AE seo.

### 2. TÁILLÍ TEAGAISC

	2011	2011	2010	2010
	Líon Mac Léinn (CLA)	€000's	Líon Mac (Léinn (CLA)	€000's
Táillí íoctha ag an Stáit	5,971	11,505	6,047	11,577
Táillí Neamh-AE	107	442	107	234
Táillí íoctha ag mic léinn nó ar son mac léinn	1,061	1,545	849	1,215
Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Táillí Eile	<u>1,529</u>	<u>3,289</u>	<u>1,175</u>	<u>3,116</u>
	<u>8,668</u>	<u>16,781</u>	<u>8,178</u>	<u>16,142</u>

D'íoc an tÚAO táillí teagaisc sa bhliain de €6.870m le haghaidh cúrsaí céime lánaimseartha agus €4.635m le haghaidh cúrsaí ardteastais agus gnáthchéime, a bhfuil a gcostas iomlán páirtmhaoinithe ag an gCSE.

Luaitear líon mac léinn mar chóibhéisí lánaimseartha, bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

### 3. TÁILLÍ CLÁRÚCHÁIN MHIC LÉINN

- (a) Tá Táillí Clárúcháin Bliantúla iníoctha ag mic léinn, a bhfuil an ráta lánaimseartha socraithe ag €1,500 don bhliain acadúil 2010/11. Faoi threoir ón Údarás um Ard-Oideachas, coinníonn an Institiúid €995 de gach táille lánaimseartha agus úsáidtear é chun an caiteachas athfhillteach a íoc. Bhí suim de €6.919m ann i mbliain an cuntais. Baineadh úsáid as an iarmhéid de €3.125m chun saoráidí agus seirbhísí a chur ar fáil do na mic léinn.

	2011 €'000s	2010 €'000s
(b) Feidhmiú na dTáillí Clárúcháin		
Olltáillí Clárúcháin ar a n-áirítear ús	<b>10,044</b>	10,951
Lúide Aistriú go Féinchistiú	<b>(672)</b>	(604)
Aistriú go Cuntas Caipitil	<b>(15)</b>	(81)
Glanioncam	<b><u>9,357</u></b>	<b><u>10,266</u></b>
Lúide Aistrithe i dtaca le:		
Coiste Seirbhísí Mic Léinn	<b>1,806</b>	2,126
Cúlchiste Caipitil Forbartha	<b>632</b>	1,189
Aistriú lomlán	<b><u>2,438</u></b>	<b><u>3,315</u></b>
<b>Coinnithe do Chaiteachas Athfillteach</b>	<b><u>6,919</u></b>	<b><u>6,951</u></b>
<b>4. DEONTAIS AGUS CONARTHAÍ TAIGHDE</b>		
<b>Ioncam</b>		
Ioncam	<b>14,540</b>	20,496
Aistriú go Cuntas Caipitil	<b>(583)</b>	(6,564)
	<b><u>13,957</u></b>	<b><u>13,932</u></b>
<b>Caiteachas</b>		
Costais Lucht Foirne	<b>5,098</b>	4,525
<b>Costais Neamhphá</b>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>602</b>	770
Costais Ríomhaire	<b>145</b>	199
Oideachas Ginearálta	<b>1,643</b>	1,123
Seirbhísí do Mhic Léinn	<b>1</b>	5
Comhpháirtithe Tionscadail	<b>396</b>	4,752
Trealamh	<b>310</b>	534
Costais Áitribh	<b>1,252</b>	884
Taisteal & Cothú	<b>1,026</b>	1,042
Costais Phearsanra	<b>247</b>	475
Táillí Gairmiúla	<b>1,552</b>	(513)
Cumarsáid	<b>63</b>	70
Stáiseanáireacht & Ábhair Oifige	<b>210</b>	233
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	<b>78</b>	101
Árachas	<b>5</b>	-
Costais Airgeadais	<b>14</b>	9
Eile	<b>15</b>	9
	<b><u>12,657</u></b>	<b><u>14,218</u></b>
<b>Glantordh</b>	<b><u>1,300</u></b>	<b><u>(286)</u></b>

San áireamh san Ioncam ó Dheontas Taighde agus Conartha tá suim de €432k i dtaca le haisghabháil fhorchostais. Seasann an fuílleach do chostais dhíreacha a fuarthas ar ais le haghaidh obair thaighde a rinneadh mar a bhfuil cuntas air faoi na ceanteidil do Chaiteachas thuas.

Tá figiúirí a bhaineann le blianta atá imithe athluaithe chun íocaíocháí do chomhpháirtithe seachtracha a bhí aicmithe roimhe seo a shainaithint go soiléir mar tháillí Gairmiúla.

**5. CISTIÚ TACAÍOCHTA MIC LÉINN**

	Míchumas	Cúnamh do Mhic Léinn	2011	2010
Iarmhéid mar a bhí 1 Meán Fómhair 2010	285	-	<b>285</b>	332
Fáltais				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	166	230	<b>396</b>	401
Cionroinnte d'Fhéinchistiú	-	-	-	(105)
	<u>166</u>	<u>230</u>	<b>396</b>	<u>296</u>
Suimeanna curtha i bhfeidhm – Neamh-Phá	183	192	<b>375</b>	343
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2011	<u>268</u>	<u>38</u>	<b>306</b>	<u>285</u>

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil faoin bPlean Náisiúnta Forbartha agus tá sé páirtmhaoinithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

**6. IONCAM EILE**

	2011	2010
	€000	€000
Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe	<b>3,805</b>	4,166
Cíos Saoráidí	<b>13</b>	19
Fáltais ó Dhíolachán Trealamht	<b>23</b>	19
Éilimh Árachais	<b>18</b>	-
Ioncam Ilghnéitheach	<b>164</b>	146
	<u><b>4,023</b></u>	<u>4,350</u>

**7. RANNA ACADÚLA****Lucht Foirne**

Teagasc	<b>40,643</b>	42,776
Teicniúil	<b>3,567</b>	4,033
Riarachán agus Tacaíocht	<b>2,815</b>	2,503
	<u><b>47,025</b></u>	<u>49,312</u>

**Costais Neamh-Phá**

Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>1,088</b>	1,134
Ábhair Leabharlainne	<b>110</b>	107
Costais Ríomhaire	<b>196</b>	336
Oideachas Ginearálta	<b>79</b>	49
Trealamh	<b>881</b>	916
Costais Áitribh	<b>562</b>	445
Taisteal & Cothú	<b>375</b>	310
Costais Phearsanra	<b>287</b>	202
Táillí Gairmiúla	<b>328</b>	119
Cumarsáid	<b>115</b>	121
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<b>480</b>	453
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	<b>71</b>	74
Costais Airgeadais	<b>11</b>	11
Eile	<b>22</b>	10
	<u><b>4,605</b></u>	<u>4,287</u>

**Iomlán**

	<u><b>51,630</b></u>	<u>53,599</u>
--	----------------------	---------------

	€000	€000
<b>8. SEIRBHÍSÍ ACADÚLA</b>		
<b><i>Lucht Foirne</i></b>		
Foireann Leabharlainne & Ríomhaire	<b>1,506</b>	1,267
<b><i>Non Pay Costs</i></b>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>4</b>	4
Ábhair Leabharlainne	<b>77</b>	76
Costais Ríomhaire	<b>337</b>	116
Trealamh	<b>2</b>	71
Costais Áitribh	<b>35</b>	45
Taisteal & Cothú	<b>11</b>	6
Costais Phearsanra	<b>32</b>	17
Táillí Gairmiúla	<b>66</b>	28
Cumarsáid	<b>46</b>	36
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<b>10</b>	20
	<b><u>620</u></b>	<u>419</u>
<b><i>Iomlán</i></b>	<b><u>2,126</u></b>	<u>1,686</u>
<b>9. COSTAIS SAORÁIDÍ</b>		
<b><i>Lucht Foirne</i></b>		
Airigh, Glantachán, Cothabháil	<b>1,586</b>	1,588
<b><i>Costais Neamh-Phá</i></b>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>15</b>	32
Costais Ríomhaire	<b>176</b>	108
Oideachas Ginearálta	<b>-</b>	1
Trealamh	<b>28</b>	331
Costais Áitribh	<b>4,974</b>	4,856
Taisteal & Cothú	<b>4</b>	30
Costais Phearsanra	<b>2</b>	16
Táillí Gairmiúla	<b>368</b>	876
Cumarsáid	<b>41</b>	53
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<b>13</b>	11
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	<b>21</b>	53
	<b><u>5,642</u></b>	<u>6,367</u>
<b><i>Iomlán</i></b>	<b><u>7,228</u></b>	<u>7,955</u>

## 10. PRÍOMH-RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ

	2011 €000	2010 €000
<b>Lucht Foirne</b>		
Riarachán	<b>4,940</b>	5,128
<b>Non Pay Costs</b>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>47</b>	60
Costais Ríomhaire	<b>82</b>	58
Seirbhísí do Mhic Léinn	<b>100</b>	-
Trealamh	<b>131</b>	244
Costais Áitribh	<b>87</b>	407
Taisteal & Cothú	<b>282</b>	206
Costais Phearsanra	<b>634</b>	550
Táillí Gairmiúla	<b>1,178</b>	1,334
Táille Iniúchta C & AG	<b>28</b>	27
Cumarsáid	<b>94</b>	151
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<b>256</b>	214
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	<b>125</b>	121
Árachas	<b>376</b>	372
Costais Airgeadais	<b>31</b>	30
Eile	<b>6</b>	3
	<b><u>3,457</u></b>	<u>3,777</u>
<b>Iomlán</b>	<b><u>8,397</u></b>	<u>8,905</u>

## 11. COSTAIS GHINEARÁLTA OIDEACHASÚLA

<b>Lucht Foirne</b>		
Tacaíocht do Mhic Léinn	<b>612</b>	544
<b>Costais Neamh-Phá</b>		
Speansais Eile	<b>121</b>	35
<b>Iomlán</b>	<b><u>733</u></b>	<u>579</u>

## 12. ANAILÍS AR CHAITEACHAS

	Costais Fhoirne	Dímheas	Speansais Oibriúcháin Eile	2011	2010
	€000's	€000's	€000's	€000's	€000's
Deontais agus Conarthaí Taighde	5,098	1,238	7,559	<b>13,895</b>	15,332
Ranna Acadúla	47,025	1,295	4,605	<b>52,925</b>	54,977
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	1,506	534	620	<b>2,660</b>	2,224
Costais Saoráidí	1,586	1,278	5,642	<b>8,506</b>	9,438
Príomhriarachán agus Seirbhísí	4,940	1,454	3,457	<b>9,851</b>	10,313
Speansais Ghinearálta Oideachais	612	-	121	<b>733</b>	579
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn	60	-	315	<b>375</b>	349
Seirbhísí & Saoráidí Mic Léinn	847	196	959	<b>2,002</b>	2,321
<b>Iomlán 2011</b>	<u>61,674</u>	<u>5,995</u>	<u>23,278</u>	<u>90,947</u>	<u>95,533</u>
<b>Iomlán 2010</b>	<u>63,248</u>	<u>6,122</u>	<u>26,163</u>		

### Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile

Ábhair & Tomhaltáin Eile	<b>1,781</b>	2,035
Ábhair Leabharlainne	<b>188</b>	183
Costais Ríomhaire	<b>947</b>	849
Oideachas Ginearálta	<b>1,843</b>	1,602
Seirbhísí do Mhic Léinn	<b>524</b>	509
Costais Taighde	-	(395)
Comhpháirtithe Tionscadail	<b>495</b>	4,752
Trealamh	<b>1,358</b>	2,121
Costais Áitribh	<b>7,007</b>	6,995
Taisteal & Cothú/Fáilteachas & Seimineáir	<b>1,799</b>	1,695
Costais Phearsanra	<b>1,209</b>	1,272
Táillí Gairmiúla	<b>3,907</b>	2,273
Luach Saothar Iniúcháin	<b>28</b>	27
Cumarsáid	<b>368</b>	452
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	<b>1,010</b>	977
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	<b>278</b>	297
Árachas	<b>405</b>	386
Costais Airgeadais	<b>65</b>	60
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne	<b>21</b>	53
Eile	<b>45</b>	20
	<u><b>23,278</b></u>	<u>26,163</u>

## 13. CÁNACHAS

Níl gníomhaíocht ar bith de chuid na hInstitiúide, seachas an tIonad Nuálaíochta, faoi réir ag Cánachas Corparáideach faoin Stádas Carthanachta a fuair an Roinn Oideachais in Eanáir 1993.

## 14. FIXED ASSETS

	Iomlán	Foirgnimh	Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	Trealamh Ríomhaire	Gléasra & Innealra	Trealamh	Feithiclí Mótair
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil							
Ar 1 Meán Fómhair 2010	174,370	130,534	7,713	13,793	3,943	18,010	377
Breiseanna	2,237	436	458	471	45	827	-
Diúscairtí	(1,660)	-	(15)	(976)	-	(669)	-
	<b>174,947</b>	<b>130,970</b>	<b>8,156</b>	<b>13,288</b>	<b>3,988</b>	<b>18,168</b>	<b>377</b>
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2010	62,705	28,219	5,218	12,197	1,801	14,933	337
Muirear don bhliain	5,995	2,944	576	953	351	1,155	16
Diúscairtí	(1,639)	-	(13)	(971)	-	(655)	-
	<b>67,061</b>	<b>31,163</b>	<b>5,781</b>	<b>12,179</b>	<b>2,152</b>	<b>15,433</b>	<b>353</b>
<b>Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2011</b>	<b>107,886</b>	<b>99,807</b>	<b>2,375</b>	<b>1,109</b>	<b>1,836</b>	<b>2,735</b>	<b>24</b>
<b>Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2010</b>	<b>111,665</b>	<b>102,315</b>	<b>2,495</b>	<b>1,596</b>	<b>2,142</b>	<b>3,077</b>	<b>40</b>

**Costas nó Luacháil:**

Tá luacháil déanta ag an Oifig Luachála ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltais ag CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim €2.751m (2010 - €2.951) i gceist leo.

	2011 €000	2010 €000
<b>15. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ</b>		
Táillí Teagaisc	1,218	1,312
Deontas Athfhillteach Stáit	-	2,204
Deontas Stáit & Deontais Chaipitil Eile	190	111
Deontais agus Conarthaí Taighde	2,876	7,723
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhráithe	578	457
Féichiúnaithe eile	1,467	1,847
<b>iomlán</b>	<b>6,329</b>	<b>13,654</b>

Ag eascairt as athrú ar an modh a úsáideann an tÚdarás um Ard-Oideachas do chionroinnt maoinithe athfhilltigh d'Institiúidí Teicneolaíochta, rinneadh díscríobh in 2010 ar an bhfiachach athfhillteach deontais de €2.628m ag deireadh 2009.

#### 16. CREIDIÚNAITHE AGUS SPEANSAIS FHABHRAITHE

SUIMEANNA DLITE LAISTIGH D'AON BHLIAIN  
Íocaíochtaí a fuarthas Roimh Ré.

Deontais agus Conarthaí Taighde	8,914	13,731
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn Iarchurtha	306	285
	<b>9,220</b>	<b>14,016</b>
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhráithe	56	111
Deontas Caipitil Stáit	2,373	349
ÍMAT	997	761
ÁSPC	432	522
Cáin Ioncaim Choinnithe	46	37
Creidiúnaithe Eile	114	72
Fabhráithe agus Ioncam Iarchurtha	6,329	5,624
	<b>10,347</b>	<b>7,476</b>
	<b>19,567</b>	<b>21,492</b>

#### 17. DEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA

Iarmhéid Tosaigh	111,665	103,345
Deontais Chaipitil Infhaighte		
Deontas Caipitil Stáit – RO&S	15	5,478
Cionroinnte ó Dheontas Athfhillteach Stáit - ÚAO	961	1,539
Clárúchán	15	81
Taighde, Deontais & Conarthaí	583	6,564
Deontas stáit do mhionobreacha caipitil RO&S	419	445
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha	244	314
Aistriú on gCúlchiste Srianta	-	74
	<b>113,902</b>	<b>117,840</b>
<u>Scaoil d'Ioncam</u>		
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	(5,995)	(6,122)
Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(21)	(53)
<b>Iarmhéid Deiridh</b>	<b>107,886</b>	<b>111,665</b>



	2011 €000	2010 €000
<b>18. CÚLCHISTE SRIANTA</b>		
larmhéid 1 Meán Fómhair	-	(74)
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	-	-
Aistriú go Cuntais Chaipitil	-	74
larmhéid 31 Lúnasa	<u>-</u>	<u>-</u>

#### 19. CÚLCHISTE CAIPITIL FORBARTHA

larmhéid 1 Meán Fómhair	<b>3,100</b>	2,328
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	<b>2,010</b>	2,103
Aistriú go Deontais agus Conarthaí Taighde	-	(730)
Aistriú go Caiteachas – Féinchistiú	<b>(176)</b>	(287)
Aistriú go Cuntas Caipitil	<b>(244)</b>	(314)
larmhéid 31 Lúnasa	<u><b>4,690</b></u>	<u>3,100</u>

Tá an t-aistriú go Cúlchiste de €2.010m comhdhéanta de €632k ó Tháilí Clárúcháin Mic Léinn, €1.280m ó dheontais chaipitil neamh-Stáit, €30k ó Dheontais & Chonarthaí Taighde, €66k ó ús tuillte agus €2k ó shaoráidí spóirt ar cíós.

#### 20. CEANGALTAIS CHAIPITIL A TABHAÍODH ACH NACH BHFUIL SOLÁTHAR DÉANTA DÓIBH

Níl ceangaltais chaipitil ar bith ann ag deireadh na tréimhse.

#### 21. DEONTAIS CHOTHABHÁLA MIC LÉINN

Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí)	<b>4,304</b>	4,918
Íocaíochtaí le Mic Léinn	<b>(3,411)</b>	(3,904)
Íocaíochtaí le Mic Léinn (breisithe)	<b>(893)</b>	(1,014)
Insreabhadh Glan Airgid	-	-
larmhéid Tosaigh	-	-
larmhéid ag an Deireadh	<u>-</u>	<u>-</u>

Déanann an Institiúid íocaíochtaí le mic léinn a phróiseáil i dtaca le deontais chothaithe CSE a chuireann an CGC nó an tÚdarás Áitiúil ábhartha in iúl. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann an cistiú ar fáil do na hÍocaíochtaí sin i dteannta cómhaoiniú a chuireann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) ar fáil. Níl na bearta sin cuimsithe ar leithligh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

#### 22. FOSTAITHE

Ba é meánlíon an lucht foirne a bhí fostaithe ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2011 ná 1,179 (2010: 1,113).

#### 23. FOCHUIDEACHTA

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Limited, i Lúnasa 2004. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €3,276 (2010-€5,478) agus ba é luach na nglansócmhainní ná €41,992 (2010 - €60,206).

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cosmos Education Limited, in Eanáir 2008. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí Cosmos Education Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €314 (2010 caillteanas - €2,516) agus bhí glansócmhainní don bhliain de €14,857 (2010 - €15,738) ann.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Foundation Limited, in Iúil 2007. Tá an Chuideachta díomhaoin agus ní dhearná sí trádáil sa bhliain.

## 24. CEANTÍN AGUS SIOPA NA hINSTITIÚIDE

Oibríonn cuideachta, CIT Student Services Company Limited, ceantín agus siopa na hInstitiúide. Déanann iniúchóirí a cheapann an Chuideachta cuntais an cheaintín agus an tsiopa, nach cuid de chuntais na hInstitiúide iad, a iniúchadh.

Rinneadh an chuideachta a chorprú i mí na Nollag 1994. Roimhe sin bhí an ceantín agus an siopa á mbainistiú ag Coiste de chuid na hInstitiúide. Ghlac an Chuideachta seilbh ar shócmhainní agus ar dhliteanais an cheaintín agus an tsiopa seachas suim de €142,847 atá curtha ar iontaobhas chun dliteanais a chistiú sa todhchaí ag éirí as roinnt conarthaí seirbhíse. Níl taifead ar an gciste, ina raibh €180,910 ar 31 Lúnasa 2008, i gcuntais na hInstitiúide ná i gcuntais na Cuideachta. Le linn na bliana 2009 aistríodh an ciste sin go dtí an Chuideachta agus tá taifead orthu ansin mar Chúlchiste Caipitil áit a bhfuil úsáid an airgid srianta “do chur chun cinn leas na mac léinn trí infheistíocht chaipitil i saoráidí” de réir bhuntearmaí an iontaobhais.

Is mar seo a leanas torthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2011:

	€
Ioncam	3,502,531
Caiteachas (Easnamh)	3,517,195 (14,664)
Glansócmhainní	906,218
Cúlchistí Caipitil	321,669

## 25. INFHEISTÍOCHTAÍ

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tar éis dul i socruithe comhfhiontair le GAC Training and Service Solutions Limited le héifeacht ó 11 Feabhra 2010 agus SEFtec NMCI Offshore Training Limited le héifeacht ó 31 Bealtaine 2010. Tá 25,000 scair ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i ngach cuideachta agus cuimsíonn sé sin 50% den scairshealbhóireacht.

## 26. COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN & CEOLSCOIL CHORCAÍ

Is comhpháirtíocht é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Seirbhísí Muirí na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an Roinn Cosanta. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil NMCI tógtha.

Is comhpháirtíocht í Ceolscoil Chorcaí idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil Ceolscoil Chorcaí tógtha.

Fanann lucht acadúil, teicniúil, riaracháin agus tacaíochta CIT i gCeolscoil Chorcaí agus sa NMCI ina bhfostaithe de chuid CIT.

## 27. TEIDLÍOCHTAÍ INCRIMINTEACHA

Rinneadh éileamh Ard-Chúirte in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí le haghaidh teidlíochtaí incriminteacha líomhanta. Tá an cás seo á chosaint.

## 28. NOCHTADH IDIRBHEART – BAILL DEN BHORD RIALAITHE

Féadfaidh an Institiúid sa ghnáthchúrsa socruithe conartha a dhéanamh le gnóthas ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu ann. Tá glactha ag an Institiúid le gnáthaimh de réir Chód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus tá na gnáthaimh sin comhlíonta ag an Institiúid le linn na bliana.

## 29. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D’fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 5 Iúil, 2012.



# 7. Faisnéis Eile

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí
- 7.2 Cumann na gCéimithe
- 7.3 Pointí Teagmhála

## 7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Tá stádas Uimhir 1 bainte amach in Éirinn uile ag Roinn an Oideachais Leantaigh de chuid CIT do cheithre cinn de na hábhair a scrúdaíodh (Airgeadas, Bainistíocht, Cuntasaíocht Airgeadais agus Cánachas) i dtorthaí scrúdaithe Chuntasóirí Cairte na hÉireann Cap 1.
2. Ar 13 Iúil 2010, chuir an tUachtarán an chéad Fhiontraí Cónaitheach riamh in CIT in aithne. Chuaigh Kieran Moynihan i gceann a phoist i Meán Fómhair 2010. Is cloch mhíle shuntasach é a cheapachán i dtéarmaí Fiontraíocht agus Gníomhaíocht Nuálaíochta CIT agus neartaíonn sé tuilleadh tiomantas CIT don nuálaíocht. Beidh cur le feachtas ar an bhfiontraíocht i gcoitinne ar fud CIT mar dhlúthchuid den ról, príomhthreochtaí agus réimsí an mhargaidh agus na teicneolaíochta a fhaigheann airgeadú suntasach infheistíochta a shaináithint, chomh maith le Sraith Aoiléachtaí d'fhochéimithe.
3. Bhí Aonach Cultúir Arabaigh a d'eagraigh Coláiste Béarla Chorcaí (CEC) ar siúl sa Lárionad Mic Léinn in CIT ar 22 Iúil 2010. Bhí an tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, T.D. i láthair agus chuir sé fáilte roimh ghrúpa mac léinn ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a raibh staidéar á dhéanamh acu ar an mBéarla agus ar Scileanna Ceannaireachta ag CEC.
4. Reáchtáladh comhshimpósiam in UCC agus CIT 'Bridge and Concrete Research in Ireland' ar 2 agus 3 Meán Fómhair 2010. Rinne Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta agus Comhshaoil (UCC) agus Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil (CIT) an ócáid a óstú. Thug nádúr comhoibritheach an tsimpósiam deis do chleachtóirí agus do thaighdeoirí a gcuid saothar taighde ar dhroichid, choíncreit, bhonneagar agus innealtóireacht gheoiteicniúil a chur i láthair agus a phlé. Cuireadh seachtó is a seacht páipéar i láthair le linn an dá lá agus cuireadh gníomhaíocht iarchéime de chuid ocht gcoláiste i láthair.
5. D'óstaigh Scoil Ghnó CIT an chomhdháil bhliantúil de chuid an Irish Academy of Management ar 2 agus 3 Meán Fómhair 2010. D'oscail an tUachtarán an chomhdháil agus chuir fáilte roimh na toscairí go CIT. D'éirigh thar barr leis an gcomhdháil agus thug na toscairí moladh mór don champas, d'fhoireann iarchéime na comhdhála, do láithreán gréasáin na comhdhála, do shaoráidí na comhdhála agus don lónadóireacht.
6. Ar 17 Meán Fómhair 2010, fógraíodh gur ainmníodh CIT ina "Sunday Times Institiúid of Technology of the Year 2010" don dara huair. Fuair sí an gradam céanna cheana in 2006. Tá an gradam bunaithe ar thábla sraithe feidhmíochta sa Sunday Times a dréachtadh as critéir, ar a n-áirítear caighdeán na mac léinn a mheallann an Institiúid, cáilíocht an taighde, torthaí céime bainte amach, coibhneas mac léinn/baill foirne, léibhéil na fostaíochta céime agus rátaí coinnithe mic léinn. Tugadh aitheantas freisin do CIT i ngeall ar aschur mac léinn iarchéime is fearr in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta; seirbhísí feabhsaithe mic léinn leis an

Lárionad nua Rochtana agus Tacaíochta Míchumais chomh maith le bainteacht mhéadaithe leis na healaíona ó osclaíodh an dánlann nua Iárchathrach i nDánlann Ché Wandersford. Aithníodh naisc leathnaithe idirnáisiúnta, amhail an chomhpháirtíocht le hOllscoil Pune, ceann de na hollscoileanna is fearr san India. Ba thoscaí siocracha freisin iad cuntas teiste láidir CIT i dtaighde agus tacú le gnólachtaí tosaithe agus ceapachán duine de na chead "Fhiontraí Cónaitheach" sa tír, Kieran Moynihan, a chuaigh i gceann a ról i Meán Fómhair 2010 ag CIT.

Thug an gradam aitheantas don obair chrua agus don tiomantas a léirigh foireann na hInstitiúide le roinnt blianta anuas. Is suntasáí fós an t-éacht é i bhfianaise na ndúshlán iomadúil airgeadais agus na ndúshlán eile a bhí roimh CIT, earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus roimh an tír ina hiomláine le déanaí. De bhrí go raibh an Institiúid sásta í féin a chur in oiriúint do thimpeallacht a bhíonn ag síorathrú bhí CIT in ann fás agus forbairt leanúnach a bhaint amach a raibh mar thoradh air gur bronnadh an teideal Institiúid Teicneolaíochta na Bliana uirthi den dara huair in imeacht 5 bliana.

7. Ar 20 Meán Fómhair 2010, d'oscail Batt O'Keeffe, T.D., Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta Lárionad NIMBUS do Thaighde ar Chórais Leabaithe de chuid CIT a bhí maoinithe ag PRTL Timthriall 4.
8. Chuir an tUachtarán fáilte roimh an Ollamh Hemant K Abhyankar, Leas-Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta Vishwakarma (VIT) agus roimh an Dr Siddarth, comhordaitheoir Caidrimh Idirnáisiúnta VIT go CIT le Meabhrán Tuisceana a shíniú go hoifigiúil i gcomhair comhoibriú idir CIT agus VIT. Rinneadh an síniú i Lárionad NIMBUS do Thaighde ar Chórais Leabaithe ar 20 Meán Fómhair 2010. I láthair freisin bhí Batt O'Keeffe, T.D., Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta.
9. Bhí Ócáid Taispeántais Tionscail dar teideal "CIT – Your First Class Innovative Partner" (Taispeántas Tionscail – Bia, Bithchógaisíocht, Feistí Leighis) ar siúl ar 21 Meán Fómhair 2010 i Lárionad Nimbus, ar Champas Bhaile an Easpaig CIT. Ba í oifig Thaighde CIT agus an oifig Chaidrimh le Tionscal de chuid na hInstitiúide a d'eagraigh an ócáid.
10. Mar thoradh ar shíniú Mheabhrán Tuisceana idir CIT agus Ollscoil Pune in Aibreán 2008, thug Leas-Seansailéir na hOllscoile, an tOllamh (an Dr) Raghunath Shevaonkar agus Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta, an Dr Vasudha Garde, cuairt ar an Institiúid ó 27 go 29 Meán Fómhair 2010. Tá Ollscoil Pune suite ar 411 acra agus tá 433 coláiste i gcomhcheangal léi agus 232 institiúid aitheanta taighde faoina húdaráis aici. Is é an pobal mic léinn atá ag an ollscoil agus ag na coláistí agus na hinstitiúidí comhcheangail ná thart ar 600,000. Ba é ba chuspóir leis an gcuairt ná comhoibrithe CIT/Ollscoil Pune a neartú

De bharr na gcomhoibrithe sin, socraíodh scóip an Mheabhráin Tuisceana a leathnú le Litir Fhorlíontach. Rinneadh an síniú litreach ag Leas-Seansailéir Ollscoil Pune agus Uachtarán CIT agus Ambasadóir na hIndia



- chun na hÉireann, an tUasal P.S. Raghavan agus Billy Kelleher, T.D. Aire Trádála agus Tráchtála ar siúl ar 27 Meán Fómhair 2010 i láthair.
11. Is Institiúid pháirtneireachta í CIT in dhá thionscadal atá urraithe ag SIF i réimse ginearálta an Teagaisc & na Foghlama, ar a dtugtar an tAcadamh Náisiúnta do Chomhtháthú Taighde, Teagasc & Foghlaim agus an Líonra Foghlama Nuálaíochta. I mbliana, bheartaigh an dá thionscadal comhoibriú agus reáchtáil comhdháil ar an téama "Flexible Learning" i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn ar 6 agus 7 Deireadh Fómhair.
  12. Thug cuairteoirí Síneacha ó Ollscoil Teicneolaíochta Guilin cuairt ar Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 27 Meán Fómhair 2010. Tá an Ollscoil i mbun Roinn Mara a chur ar bun ar a Campas in Beihai agus is mian leo deis a fháil comhoibriú le CIT sa réimse sin.
  13. Bhí Aonach Gairmeacha 2010 ar siúl ar 5 Deireadh Fómhair 2010 i Lárionad Nexus na Mac Léinn. Ghlac breis is daichead cuideachta, áisinteachtaí faisnéise, eagraíochtaí deonacha agus CIT páirt san imeacht. Chuir sí deis ar fáil do mhic léinn, d'fhoireann agus do chéimithe CIT freisin bualadh le hionadaithe ó chuideachtaí ilnáisiúnta agus Éireannacha.
  14. Síníodh Meabhrán Tuisceana idir CIT agus Institiúid lascaireachtaí agus Mara de chuid Ollscoil Memorial, Talamh an Éisc san Institiúid ar 6 Deireadh Fómhair 2010. Aithníonn CIT agus Institiúid na Mara na comhbhuntaistí a thiocfaidh as iarrachtaí comhoibritheacha a bhaineann leis an oideachas, oiliúint agus taighde feidhmeach a chur chun cinn.
  15. Ba í CIT an chéad champas coláiste a sheol pointe Feithicle Leictre (EV) in Éirinn ar 18 Deireadh Fómhair 2010. Céad áit eile í seo do CIT agus leanann sí de bheith ina treoraí i mbainistiú timpeallachta ar an gcampas.
  16. D'oscail an Taoiseach, Brian Cowen T.D. an síneadh le Lárionad Nuálaíochta Rubicon ar 22 Deireadh Fómhair 2010. Le hoscailt an tsínidh seo tá an rian coise iomlán goir ag CIT méadaithe go breis agus 3,000m<sup>2</sup>, rud a chuireann tacáí Fhiontar Éireann ar fáil do 44 cuideachta.
 

Tháinig an rath ar Lárionad Rubicon ag an am céanna leis an rath ar an ngníomhaíocht Fhiontraíochta, go háirithe ag an leibhéal fochéime, agus nuair a bhí mic léinn de chuid CIT sa chúig áit ba airde i nGradaim Mhic léinn Fhiontar Éireann sna cúig bliana seo caite.
  17. D'imigh 120 de 170 comhalta Chór Fleischmann de chuid Ceolscoil Chorcaí CIT ar 23 Deireadh Fómhair 2010 le seachtain a chaitheamh i mbun réamhléirithe agus ceolchoirmeacha sa Ghearmáin agus san Ostair. Thug Cór Fleischmann trí léiriú ceoil le Aloys Fleischmann (Song of the Provinces), le Aloys Fleischmann (Sin) (Aifreann in onóir do Naomh Fionnbarra) agus le Dvorak (Aifreann in D). Ba é an t-orgánaí tionlacain ná James Taylor, Léachtóir le hOrgán agus Staidéar Acadúlacha i gCollscoil Chorcaí CIT agus Orgánaí Cúnta in Ardeaglais Naomh Fionnbarra i gCorcaigh. Ba iad a gcuid léirithe buaicphointí Cheiliúradh Céid Fleischmann – agus ar cheann de na láithreacha bhí Eaglais Jakob in Dachau áit a raibh Aloys Fleischmann (Sin) ina Orgánaí agus ina Mháistir Cóir sular aistrigh sé go dtí an post céanna san Ardeaglais Thuaidh i gCorcaigh – post a líon sé le gradam ó 1906 go 1961.
  18. Ar 27 Deireadh Fómhair 2010, bhí séú searmanas Gradaim na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí ar siúl in áras na Turasóireachta agus an Fháilteachais chun céimithe i dTurasóireacht agus i bhFáilteachas a onóir do 2010. Bronnadh 28 gradam ar fad ar fud na dáimhe. Bunaíodh an ócáid seo chun éachtaí a sármhíc léinn a cheiliúradh agus chun aitheantas a thabhairt do chion chuid mhaith eile a chuidigh leo.
  19. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar 28 Deireadh Fómhair 2010 i gCampas Bhaile an Easpaig. Bhí ceithre sheisiún bronnta ann agus fuair 1,216 réamhchémí a gcuid páir.
  20. Bhí bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Innealtóireachta & Eolaíochta agus Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar siúl ar 29 Deireadh Fómhair 2010 i gCampas Bhaile an Easpaig. Bhí ceithre sheisiún bronnta ann agus fuair 1,265 réamhchémí a gcuid páir.
  21. Síníodh na cáipéisí seo a leanas idir CIT, UCC agus HETAC i gCeolscoil Chorcaí CIT ar 1 Samhain 2010 roimh na Searmanais Bhronnta:
    - Meabhrán Tuisceana idir CIT/UCC/HETAC
    - An Comhaontú Cuibhreannais deiridh idir CIT/UCC chun an CCAE a bhunú agus chun Comhdhámhachtainí in Ailtireacht agus ábhair ghaolmhara a dhéanamh
    - An Comhaontú idir CIT/UCC chun Comhbhord Acadúil ar Chaighdeán a bhunú.
  22. Bhí Bronnadh Céime agus Dámhachtainí Eile de chuid Ceolscoil Chorcaí CIT agus an Lárionad d'Oideachas Ailtireachta ar siúl ar 1 Samhain 2010 i gCeolscoil Chorcaí CIT. Fuair 64 réamhchémí a gcuid páir.
 

Bronnadh an Chomhchém Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Ailtireacht ar an gcéad chohórt mac léinn (28 san iomlán). Is comhdhámhachtainí í seo idir Coláiste Ollscoile Chorcaí, an Chomhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) agus CIT.
  23. Bhí áthas ar Roinn na Meán Cumarsáide, Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT Taispeántas Gradaim Céime de chuid Institiúid Dearthóirí na hÉireann a óstú den chéad uair riamh i nDánlann Ché Wandersford CIT ar 2 Samhain 2010. Sa taispeántas bhí cuid d'obair dearaidh na gcéimithe ba spreagúla in: Amharc-chumarsáid, Ilmhéain, Dearadh Istigh, Dearadh Táirge, Dearadh Teicstíle agus Faisin.
  24. Bhí Lá Eolais bliantúil CIT do Chomhairleoirí Gairmthreorach ar siúl ar 4 Samhain 2010 in Amharclann Léirithe Rory Gallagher, Campas Bhaile

- an Easpaig. Rinneadh láithreoireachtaí éagsúla do na Comhairleoirí Gairmthreorach a tháinig ó gach cearn de Chúige Mumhan faoin gcúrsa nua, forbairti sa todhchaí, chomh maith le pleananna do thodhchaí na hInstitiúide.
25. Bhí Ócáid Lá Oscailte CIT ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT ar siúl ar 20 Samhain 2010. Deis a bhí ann do mhic léinn ionchasacha agus dá dtuismitheoirí raon ollmhór cúrsaí agus saoráidí atá ar fáil a fheiceáil. Rinneadh ionadaíocht do Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann i gCampas Bhaile an Easpaig. Ba iad príomhghnéithe an Lae Oscailte ná: Taispeántas Gairmeacha agus sraith seisiún faisnéise, ceardlanna, taispeántais d'obair na mac léinn agus cuairteanna ar shaotharlanna a bhí ar siúl in áiteanna éagsúla sna ranna éagsúla ar fud na gcampas éagsúil.
  26. D'óstaigh CIT Ócáid Chomhdháil Théamach Erasmus agus Luachshocraithe an ÚAO ar 9 Nollaig 2010. Bhí an imeacht seo ar siúl in éineacht le cruinniú d'Oifigigh Idirnáisiúnta agus Shocrúcháin.
  27. Ar 26 Samhain 2010, shínigh BSL, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus CIT Meabhrán Tuisceana faoina rachaidh 200 printíseach leictreach ar aghaidh trí chéim tríú leibhéal san innealtóireacht. Chuir an chéad rang de 36 tús lena gcúrsa foirmiúil ceithre bliana coláiste i Meán Fómhair 2011. Mar chuid de shraith tionscnamh chun méadú a chur ar líon na gcéimithe san innealtóireacht leictreach, tá BSL tiomnaithe do 50 mac léinn a chistiú trína gcúrsa coláiste ceithre bliana. Faoi láthair tá ganntanas mór céimithe innealtóireachta ag teacht amach as coláistí tríú leibhéal. Tá BSL ag obair i gcomhpháirtíocht le DIT agus CIT ar an gclár radacach seo chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh.
  28. Fuair an Lárionad do Chórais Bhainistíochta don Ard-Déantúsaíocht (CAMMS) maoiniú suntasach mar chuid den chlár Leonardo Da Vinci Soghluaiseachta chun rannpháirtithe Éireannacha oiriúnacha a oileadh sa "Teicneolaíocht do Thithíocht Fhulangach agus d'Fhuinneamh Inbhuanaithe" agus úsáid á baint as tógáil fráma adhmaid (a dtugtar PHASE uirthi). Le linn an chéad dá chuid den chlár seo, déanfar 40 duine as Éirinn atá ag obair sna réimsí tógála nó in innealtóireacht saoráidí maoiniú chun cuairt a thabhairt ar Kompetenz Zentrum Für Halzbau (KOMZET) in Biberach an der Riss, sa Ghearmáin ar feadh clár oiliúna dhá sheachtain.
  29. In eagrán mhí na Nollag 2010 den National Education Magazine, bhí clúdach ag CIT ar an gclúdach tosaigh agus ar leathanach na n-ábhar a léirigh Xiao Fang Zhang Uas. Buaiteoir Eorpach Nuálaíochta CIT 2010. Istigh ann freisin bhí gné-alt speisialta léirithe de cheithre leathanach dar teideal "Engineering New Era – Why Engineering Students are Spearheading a New Era in International/National Achievement in Design, Innovation and Entrepreneurship".
  30. Ba í Ceolscoil Chorcaí CIT an láthair le haghaidh léachta saor in aisce a thug an tOllamh Cuairte, an tOllamh Greg Boyer ar an topaic "Blooms like it Hot – how global climate change could impact your drinking water". Bhí sé sin ar siúl ar 9 Nollaig 2010. Is taighdeoir den scoth agus sealbhóir Chomhaltacht ardchlú Walton Fhúndúireacht Eolaíochta na hEorpa é an tOllamh Boyer atá ar thréimhse ocht mí taighde ar Bhiotacsain Mhuirí i Roinn na Ceimice CIT.
  31. Seoladh cuideachta nua chomhfhiontair Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann "SEFtec NMCI Offshore" ar 17 Nollaig 2010 agus ba é Batt O'Keeffe, T.D., Aire Fiontair, Trádála & Nuálaíochta a rinne an seoladh. Is eiseamláir mhaith é an frontar seo ar conas bonneagar poiblí úrscotochach a thabhairt le chéile, i bhfoirm ceann de na coláistí muirí is fearr ar domhan, le saineolas príobháideach fiontair ní amháin i dtraenáil ar farraige, ach i ndearadh, monarú, suiteáil, coimisiúnú agus chothabháil ionsamhlóirí traenála don tionscal domhanda muirí.
  32. Ar 14 Eanáir 2011, d'óstaigh CIT CERC: an chéad Chomhdháil Taighde Eorpach Chomhoibrítheach, a tionscnaíodh chun taighde a chothú thar gach disciplín laistigh de thaighde tríú leibhéal agus institiúidí oideachais san Eoraip. Bhí an chomhdháil ar siúl ag Caisleán na Carraige Duibhe CIT.
  33. D'óstaigh Scoil Ghnó CIT 42 mac léinn agus 12 baill foirne ó thíortha éagsúla Eorpacha a bhí ag glacadh páirte i nDianchlár Erasmus "I dTreo na Fiontraíochta Cruthaithí". Bhí an Clár ar siúl ó 22 Eanáir go 2 Feabhra 2011 i gCeolscoil Chorcaí CIT agus i Lárionad Rubicon de chuid CIT d'fhonn géire intinne agus fios ar an bhfiontraíocht a chur chun cinn i measc mac léinn a bhfuil rún acu dul le gairmeacha sna tionscail chruthaitheacha.
  34. Cuireadh tús leis an gcéad chúrsa TRAINENERGY agus é maoinithe ag Intelligent Energy Europe agus páirtnéirí ann as Éirinn, An RA, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Spáinn agus An Danmhairg ag CIT ar 3 Márta 2011. Tá mar aidhm ag an gcúrsa cúrsaí éifeachtachta fuinnimh agus fuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn i measc lucht ceirde san earnáil togála. Rinne beirt léachtóirí de chuid CIT as dámh na hInnealtóireachta & Eolaíochta an t-ábhar oiliúna go léir agus aistríodh é isteach i dteangacha na bpáirtnéirí eile d'fhonn 300 den lucht ceirde sna tíortha páirtnéireachta a oileadh.
  35. Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl san Institiúid gníomhaíochtaí CIT agus an dul chun cinn i réimsí na Fiontraíochta agus na Nuálaíochta a cheiliúradh agus a chur ar taispeáint agus chuimsigh sí Duais CIT don Nuálaíocht chomh maith le seimineáir, ceardlanna agus imeachtaí eile d'fhiontraíochta óga agus ionchasacha.
  36. Bronnadh comh-chomhordú chlár oiliúna iarchéime ardteicneolaíochta AE ar CIT, UCC agus Institiúid Náisiúnta Tyndall. Seoladh an clár €4.8m, "Postgraduate Research in Phototonics as an enabling Technology

- (PROPHET)" ar 10 Márta 2011 ag Dánlann na Carraige Duibhe CIT agus 15 pháirtnéir Eorpacha acadúla agus tionscail ann.
37. D'ostaigh an Institiúid cuairt ó Choláistí Ontario, comhlacht Ceanadach a dhéanann ionadaíocht do 24 Coláiste Ealaíon Feidhmeach agus Teicneolaíochta ar 6 agus 7 Aibreán 2011. Rinneadh comhoibrigh fheideartha a phlé.
38. Cuireadh tús leis an dá chúrsa saor in aisce seo a leanas do phrintísigh dhífhostaithe ar 11 Aibreán 2011:
- Cúrsa Teastais 12 sheachtain i Scileanna Ceirde Inaistrithe; tá gach printíseach dífhostaithe a bhfuil Céimeanna 1 go 6 dá bprintíseacht curtha i gcrích acu i dteideal cur isteach ai
  - Cúrsa Athnuachana 4 seachtaine do phrintísigh Chéim 4 i gCarpantóireacht, Siúinéireacht agus Pluiméireacht ar mhian leo a gcuid measúnuithe go léir nó cuid díobh a thógáil arís
- Reáchtáladh na cúrsaí i gcomhar le Dámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta.
39. Bhí an 25ú Taispeántas Bliantúil Chorcaí de chuid na hInnealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bithleighis ar siúl i Lárionad Nexus na Mac Léinn ar 14 Aibreán 2011. Sa Taispeántas a raibh mar théama aige "Innealtóireacht Bithleighis – Innealtóirí na Todhchaí ag Cuidiú leis an gCine Daonna" bhí 180 tionscadal agus bhí tionscadal Mark Quigley, an Fochéimí ab Fhearr ag an gComórtas Idirnáisiúnta Innealtóireachta Bithleighis i Londain, ann freisin.
40. Bhí Ócáid Chuimhneacháin John Philip Holland ar siúl i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 7 Bealtaine 2011. Thug an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, T.D. an t-aitheasc fáiltithe. Ba é John Philip Holland aireagóir agus dearthóir an chéad fhomhuireáin i gcabhlach Mheiriceá, na Breataine, na Seapáine agus na hÍsiltíre. Chuidigh an Institiúid le Coiste Stiúrtha Comóradh an Dá Chéad de chuid na Mainistreach Thuaidh san ócáid seo.
41. D'fhógair an National Space Centre Ltd i gcomhar le CIT pleananna do Radaiteileascóp Domhan-Spáis ag Talamhtheirmínéil Bhaile an Eileafortaigh, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí ar 9 Bealtaine 2011. Bhí Seán Sherlock, T.D., Aire Stáit le Taighde agus Nuálaíocht mar shainfhreagracht aige (Ranna Fiontair, Trádála & Nuálaíochta agus Oideachais & Scileanna) i láthair nuair a fógraíodh é.
42. Thug an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta, Alan Shatter, T.D. cuairt ar Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 9 Bealtaine 2011. Ba chuid de chuairt fhoriomlán a chuairt ar an mBunáit Chabhlaigh a bhí eagraithe ag Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann.
43. Bhí d'onóir ag an Institiúid cuidiú le hachainí ón Roinn Gnóthaí Eachtracha Ceolscoil Chorcaí CIT a úsáid mar Lárionad na Meán le haghaidh chuairt Bhanríon Shasana ar 20 Bealtaine 2011. Deis iontach a bhí ann Ceolscoil Chorcaí CIT a thaispeáint do mheáin an domhain agus dul i gcion go mór orthu le linn a gcuarite ar Chorcaigh.
44. Tar éis achainí ó Sheán Sherlock, T.D., Aire Stáit le Taighde agus Nuálaíocht mar shainfhreagracht aige (Ranna Fiontair, Trádála & Nuálaíochta agus Oideachais & Scileanna) thug sé cuairt ar an Institiúid ar 26 Bealtaine 2011.
45. Sheol Ruairí Quinn, T.D., Aire Oideachais agus Scileanna cláir Néalríomhaireachta Leibhéal 8 agus Leibhéal 9 CIT/EMC i mBaile Átha Cliath ar 31 Bealtaine 2011. Is ceannaire domhanda é EMC Corporation i réitigh faisnéise bonneagair agus chuaigh i bpáirtíocht le CIT chun na chéad chláir céimeanna Máistir agus Fochéimíear domhan a fhorbairt i Néalríomhaireacht. Chloch mhíle mhór é seo do EMC agus do CIT araon.
46. Osclaíodh Taispeántas Céimithe Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, Roinn na Meán Cumarsáide dar teideal "CODA" ar 10 Meitheamh 2011 agus bhí sé ar siúl go dtí 15 Meitheamh i nDánlann Ché Wandesford CIT. Cuireadh tionscadail na bliana deiridh ó chéimithe BA in Amharc-ealaíona agus an BA in Ilmheáin ar taispeáint. Taispeánadh an raon scileanna ba ghá dóibh le linn a gcuid staidéir in CIT, amhail dearadh grafaiceach, dearadh gréasáin, léiriú scannán, beochan agus suiteálacha idirghníomhacha.
47. Reáchtáil CIT seisiúin ar an Teicneolaíocht Chuiditheach le haghaidh daltaí meánscoile ó 13 go 17 Meitheamh 2011 sa tSeirbhís nua don Teicneolaíocht Chuiditheach i Lárionad Nexus na Mac Léinn. Reáchtáladh na seisiúin mar chuid de Pathways to Education ar comhthionscnamh rochtana é ag CIT agus UCC.
48. Fuair 51 mac léinn a gcuid pár ag Bronnadh Bliantúil Samhraidh Céimeanna agus Ardteastas a bhí ar siúl ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar Meitheamh 2011.
49. Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, T.D. Bob Savage Uas., Leas-Uachtarán agus Stiúrthóir Bainistíochta EMC2 mar Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe CIT le héifeacht ó 29 Iúil 2011 ar feadh tréimhse cúig bliana.



## 7.2 Cumann na gCéimithe CIT (CITAA)

Cuireann Cumann na gCéimithe (Alumni Association) (CITAA) ar chumas céimithe dlúth-theagmháil a choinneáil leis an alma mater agus lena gcomh-chéimithe agus leas a bhaint as raon leathan buntáistí agus seirbhísí. Tá dílseacht, tacaíocht agus bainteacht chéimithe leis an Institiúid ríthábhachtach chun rath CIT sa todhchaí a chinntiú agus geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann á sheachadadh aici. Tá thart ar 17,000 ball ag CITAA. Coinníonn an bunachar sonraí eolais faoi chéimithe as gach campas, ag gach leibhéal agus as gach disciplín.

Tá na líonraí ar líne seo a leanas curtha ar bun anois:

- "CIT Alumni Association Facebook"
- "CIT Alumni LinkedIn" or <http://ie.linkedin.com/in/citaa>
- "CIT Alumni Twitter" or <https://twitter.com/CITAlumni>

Cuireann forbairtí nua sa teicneolaíocht ar a gcumas do chéimithe caidreamh a dhéanamh le CIT agus lena n-iarpháirtithe ranga. Cuidíonn cruthú na bhfóram sóisialta agus gairmiúil amhail Facebook agus LinkedIn le céimithe athnascadh le CIT agus lena chéile.

Scaiptear an iris Learning City uair sa bhliain ar na céimithe go léir atá cláraithe agus diríonn rannóg Chumann Céimithe CIT (CITAA) ar nuacht na gcéimithe agus ar na forbairtí is déanaí san eagraíocht.

Faigheann céimithe cláraithe a bhfuil a seoltaí reatha againn R-Nuacht go míosúil ón gCumann. Déantar céimithe a spreagadh chun a sonraí teagmhála a choinneáil cothrom le dáta trí rphost, láithreán gréasáin, suíomhanna líonraithe sóisialta nó teagmháil dhíreach leis an CITAA.

Cuireann CIT ballraíocht ar fáil saor in aisce do gach céimí i gCumann Céimithe CIT (CITAA). Tá raon leathan buntáistí, seirbhísí agus imeachtaí ar fáil ag baill chláráithe.

Cuimsíonn Coiste Chumann na gCéimithe céimithe agus baill foirne atá tiomnaithe do fhreastal ar Choiste an CITAA chun comhairle a chur ar an gCumann agus ar an Institiúid maidir le conas is fearr caidreamh a dhéanamh lenár gCéimithe agus chun an Cumann a fhorbairt tuilleadh.

### Seoladh Cárta Leabharlainne Alumni CIT

Sheol Cumann Alumni CIT Cárta nua Leabharlainne Alumni CIT a thugann rochtain do chéimithe ar leabharlann CIT, ar shaoráidí féin-seirbhíse fótachóipeála trí mheán breisithe agus PCanna sa leabharlann ag CIT. Tá an cárta ar fáil anois do gach céimí CIT atá cláraithe agus teidlíocht do chéimithe ceithre mhír a thógáil ar iasacht ó na príomhchatagóirí iasachta sa leabharlann.

### Imeachtaí 2010/2011

- Training on Raiser's Edge, 5 Deireadh Fómhair 2010
- Gradaim Alumni CIT, 7 Deireadh Fómhair 2010
- Athaontú 25 Bliain Innealtóireachta Ceimice, 23 Deireadh Fómhair 2010
- Cóisir na Bliana Nua Alumni na hÉireann, Londain, 20 Eanáir 2011
- Athaontú Rang Innealtóireachta Meicniúla 1996, 12 Márta 2011
- Clasaic Ghailf Alumni CIT, 15 Aibreán 2011

## 7.3 Pointí Teagmhála

### INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: [www.cit.ie](http://www.cit.ie)

#### CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

**Seoladh**

Baile an Easpaig, Corcaigh

**Teileafón**

(021) 4326100

**Facs**

(021) 4545343

#### CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

**Seoladh**

Cé an hAontachta, Corcaigh

**Teileafón**

(021) 4270076

**Facs**

(021) 4276595

#### COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

**Seoladh**

Sráid Sharman Crawford, Corcaigh

**Teileafón**

(021) 4966777

**Facs**

(021) 4962267

#### COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN

**Seoladh**

Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí

**Teileafón**

(021) 4970600

**Facs**

(021) 4970601

**Gréasán**

[www.nmci.ie](http://www.nmci.ie)



Foilsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,  
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.  
©Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Márta 2013

**Tiomsaithe ag Lucht Foirne Oifig an Uachtaráin**

**Tabhair faoi deara:**

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid freagracht as aon dliteanas i ngeall ar earráid ar bith atá ann.

**Dearadh agus Leagan Amach**

Raven Design, Cork

**Aistritheoir**

Niall Ó Murchadha

